# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 355

Imleabhar 65

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

16 Meán Fómhair 2022


Clár


II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 355/01 Fógra ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na gcóras bainistíochta um shábháilteacht bia lena gcumhdaítear Dea-Chleachtais Sláinteachais agus nósanna imeachta atá bunaithe ar phrionsabail HACCP, lena n-áirítear éascú/solúbthacht an chur chun feidhme i ngnólachtaí bia áirithe ..................... 1


GA

II

*(Faisnéis)*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

**maidir le cur chun feidhme na gcóras bainistíochta um shábháilteacht bia lena gcumhdaítear Dea-Chleachtais Sláinteachais agus nósanna imeachta atá bunaithe ar phrionsabail HACCP, lena n-áirítear éascú/solúbthacht an chur chun feidhme i ngnólachtaí bia áirithe**

(2022/C 355/01)

CLÁR NA N-ÁBHAR

*Leathanach*

1. Réamhrá ..... 2
2. Cuspóir agus Raon Feidhme ..... 2
3. Sainmhínithe ..... 3
4. Reachtaíocht ..... 4
4.1. GHP ..... 4
4.2. Nósanna imeachta bunaithe ar HACCP ..... 4
4.3. Oibleagáidí dlíthiúla eile laistigh de FSMS ..... 5
5. An gaol idir FSMS, PRP, GHP, OPRP agus HACCP, agus le caighdeáin idirnáisiúnta ..... 5
6. Solúbthacht i gcur i bhfeidhm GHP agus HACCP ..... 7
7. Treoirleabhair maidir le dea-chleachtas sláinteachais agus nósanna imeachta atá bunaithe ar HACCP ..... 7
7.1. Treoirleabhair náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 8) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ..... 7
7.2. Treoirleabhair de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 9)de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ..... 8
8. Oiliúint ..... 8

## 1. RÉAMHRÁ

In 2016, ghlac an Coimisiún Fógra an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na gcóras bainistíochta um shábháilteacht bia lena gcumhdaítear cláir réamhriachtanais (PRP) agus nósanna imeachta bunaithe ar phrionsabail HACCP, lena n-áirítear éascú/solúbthacht an chur chun feidhme i ngnólachtaí bia áirithe ([1]) ("Fógra 2016"). Cuireadh treoir ar fáil i bhFógra 2016 mar obair leantach ar an "Tuarascáil Forléargais ar Staid Chur Chun Feidhme HACCP san Aontas agus i Réimsí le Feabhsú" a d'ullmhaigh iar-Oifig Bia agus Tréidliachta Ard-Stiúrthóireacht Sláinte agus Sábháilteachta Bia an Choimisiúin tar éis roinnt misean aimsithe fíoras. Roimh Fhógra 2016, rinneadh comhairliúchán cuimsitheach leis na Ballstáit agus le Páirtithe Leasmhara.

Ó bhí 2016 ann, rinneadh roinnt athbhreithnithe ar an reachtaíocht ábhartha (e.g. rialú ailléirginí agus cultúr sábháilteachta bia a thabhairt isteach mar cheanglais i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ([2]) le Rialachán (AE) 2021/382 ([3]) agus caighdeáin idirnáisiúnta (e.g. an t-athbhreithniú ar ISO 22000 ([4]) agus ar Phrionsabail Codex Alimentarius um Shláinteachas Bia ([5]), agus glacadh an Chóid Cleachtais Codex Alimentarius maidir le Bainistiú ailléirginí Bia d'Oibreoirí Gnólachtaí Bia ([6])). D'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) ([7]) roinnt tuairimí eolaíocha ábhartha agus fuarthas tuilleadh taithí freisin ó chur chun feidhme praiticiúil na moltaí.

Measadh, dá bhrí sin, go raibh athbhreithniú ar Fhógra 2016 oiriúnach.

Agus an t-athbhreithniú sin á ullmhú aige, thionóil an Coimisiún sraith cruinnithe le saineolaithe ó na Ballstáit chun na saincheisteanna sin a scrúdú agus teacht ar chomhaontú fúthu. Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle leis an mBord Comhairleach ar an mBiashlabhra.

## 2. CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

Is é is cuspóir don treoir seo cur chun feidhme cheanglais an Aontais maidir le Dea-Chleachtais Sláinteachais (GHP) agus nósanna imeachta atá bunaithe ar phrionsabail na hAnailíse Guaise agus na bPointí Rialúcháin Criticiúla (nósanna imeachta atá bunaithe ar HACCP) a éascú agus a chomhchuibhiú mar chodanna de Chórais Bhainistíochta um Shábháilteacht Bia (FSMS) trí threoraíocht phraiticiúil a chur ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas:

— an reachtaíocht ábhartha, an nasc idir an GHP, na cláir réamhriachtanais (PRP), na cláir réamhriachtanais oibríochtúla (OPRP) agus nósanna imeachta atá bunaithe ar HACCP laistigh de FSMS, an caidreamh le caighdeáin idirnáisiúnta agus oiliúint agus treoirleabhair maidir le dea-chleachtais sláinteachais a úsáid;

— cur chun feidhme GHP lena n-áirítear an tsolúbthacht dá bhforáiltear le reachtaíocht an Aontais i ndáil le bunaíochtaí áirithe bia maidir lena gcur chun feidhme (Iarscríbhinn I)

— nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a chur chun feidhme, lena n-áirítear an tsolúbthacht dá bhforáiltear le reachtaíocht an Aontais i ndáil le bunaíochtaí bia áirithe maidir lena gcur chun feidhme (Iarscríbhinn II)

— iniúchadh ar FSMS (Iarscríbhinn III).

Tugtar aird mhór ar an tsolúbthacht dá bhforáiltear i gcur i bhfeidhm an GHP agus na nósanna imeachta atá bunaithe ar phrionsabail HACCP, agus cineál na gníomhaíochta agus méid na bunaíochta á gcur san áireamh.

Tagann an Fógra seo ón gCoimisiún in ionad Fhógra 2016.

Níl an treoir seo ceangailteach ó thaobh dlí de i gcodarsnacht leis na ceanglais dhlíthiúla dá dtagraítear i Roinn 4. Cuireann an treoraíocht seo uirlisí nó samplaí ar fáil do gach oibreoir gnólachta bia maidir leis an gcaoi le ceanglais an Aontais a chur chun feidhme agus féadfar iad a fhorlíonadh le treoraíocht ar an leibhéal earnála agus náisiúnta a bheidh infheidhme go díreach i mbunaíochtaí ar leith. Tá sé dírithe ar na húdaráis inniúla comhthuiscint ar cheanglais dhlíthiúla a chur chun cinn agus ar oibreoirí gnólachtaí bia cuidiú le ceanglais an Aontais a chur chun feidhme tar éis oiriúnuithe atá sonrach ó thaobh gnó de a bhunú agus gan dochar don phríomhfhreagracht atá orthu maidir le cúrsaí sábháilteachta bia.

([1]) IO C 278, 30.7.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1)

([3]) Rialachán (AE) 2021/382 ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sláinteachas earraí bia a mhéid a bhaineann le bainistiú ailléirginí bia, le hathdháileadh bia agus le cultúr sábháilteachta bia (IO L 74, 4.3.2021, lch. 3)

([4]) ISO 22000:2018 Córais bhainistíochta um shábháilteacht bia – Ceanglais le haghaidh aon eagraíocht sa bhiashlabhra (https://www.iso.org/standard/65464.html )

([5]) CXC 1-1969

([6]) CXC 80-2020

([7]) *Hazard analysis approaches for certain small retail establishments in view of the application of their food safety management systems* [Cuir chuige na hanailíse guaise le haghaidh bunaíochtaí miondíola beaga áirithe ag féachaint do chur i bhfeidhm a gcóras bainistíochta um shábháilteacht bia] (*EFSA Journal 2017* [Iris EFSA 2017];15(3):4697) agus *Hazard analysis approaches for certain small retail establishments and food donations: second scientific opinion* [Cuir chuige na hanailíse guaise le haghaidh bunaíochtaí miondíola beaga áirithe agus deonacháin bia: an dara tuairim eolaíocht] (*EFSA Journal 2018* [Iris EFSA 2018];16(11):5432)

3. **SAINMHÍNITHE**

— **Leibhéal inghlactha:** Leibhéal guaise i mbia ag a meastar nó faoina bhun a mheastar an bia a bheith sábháilte de réir na húsáide atá beartaithe dó.

— **Beart Rialaithe:** Aon ghníomh nó gníomhaíocht is féidir a úsáid chun guais a chosc nó a dhíothú nó chun í a laghdú go leibhéal inghlactha ([8]).

— **Gníomhaíocht cheartaitheach:** Aon ghníomh a dhéantar nuair a bhíonn diall ann chun diúscairt an táirge dá ndéantar difear a athbhunú, a leithscaradh agus a chinneadh, más ann do dhiúscairt agus chun nach mbeidh an diall ann arís nó chun nach mbeidh sé ann ach a laghad is féidir[8].

— **Pointe (nó pointí) rialúcháin criticiúla (CCP):** Céim inar féidir rialú a chur i bhfeidhm agus atá riachtanach chun guais sábháilteachta bia a chosc nó a dhíothú nó chun í a laghdú go dtí leibhéal inghlactha. Formhór na CCPanna a úsáidtear chun guaiseacha micribhitheolaíocha a rialú, is ceanglais teochta iad e.g. na dálaí ama/teochta chun guais a laghdú nó a dhíothú (e.g. paistéaradh). Le CCPanna eile, is féidir go mbeifear ag seiceáil an ann do mhicrealoit i mbia stánaithe, an ann do ghuaiseacha fisiceacha trí chíoradh nó trí mhiotal a bhrath nó ag seiceáil am/teocht ola friochta chun éilleáin próisis cheimicigh a sheachaint.

— **Teorainn chriticiúil:** Critéar, inbhraite nó intomhaiste, a bhaineann le beart rialaithe ag CCP a dhealaíonn inghlacthacht ó dho-ghlacthacht an bhia[8]. Sna samplaí de CCPanna thuas, baineann siad faoi seach leis an íosteocht (laghdú/díothú guaise) agus leis an éilliú (ar dócha é a bheith ann).

— **Córas Bainistíochta um Shábháilteacht Bia (CBSB):** Cláir réamhriachtanais, a fhorlíontar le bearta rialaithe ag CCP, de réir mar is iomchuí, lena n-áirithítear, nuair a thógtar ina n-iomláine iad, go bhfuil bia sábháilte agus oiriúnach don úsáid atá beartaithe dó[8]. Is é an FSMS freisin an meascán de bhearta rialaithe agus gníomhaíochtaí dearbhaithe. Tá sé d'aidhm ag na bearta agus gníomhaíochtaí sin fianaise a chur ar fáil go bhfuil na bearta rialaithe ag feidhmiú i gceart, bearta amhail bailíochtú agus fíorú, doiciméadú agus coimeád taifead.

— **Dea-Chleachtais Sláinteachais (GHP):** Bearta agus coinníollacha bunúsacha a chuirtear i bhfeidhm ag céim ar bith laistigh den bhiashlabhra chun bia sábháilte oiriúnach a chur ar fáil[8]. Ina theannta sin, áirítear ar na GHPanna dea-chleachtas monaraíochta nó dea-chleachtais mhonaraíochta (GMP, béim a leagan ar mhodheolaíochtaí oibre cearta e.g. dáileogacht cheart comhábhar, teocht chuí phróiseála, seiceálacha a dhéanamh go bhfuil pacáistí glan agus nach bhfuil damáiste déanta dóibh), dea-chleachtas nó dea-chleachtais táirgthe (GAP, e.g. úsáid uisce de cháilíocht iomchuí le haghaidh uisciúcháin, córas "go hiomlán lán/go hiomlán folamh" i dtógáil ainmhithe), dea-chleachtas nó dea-chleachtas tréidlianna (GVP), dea-chleachtas nó dea-chleachtais táirgthe (GPP), dea-chleachtas nó dea-chleachtais dáileacháin (GDP) agus dea-chleachtas nó dea-chleachtais trádála (GTP).

— **Plean GHP:** Doiciméadacht agus taifid, lena soláthraítear agus lena dtugtar bonn cirt don GHP a cuireadh i bhfeidhm, chomh maith le taifid ar na gníomhaíochtaí faireacháin, fíorúcháin agus ceartaitheacha, más infheidhme, atá ar fáil in aon fhormáid. Is féidir an plean GHP a chomhtháthú sa phlean HACCP.

— **Guais:** Oibreán bitheolaíoch (e.g. *Salmonella*), ceimiceach (e.g. dé-ocsain, ailléirginí) nó fisiceach (e.g. réada crua, géara eachtracha amhail píosaí gloine, miotail) i mbia a bhféadfadh éifeacht dhíobhálach sláinte a bheith acu[8].

— **Anailís ghuaise:** An próiseas ina mbailítear agus ina ndéantar meastóireacht ar fhaisnéis maidir le guaiseacha a shainaithnítear in amhábhair agus i gcomhábhair eile, sa chomhshaol, sa phróiseas nó sa bhia, agus na coinníollacha ina dtagann siad chun cinn chun a chinneadh an guaiseacha suntasacha iad seo nó nach ea[8].

— **Nósanna imeachta bunaithe ar HACCP nó "HACCP":** Nósanna imeachta atá bunaithe ar phrionsabail na hanailíse guaise agus na bpointí rialúcháin criticiúla (HACCP) i.e. córas féinseiceála lena sainaithnítear agus lena rialaítear guaiseacha atá suntasach ó thaobh sábháilteacht bia de agus atá comhsheasmhach le prionsabail HACCP, agus lena ndéantar meastóireacht orthu.

— **Plean HACCP:** Doiciméadacht nó sraith doiciméad, arna n-ullmhú i gcomhréir le prionsabail HACCP chun rialú ar ghuaiseacha suntasacha sa ghnólacht bia a áirithiú[8], agus iad ar fáil in aon fhormáid. Tabharfar an plean tosaigh HACCP cothrom le dáta má thagann athruithe ar an táirgeadh agus ní mór é a fhorlíonadh le taifid ó thorthaí an fhaireacháin agus an fhíoraithe, agus ó ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh.

— **Faireachán:** Seicheamh pleanáilte breathnóireachta nó tomhas a dhéanamh ar na paraiméadair rialaithe chun a mheas an bhfuil beart rialaithe faoi rialú[8].

([8]) CXC 1-1969, Rev. 2020

— **Clár nó cláir réamhriachtanais oibríochtúla (OPRP):** beart rialaithe nó meascán de bhearta rialaithe arna gcur i bhfeidhm chun guais shuntasach sábháilteachta bia a chosc nó a laghdú go dtí leibhéal inghlactha agus i gcás ina gcumasófar rialú éifeachtach ar an bpróiseas agus/nó ar an táirge le critéar gníomhaíochta agus tomhas nó breathnóireacht. De ghnáth, bíonn siad nasctha leis an bpróiseas táirgthe agus sainaithnítear iad tríd an anailís ghuaise mar bhunriachtanas, chun rialú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtabharfar isteach, go mairfidh agus/nó go leathnófar guaiseacha sábháilteachta bia sa táirge nó sna táirgí nó sa timpeallacht phróiseála.

— **Clár nó cláir réamhriachtanais (PRP)**: Cleachtais agus coinníollacha coisctheacha lena n-áirítear gach GHP, chomh maith le cleachtais agus nósanna imeachta eile amhail oiliúint agus inrianaitheacht, lena mbunaítear na bunchoinníollacha comhshaoil agus oibriúcháin lena leagtar síos an bonn chun nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a chur chun feidhme ([9]). Féach freisin Roinn 5.

— **Riosca:** rud a chiallaíonn feidhm na dóchúlachta go mbeadh éifeacht dhíobhálach ar an tsláinte agus déine na héifeachta sin, de dhroim guaise ([10]).

— **Guais shuntasach:** Guais a shainaithnítear trí anailís ghuaise, ar guais í ar dócha go réasúnta go dtiocfaidh sí chun cinn ag leibhéal do-ghlactha d'uireasa rialaithe, agus a bhfuil rialú fíor-riachtanach ina leith i bhfianaise na húsáide atá beartaithe don bhia[8].

— **Bailíochtú**: Fianaise a fháil maidir le beart rialaithe nó meascán de bhearta rialaithe, má chuirtear chun feidhme i gceart iad sna nósanna imeachta atá bunaithe ar HACCP agus ag an OPRP, go bhfuil an beart nó na bearta sin in ann an ghuais a rialú sa chaoi go mbainfear toradh sonraithe amach. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathbhailíochtú i gcás athruithe[9]. Tá samplaí mionsonraithe le fáil in CAC/GL 69-2008.

— **Fíorú:** Modhanna, nósanna imeachta, tástálacha agus meastóireachtaí eile, chomh maith le faireachán, a chur i bhfeidhm chun a chinneadh an bhfuil beart rialaithe ag feidhmiú mar atá beartaithe faoi láthair nó san am atá thart[8]. Déantar fíorú go tréimhsiúil chun a léiriú go bhfuil córas HACCP agus bainistiú an OPRP ag feidhmiú mar atá beartaithe.

## 4. **REACHTAÍOCHT**

### 4.1. **GHP**

Ceanglaítear le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 go gcomhlíonfaidh oibreoirí gnólachtaí bia (FBOanna) na ceanglais ghinearálta sláinteachais a shonraítear in Iarscríbhinn I maidir le táirgeadh príomhúil agus lena oibríochtaí gaolmhara agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis le haghaidh céimeanna eile den slabhra táirgthe bia. Déantar iad a fhorlíonadh le ceanglais shonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ([11]).

### 4.2. **Nósanna imeachta bunaithe ar HACCP**

Ceanglaítear le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ar FBOanna nós imeachta nó nósanna imeachta buana a chur ar bun, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun bunaithe ar phrionsabail HACCP. Meastar go ginearálta gur córas seiceála úsáideach iad prionsabail HACCP d'oibreoirí gnólachtaí bia chun guaiseacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i mbia a rialú.

Eisiatar go soiléir le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 táirgeadh príomhúil agus oibríochtaí gaolmhara ón gceanglas maidir le nósanna imeachta atá bunaithe ar HACCP. Mar sin féin, iarrtar ar na Ballstáit, leis an Rialachán sin, oibreoirí a spreagadh ar leibhéal an táirgthe phríomhúil chun na prionsabail sin a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir (féach an sampla deireanach de GHP óna dteastaíonn aird níos mó i Roinn 5).

Ag céimeanna eile den bhiashlabhra, aithnítear i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 nach féidir, i ngnólachtaí áirithe bia, pointí rialúcháin criticiúla a shainaithint agus, i gcásanna áirithe, gur leor GHPanna chun na guaiseacha a rialú. Sa breis air sin, ní mór an ceanglas maidir le doiciméid a choimeád a bheith solúbtha chun ualaí míchuí ar ghnólachtaí an-bheag a sheachaint. An oibleagáid, a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, nach mór d'oibreoirí gnólachtaí bia nós imeachta nó nósanna imeachta buana a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun bunaithe ar phrionsabail HACCP, is oibleagáid í chun anailís ghuaise a dhéanamh agus a mheas an féidir pointí rialúcháin criticiúla a shainaithint, arb iad an chéad dá phrionsabal HACCP (ar bhealach simplithe ar a laghad nó bunaithe ar threoirleabhar). I gcás nach sainaithnítear pointí rialúcháin criticiúla ná OPRP, d'fhéadfaí teacht ar an gconclúid gur leor na GHPanna. Ní chuirtear as an áireamh leis sin an gá atá le faireachán, bailíochtú agus fíorú a dhéanamh ar GHP áirithe.

([9]) Rud a oiriúnaíodh beagán ón sainmhíniú in CXC 1-1969, Rev. 2020.

([10]) Airteagal 3(9) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus lámhleabhar nós imeachta an Choimisiúin Codex Alimentarius.

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

### 4.3. **Oibleagáidí dlíthiúla eile laistigh de FSMS**

Leagtar síos roinnt prionsabal agus ceanglas sainordaitheach eile laistigh de FSMS i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ([12]): cur chuige na hanailíse riosca, prionsabal réamhchúraim, trédhearcacht/cumarsáid, príomhfhreagracht FBOnna, inrianaitheacht agus nósanna imeachta um tharraingt siar/aisghairm. D'fhéadfaí ceanglais níos mionsonraithe a leagan síos amhail Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 931/2011 ón gCoimisiún ([13]) maidir le hinrianaitheacht i mbia de bhunadh ainmhíoch.

Ní thugtar tuilleadh aghaidhe ar na prionsabail ná ar na ceanglais sin san Fhógra seo ón gCoimisiún ach is féidir treoir a fháil ag https://ec.europa.eu/food/horizontal-topics/general-food-law/food-law-general-requirements_en .

## 5. **AN GAOL IDIR FSMS, PRP, GHP, OPRP AGUS HACCP, AGUS LE CAIGHDEÁIN IDIRNÁISIÚNTA**

Is córas iomlánaíoch é FSMS ([14]) de ghníomhaíochtaí coisctheacha, ullmhachta ([15]) agus féinseiceála chun sábháilteacht bia a bhainistiú, lena n-áirítear sláinteachas bia, i ngnólacht bia. Ba cheart breathnú ar FSMS mar uirlis phraiticiúil chun an timpeallacht táirgthe bia agus an próiseas táirgthe bia a rialú agus chun a áirithiú go mbeidh an bia a tháirgfear sábháilte. Áirítear ann:

— GHP (e.g. glanadh agus dífhabhtú iomchuí, sláinteachas pearsanta), is é sin roinnt bearta agus coinníollacha coisctheacha bunúsacha arna gcur i bhfeidhm ag céim ar bith laistigh den bhiashlabhra chun bia sábháilte oiriúnach a chur ar fáil. Tá trí eilimint ag baint leo, i.e. an eilimint struchtúrtha (e.g. saoráidí, trealamh), an eilimint oibríochtúil (sreabhadh oibre, láimhseáil bia) agus eilimint na hiompraíochta pearsanta (sláinteachas pearsanta). Is cláir réamhriachtanais (PRP) iad na GHPanna uile e.g. cleachtais agus nósanna imeachta lena mbunaítear na bunchoinníollacha comhshaoil agus oibriúcháin le haghaidh bia sábháilte. Leagann na PRPanna síos an bunús chun córas HACCP a chur chun feidhme. An inrianaitheacht agus córais éifeachtúla um tharraingt siar/aisghairm is ea iad na PRPanna don chosc agus don ullmhacht, seachas GHP.

— Nósanna imeachta bunaithe ar HACCP, nósanna atá éigeantach i ngach bunaíocht bhia seachas gníomhaíochtaí na dtáirgeoirí príomhúla agus na n-oibríochtaí gaolmhara. Tá siad ina gcuid (in éineacht leis an GHP) de chóras le haghaidh an ghnólachta féin chun a mheas an bhfuil GHPanna leordhóthanacha agus éifeachtacha i bhfeidhm agus an léiríonn an anailís ghuaise go bhfuil guaiseacha suntasacha ann agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le pointí rialúcháin criticiúla a chur chun feidhme, rud a d'éileodh cur i bhfeidhm iomlán na nósanna imeachta bunaithe ar HACCP.

Chuir páirtithe leasmhara in iúl de réir a chéile gur minic a bhí bearna i gcleachtas idir an GHP agus an CCP chun aghaidh a thabhairt ar ghuaiseacha agus coincheapa idirmheánacha agus suntasacha áirithe, amhail pointí airde, pointí rialúcháin, etc. Ghlac Codex agus ISO 22000 dhá chur chuige éagsúla chun na rioscaí sin a bhainistiú:

— Tagraíonn an Codex Alimentarius' CXC 1-1969 "*Prionsabail Ghinearálta an tSláinteachais Bia*" do "GHP óna dteastaíonn aird níos mó" chun aghaidh a thabhairt ar ghuaiseacha suntasacha sainaitheanta. Dá bhrí sin, i gcás roinnt GHPanna, bunaithe ar ábhair imní sábháilteachta leis an mbia, d'fhéadfadh "aird níos mó" a bheith ag teastáil chun bia sábháilte a sholáthar. An aird mhéadaithe sin, d'fhéadfaí go n-áireofaí air minicíocht níos airde de chur i bhfeidhm, d'fhaireachán agus d'fhíorú.

— In 2005 thug ISO 22000 isteach cláir réamhriachtanais oibríochtúla (OPRP) chun an bhearna sin a líonadh. Is bearta rialaithe iad a chuirtear chun feidhme chun guais shuntasach sábháilteachta bia a chosc nó a laghdú go leibhéal inghlactha. Sainaithnítear iad le linn na hanailíse guaise a bheith tábhachtach chun guaiseacha suntasacha áirithe a rialú.

---

([12]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 931/2011 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2011 maidir leis na ceanglais inrianaitheachta a leagtar amach le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le bia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 242, 20.9.2011, lch. 2)

([14]) I bPrionsabail Codex Alimentarius an tSláinteachais Bia, tugtar "córas sláinteachais bia" ar FSMS. Is féidir leis an FSMS a bheith ina chuid de chóras bainistithe cáilíochta níos leithne (amhail ISO 9000) lena n-áirítear freisin gnéithe cáilíochta de bhia (comhdhéanamh, luachanna cothaitheacha, etc.). Tá gnéithe cáilíochta lasmuigh de raon feidhme na treorach seo.

([15]) Tagraíonn ullmhacht do bhearta atá i bhfeidhm amhail forálacha maidir le hinrianaitheacht, uirlisí cumarsáide, an córas um tharraingt siar/aisghairm, etc. a chuireann ar chumas an FBO na bearta is gá a dhéanamh go díreach agus go héifeachtúil chun an tomhaltóir a chosaint agus a chur ar an eolas i gcás neamhchomhlíontachta.

Seo a leanas samplaí tipiciúla de GHPa agus/nó OPRP:

— ba cheart níos mó airde a thabhairt ar ghlanadh trealaimh agus dromchlaí a bhíonn i dteagmháil le bia réidh le hithe ná ar réimsí eile amhail glanadh ballaí agus síleálacha, mar mura ndéantar dromchlaí teagmhála bia a ghlanadh i gceart, d'fhéadfadh éilliú díreach bia le *Listeria monocytogen* a bheith mar thoradh air sin;

— glanadh agus díghalrú níos déine agus sláinteachas pearsanta níos déine (e.g. maisc béil agus cosaint bhreise don phearsanra) i limistéir ardriosca, mar shampla i limistéir phacáistithe an bhia atá réidh le hithe;

— pacáistíocht bia stánaithe a sheiceáil maidir le glaine agus damáistí;

— seiceálacha níos déine ar an mbealach isteach nuair a fhaightear amhábhair mura bhfuil an soláthróir ag ráthú an leibhéil cáilíochta/sábháilteachta atá ag teastáil (e.g. Míceatocsainí i spíosraí);

— glanadh éifeachtach idirmheánach chun traséilliú idir baisceanna táirgíochta ina bhfuil ailléirginí éagsúla (cnónna, soighe, bainne, ...) a rialú. Tá déine na héifeachta sláinte ard agus d'fhéadfadh sé go mbeadh riosca suntasach diallta (láithreacht trí thraséilliú) ann, ach ní féidir faireachán fíor-ama a dhéanamh. Féach freisin Roinn 3.7 d'Iarscríbhinn I;

— d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí cáilíocht bhaictéareolaíochta uisce uisciúcháin a chur san áireamh mar phointí rialúcháin go háirithe i gcás na mbarr atá réidh le hithe.

— próiseas níocháin glasraí a rialú (e.g. trí mhinicíocht athraithe an uisce níocháin chun traséilliú miocróbach a sheachaint, gníomhaíocht mheicniúil san uisce chun guaiseacha fisiceacha amhail clocha nó píosaí adhmaid a bhaint);

— an próiseas bánaithe a rialú le haghaidh an tionscail domhain-reoite (am/teocht); de ghnáth, ní féidir a mheas gur CCPanna iad próisis níocháin agus bhánaithe toisc nach féidir deireadh iomlán a chur le guaiseacha suntasacha miocróbacha ná iad a laghdú go leibhéal inghlactha, agus ní hé sin an aidhm atá ann; beidh tionchar acu, áfach, ar ualach miocróbach na dtáirgí próiseáilte agus cuideoidh siad, nuair a bhaineann siad le bearta rialaithe eile, deireadh a chur le guaiseacha suntasacha nó iad a laghdú go leibhéal inghlactha;

San Aontas, tugtar ról lárnach don anailís ghuaise, rud a mheastar a bheith ríthábhachtach chun na leibhéil éagsúla rioscaí a shainaithint, e.g. más leor na GHPanna, nó más gá do OPRP agus/nó do CCP faoi seach aghaidh a thabhairt ar na rioscaí idirmheánacha agus/nó ar na rioscaí do ghuaiseacha suntasacha. Ós rud é nach n-aithnítear GHPanna a óna dteastaíonn aird níos mó tríd an anailís ghuaise i bPrionsabail Ghinearálta Codex an tSláinteachais Bia, ach go ndéantar sin maidir le OPRPanna in ISO 22000, déantar tagairt do OPRP sa doiciméad seo.

Mar gheall ar an easpa comhordaithe idir Codex agus ISO 22000, b'éigean an rogha sin a dhéanamh leis an treoraíocht a tugadh sa doiciméad seo chun nach meascfadh na hoibreoirí an dá chur chuige éagsúla le chéile nó chun mearbhall a sheachaint mar gheall ar an deighilt gan ghá idir dhá chineál rioscaí comhchosúla. Mar sin féin, meastar go bhfuil na treoirlínte sa doiciméad seo i gcomhréir leis an dá chaighdeán idirnáisiúnta is féidir a úsáid chomh maith mar bhunábhar maidir le FSMS a chur chun feidhme. Aithnítear gurb é Codex Alimentarius an tagairt oifigiúil i gcomhthéacs domhanda trádála.

Tá forléargas amhairc ar chur chuige an Aontais maidir le FSMS ar fáil in Aguisín 1.

Sula gcuirfear nósanna imeachta bunaithe ar HACCP i bhfeidhm maidir le haon ghnólacht, ba cheart an PRP, lena n-áirítear an GHP agus na bearta eile a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, a bheith curtha chun feidhme ag an oibreoir gnólachta bia. Is iad sin colúin chosc agus ullmhachta gach CBSB agus tá gá leo chun nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a fhorbairt, arb é atá i gceist leo rialú córasach ag an FBO ar ghuaiseacha suntasacha sonracha nach bhfuil á rialú go leordhóthanach ag PRP amháin.

Is é cur chuige 2 chéim (PRP/CCP, féach freisin "CÚNAMH MALARTACH" in Aguisín 2) an t-íoscheanglas dlí ach is féidir an cur chuige 3 chéim a mholadh lena sainaithnítear PRP, OPRP agus CCP. D'fhéadfadh go leor gnólachtaí cur chuige 2 chéim a chur i bhfeidhm agus d'fhéadfadh an cur chuige 3 chéim a bheith níos oiriúnaí do ghnólachtaí atá níos mó agus níos casta.

## 6. SOLÚBTHACHT I GCUR I BHFEIDHM GHP AGUS HACCP

Tá difríochtaí sa riosca ag brath ar chineál na gníomhaíochta ba cheart a chur san áireamh agus solúbthacht á meas i gcur i bhfeidhm an GHP. Sampla amháin is ea miondíol bia réamhphacáistithe seachas miondíol bia lena n-áirítear tuilleadh láimhseála ar an mbia (e.g. búistéir nó siopa *delicatessen* ina láimhseáiltear bia nochta atá réidh le hithe). Sampla eile is ea an difríocht idir gníomhaíocht chasta mhonaraíocht/phróiseála agus gníomhaíocht shimplí amhail stóráil/iompar.

Chun comhréireacht a áirithiú in ualaí riaracháin, is féidir roinnt ceanglas amhail doiciméadacht agus coimeád taifead a shimpliú i gcás gnólachtaí beaga i gcomparáid le gnólachtaí móra a dhéanann an ghníomhaíocht chéanna.

Ba cheart solúbthachta leordhóthanach a bheith ann de bharr nósanna imeachta bunaithe ar HACCP chun go mbeidh siad infheidhme i ngach uile chás ([16]).

In Iarscríbhinní I agus II a bhaineann le nósanna imeachta atá bunaithe ar GHP agus ar HACCP faoi seach, áirítear treoraíocht maidir le cur chun feidhme simplithe an FSMS le haghaidh FBOnna iomchuí, agus cineál agus méid na nIarscríbhinní sin á gcur san áireamh agus tugtar samplaí iontu chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

— Na gnólachtaí bia sin ina mbeadh an tsolúbthacht iomchuí bunaithe ar a riosca agus ar a méid a shainaithint,

— An coincheap “nósanna imeachta simplithe atá bunaithe ar HACCP” a mhíniú,

— Ról na dtreoirleabhar maidir le dea-chleachtas agus treoirleabhair ghinearálta HACCP a mhíniú, lena n-áirítear an gá le doiciméadacht, agus

— Méid na solúbthachta is infheidhme maidir leis na nósanna imeachta atá bunaithe ar phrionsabail HACCP a shainaithint.

Féadfar an toradh ar iniúchadh bailíochtaithe ar scéim phríobháideach rialaithe cáilíochta a úsáid mar fhoinse faisnéise agus féadfar é a chur san áireamh i bhforbairt agus i gcur chun feidhme FSMS.

Má sheachnaítear foclóir casta a bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag FBOnna é a thuiscint, go háirithe i dtreoirleabhair náisiúnta nó ghinearálta, is féidir bacainní a laghdú ó thaobh FBOnna a bheith ag baint úsáide as treoirleabhair den sórt sin.

Níl sé i gceist go príomha leis an tsolúbthacht an líon CCPanna a laghdú agus níor cheart go gcuirfeadh sin isteach ar shábháilteacht bia.

## 7. TREOIRLEABHAIR MAIDIR LE DEA-CHLEACHTAS SLÁINTEACHAIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA ATÁ BUNAITHE AR HACCP

Tugann treoirleabhair náisiúnta agus de chuid an Aontais moltaí úsáideacha i dtaobh conas nósanna imeachta atá bunaithe ar GHP agus HACCP a chur chun feidhme. Is féidir é a chomhtháthú ach níor cheart é a chur in ionad na hanailíse guaise sonraí FBO.

### 7.1. Treoirleabhair náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 8) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004

Tá treoirleabhair maidir le dea-chleachtas forbartha nó measúnaithe cheana féin ag na húdaráis inniúla i gcuid mhaith earnálacha bia ([17]). Is féidir na treoirleabhair sin a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí páirtithe leasmhara earnála freisin. Díríonn na treoirleabhair den chuid is mó ar GHP ach uaireanta cuireann siad GHP in éineacht le PRP eile agus le roinnt nósanna imeachta nó iad go léir atá bunaithe ar na prionsabail HACCP.

D’fhéadfadh úsáid treoirleabhar maidir le dea-chleachtas cuidiú le FBOanna guaiseacha a rialú agus a léiriú go bhfuil ceanglais dhlíthiúla á gcomhlíonadh. Is féidir le haon earnáil bia iad a chur i bhfeidhm, agus go háirithe i gcás ina láimhseáiltear bia i gcomhréir le nósanna imeachta atá ar eolas go maith agus ar cuid iad den ghnáth-ghairmoiliúint go minic.

Is féidir le treoirleabhair den sórt sin aird a tharraingt freisin ar na guaiseacha a d’fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le bianna áirithe (e.g. láithreacht *Salmonella* in uibheacha amha), agus na modhanna a úsáidtear chun éilliú bia a rialú (e.g. uibheacha amha a cheannach ó fhoinse iontaofa, comhcheangail ama/teochta le haghaidh na próiseála, bianna atá réidh le hithe agus nach bhfuil réidh le hithe a scaradh, etc.).

Ba cheart d’údaráis inniúla smaoineamh ar threoirleabhair a fhorbairt iad féin, go háirithe in earnálacha nach ann d’eagraíochtaí páirtithe leasmhara earnála iontu, nó le haghaidh gníomhaíochtaí arb iad gnólachtaí beaga nó gnólachtaí an-bheag a dhéanann iad de ghnáth, a bhfuil roinnt treoraíocht ghinearálta ag teastáil uathu ar an gcéad dul síos agus a mbunaíocht féin á cur san áireamh.

([16]) Aithris 15 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004.
([17]) http://ec.europa.eu/food/safety/docs/biosafety_food-hygiene_legis_guidance_good-practice_reg-nat.pdf

### 7.2. **Treoirleabhair de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 9)de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004**

Tá roinnt eagraíochtaí páirtithe leasmhara earnála Eorpacha tar éis treoirleabhair de chuid an Aontais maidir le dea-chleachtas sláinteachais a fhorbairt. Is féidir teacht ar liosta na dtreoirleabhar sin ag: *https://ec.europa.eu/food/food/biological-safety/food-hygiene/guidance-platform_en*. I gcásanna áirithe, chuir an Coimisiún Eorpach féin treoraíocht a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith ar fáil, go háirithe nuair is gnólachtaí beaga iad na FBOnna go minic:

— *Commission Notice providing guidance on food safety management systems for food retail activities, including food donations* (“*Commission Notice on retail*”) [Fógra ón gCoimisiún lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir le córais bhainistíochta um shábháilteacht bia do ghníomhaíochtaí miondíola bia, lena n-áirítear deonuithe bia ([18]) (“Fógra ón gCoimisiún maidir le miondíol”)];

— *Commission notice on guidance document on addressing microbiological risks in fresh fruits and vegetables at primary production through good hygiene* [Fógra ón gCoimisiún maidir le treoirdhoiciméad i ndáil le haghaidh a thabhairt ar rioscaí micribhitheolaíocha i dtorthaí agus glasraí úra ag an táirgeadh príomhúil trí shláinteachas maith[ ([19]).

## 8. **OILIÚINT**

Ba cheart maoirseacht a dhéanamh ar fhoireann FBOnna agus treoir a thabhairt dóibh nó oiliúint a chur orthu i gcúrsaí sláinteachais bia a oireann dá ról, agus na daoine sin atá freagrach as an gcóras bainistíochta um shábháilteacht bia a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh a bheith oilte go cuí i gcur i bhfeidhm nósanna imeachta eile atá bunaithe ar GHP agus ar nósanna imeachta eile atá bunaithe ar HACCP.

Áiritheoidh an bhainistíocht go léiríonn an fhoireann a ghlacann páirt sna próisis ábhartha scileanna leordhóthanacha agus go bhfuil siad ar an eolas faoi na guaiseacha a shainaithnítear (más ann dóibh) agus faoi na pointí criticiúla sa phróiseas táirgthe, stórála, iompair agus/nó dáileacháin. Ní mór dóibh feasacht a léiriú freisin ar na bearta ceartaitheacha, ar na bearta coisctheacha agus ar na nósanna imeachta faireacháin agus taifeadta is infheidhme sa ghnólacht, i gcomhréir le Caibidil XII d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004.

Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir oiliúint maidir le sláinteachas i gcoitinne (gach fostaí) agus oiliúint shonrach maidir le HACCP. Ba cheart do na fostaithe a dhéanann faireachán/bainistiú nó fíorú ar phointí rialúcháin criticiúla (CCP) a bheith oilte sna nósanna imeachta bunaithe ar phrionsabail HACCP atá oiriúnach dá gcúraimí (mar shampla, beidh leibhéal áirithe oiliúna sláinteachais ag teastáil ó fhreastalaí, agus beidh oiliúint bhreise ag teastáil ó chócaire a bhaineann le hullmhú sláinteachais bia). Ba cheart oiliúint athnuachana a d’fhéadfadh a bheith ann agus minicíocht na hoiliúna sin a mheas de réir riachtanais na bunaíochta agus scileanna léirithe.

Ba cheart d’eagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara in earnálacha éagsúla thionscal an bhia féachaint le faisnéis a ullmhú maidir le hoiliúint do na FBOnna.

Ní mór féachaint ar an oiliúint dá dtagraítear i gCaibidil XII d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 i gcomhthéacs leathan. Sa chomhthéacs sin, ní gá go mbeadh rannpháirtíocht i gcúrsaí oiliúna foirmiúla i gceist le hoiliúint iomchuí. Is féidir scileanna agus eolas a bhaint amach freisin trí rochtain ar fhaisnéis theicniúil agus ar chomhairle theicniúil ó eagraíochtaí gairmiúla nó ó na húdaráis inniúla, agus trí oiliúint sa láthair oibre/intí, agus trí threoirleabhair maidir le dea-chleachtas etc.

Ba cheart oiliúint GHP, PRP eile agus oiliúint HACCP ar an bhfoireann i ngnólachtaí bia a bheith comhréireach le méid agus le cineál an ghnólachta agus ba cheart rioscaí sonracha a bhaineann le cineál na gníomhaíochta a chur san áireamh leis.

Cuireadh feabhas ar thábhacht na hoiliúna toisc gur tugadh isteach an ceanglas (éigeantach) maidir le cultúr sábháilteachta bia i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 i Márta 2021. Is minic gurb í an oiliúint an uirlis is tábhachtaí chun dea-chultúr sábháilteachta bia a bhaint amach nó chun feidhmiú mar ghníomh ceartaitheach i gcás ina mbraitear easnaimh agus measúnú á dhéanamh ar a fhorleithne atá an cultúr sábháilteachta bia (Féach Iarscríbhinn I, roinn 4.14).

Féadfaidh an t-údarás inniúil, nuair is gá, cúnamh a thabhairt chun gníomhaíochtaí oiliúna a fhorbairt mar a luaitear sna míreanna roimhe seo, go háirithe sna hearnálacha sin nach bhfuil eagraithe go maith nó a bhfuil sé léirithe nach bhfuil siad ar an eolas go leordhóthanach. Tá an cúnamh sin mionléirithe go cuimsitheach i dtreoraíocht de chuid FAO/EDS “ *FAO/WHO guidance to governments on the application of HACCP in small and/or less-developed food businesses* ([20])”.

---

([18]) IO C 199, 12.6.2020, lch. 1

([19]) IO C 163, 23.5.2017, lch. 1

([20]) http://www.fao.org/docrep/009/a0799e/a0799e00.HTM

**Clár**

*Leathanach*

IARSCRÍBHINN I: DEA-CHLEACHTAIS SLÁINTEACHAIS ... 11

1. Reachtaíocht ... 11
2. Solúbthacht i gcur chun feidhme GHP ... 11
3. Samplaí de GHP ... 12
   3.1. Bonneagar (foirgneamh, trealamh) ... 12
   3.2. Glanadh agus díghalrú ... 13
   3.3. Rialú lotnaidí: béim ar ghníomhaíochtaí coisctheacha ... 14
   3.4. Bunábhair (roghnú soláthróirí, sonraíochtaí) ... 14
   3.5. Cothabháil theicniúil agus calabrú ... 15
   3.6. Éillithe fisiceacha agus ceimiceacha ón timpeallacht táirgthe (e.g. olaí, dúigh, úsáid trealaimh adhmaid (damáiste), etc.) ... 15
   3.7. Ailléirginí ... 16
   3.8. Athdháileadh agus deonú bia ... 18
   3.9. Bainistíocht dramhaíola ... 18
   3.10. Rialú uisce agus aeir ... 18
   3.11. Pearsanta (sláinteachas, stádas sláinte) ... 19
   3.12. Rialú teochta ar an timpeallacht oibre agus stórála ... 19
   3.13. Modheolaíocht oibre ... 19
   3.14. Cultúr Sábháilteachta Bia (FSC) ... 20
4. Faireachán, bailíochtú agus fíorú a dhéanamh ar GHP ... 21
5. Doiciméadacht agus taifid a choimeád maidir le GHP ... 21

IARSCRÍBHINN II: NÓSANNA IMEACHTA BUNAITHE AR PHRIONSABAIL NA hANAILÍSE GUAISE AGUS NA bPOINTÍ RIALÚCHÁIN CRITICIÚLA (HACCP) AGUS TREOIRLÍNTE MAIDIR LENA gCUR I BHFEIDHM ... 23

1. Réamhrá ... 23
2. Prionsabail ghinearálta ... 24
3. Solúbthacht maidir le cur chun feidhme nósanna imeachta bunaithe ar HACCP ... 24
   3.1. Ceanglais dlí ... 25
   3.2. Nósanna imeachta simplithe bunaithe ar HACCP ... 25
   3.3. Treoracha cineálacha maidir le cur chun feidhme nósanna imeachta bunaithe ar HACCP ... 26
4. Réamhghníomhaíochtaí ... 26
   4.1. Foireann ildisciplíneach HACCP a chur le chéile ... 26
   4.2. Tuairisc ar an táirge nó na táirgí ag deireadh an phróisis (dá ngairtear “an táirge deiridh” anseo feasta) ... 27
   4.3. An úsáid atá beartaithe a shainaithint ... 27
   4.4. Sreabhchairte (tuairisc ar phróiseas monaraíochta) a tharraingt suas ... 27
   4.5. Deimhniú na sreabhchairte ar an láthair ... 27

5. Anailís ghuaise (Prionsabal 1) ..... 27

5.1. Guaiseacha ábhartha a shainaithint ..... 28

5.2. Bearta rialaithe ..... 29

5.3. Bileog oibre maidir le hanailís ghuaise ..... 29

6. Pointí rialúcháin criticiúla (CCP) a shainaithint (Prionsabal 2) ..... 31

7. Teorainneacha criticiúla ag CCP (Prionsabal 3) ..... 31

8. Nósanna imeachta faireacháin ag CCP (Prionsabal 4) ..... 32

9. Gníomhaíochtaí ceartaitheacha (Prionsabal 5) ..... 33

10. Nósanna imeachta bailíochtúcháin agus fíorúcháin (Prionsabal 6) ..... 33

11. Doiciméadacht agus taifid a choimeád (Prionsabal 7) ..... 35

12. An ról atá ag critéir mhicribhitheolaíocha, teorainneacha ceimiceacha agus teorainneacha dlíthiúla eile a leagtar síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta ..... 37

IARSCRÍBHINN III: INIÚCHADH AR GHP AGUS AR NÓSANNA IMEACHTA BUNAITHE AR PHRIONSABAIL HACCP ..... 38

1. Reachtaíocht ..... 38

2. Raon feidhme agus cuspóir ..... 38

3. Prionsabail ghinearálta ..... 38

4. Cineálacha iniúchtaí ..... 39

5. Iniúchadh FSMS a phleanáil, a ullmhú agus a chur i gcrích ..... 39

6. Solúbthacht ..... 42

7. An bealach chun cinn ag brath ar thoradh na hIniúchóireachta ..... 44

8. Roinnt treoraíocht bhreise maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar chultúr sábháilteachta bia ..... 44

FOSCRÍBHINN 1: Forbhreathnú ar chórais bainistíochta sábháilteachta bia le haghaidh gníomhaíochtaí seachas táirgeadh príomhúil agus gníomhaíochtaí gaolmhara ..... 46

FOSCRÍBHINN 2: Sampla d’anailís ghuaise – nós imeachta measóireachta riosca (leathchainníochtúil) ..... 47

FOSCRÍBHINN 3: Sampla de tháscairí na huirlise measúnaithe ar chultúr na sábháilteachta bia ..... 50

FOSCRÍBHINN 4A: Sampla de chrann cinnteoireachta chun pointí rialúcháin criticiúla (CCP) a shainaithint ..... 52

FOSCRÍBHINN 4B: Sampla de chrann cinnteoireachta simplithe ..... 53

FOSCRÍBHINN 5: COMPARÁID IDIR GHP, OPRP AGUS CCP ..... 54

FOSCRÍBHINN 6: SAMPLA DE LITIR CHUMARSÁIDE ..... 55

FOSCRÍBHINN 7: SAMPLA DE SHEICLIOSTA HACCP ..... 56

*IARSCRÍBHINN I*

**Dea-chleachtais sláinteachais**

Is éard atá i gceist le GHP roinnt beart agus coinníollacha coisctheacha a chuirtear i bhfeidhm ag aon chéim sa bhiashlabhra chun bia sábháilte oiriúnach a chur ar fáil. Ba cheart iad a thuiscint ar bhealach leathan, e.g. ba cheart GMP, GAP, etc. a áireamh leo. Ní bhaineann an chuid is mó de GHP le guais faoi leith, ach ceaptar iad chun guaiseacha a eascraíonn as an timpeallacht táirgthe a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar shábháilteacht na dtáirgí a choinneáil faoi bhun leibhéil inghlactha nó chun iad a thabhairt ó os cionn leibhéil inghlactha go faoina mbun.

Ní mór do gach FBO GHP ar réamhriachtanais iad a chur chun feidhme chun FSMS éifeachtach a áirithiú. In éineacht le PRP eile de FSMS, amhail forálacha inrianaitheachta agus córais aistarraingthe/aisghairme, cuireann siad bonn ar fáil le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach HACCP agus ba cheart iad a bheith i bhfeidhm sula mbunófaí aon nós imeachta bunaithe ar HACCP.

## 1. REACHTAÍOCHT

Leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ceanglais sláinteachais ghinearálta agus shonracha, a dtugtar GHP orthu san Fhógra seo, agus go háirithe na ceanglais seo a leanas:

“1. Oibreoirí gnólachtaí bia a dhéanann an táirgeadh príomhúil agus na hoibríochtaí gaolmhara sin a liostaítear in Iarscríbhinn I, comhlíonfaidh siad na forálacha sláinteachais ginearálta a leagtar síos i gcuid A d’Iarscríbhinn I agus aon fhoráil shonrach dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

2. Oibreoirí gnólachtaí bia a dhéanann aon chéim den táirgeadh, den phróiseáil agus den leithdháileadh bia i ndiaidh na gcéimeanna sin a bhfuil feidhm ag mír 1 ina leith, comhlíonfaidh siad na ceanglais sláinteachais ghinearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn II agus aon cheanglas sonrach dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.”

Dá bhrí sin, leagtar síos na forálacha is tábhachtaí le haghaidh GHP sna háiteanna seo a leanas:

a) Na ceanglais sláinteachais ghinearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn I de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 maidir le táirgeadh príomhúil agus oibríochtaí gaolmhara. Tá gá le scaradh GHP le haghaidh na céime seo i gcomparáid le céimeanna níos déanaí den bhiashlabhra mar gheall ar nádúr an táirgthe phríomhúil (ainmhithe beo, plandaí roimh an mbuaint) agus toisc nach féidir le táirgeadh príomhúil tarlú i ndálaí faoi rialú iomlán le haghaidh áitreabh, trealaimh, uisce agus rialú timpeallachta eile. Tá treoraíocht maidir lena bhfuil clúdaithe ag “táirgeadh príomhúil agus gníomhaíochtaí gaolmhara” le fáil sa *Guidance document on the implementation of certain provisions of Regulation (EC) No. 852/2004 on the hygiene of foodstuffs* [Treoirdhoiciméad maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 maidir le sláinteachas earraí bia] ([1]).

b) Na ceanglais sláinteachais ghinearálta a leagtar síos in Iarscríbhinn II de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 le haghaidh gníomhaíochtaí i ndiaidh táirgeadh príomhúil níos déanaí sa slabhra táirgeachta.

Na ceanglais sláinteachais shonracha maidir le bia de bhunadh ainmhíoch a leagtar síos in Iarscríbhinn III de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Tá cuid de na ceanglais sin dírithe ar tháirgeoirí príomhúla (e.g. i gcás uibheacha, bainne amh, moilisc dhébhlaoscacha bheo, táirgí iascaigh): féach Roinn 3.7 den *Guidance document on the implementation of certain provisions of Regulation (EC) No. 853/2004 on the hygiene of food of animal origin* [Treoirdhoiciméad maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 maidir le sláinteachas bia de bhunadh ainmhíoch] ([2]). Ós rud é go mbaineann na GHPanna sin le hearnáil/bia ar leith, ní thugtar aghaidh orthu a thuilleadh san Fhógra treoraíochta (ginearálta) seo.

## 2. SOLÚBTHACHT I GCUR CHUN FEIDHME GHP

Baineann GHP le gach FBO. Ar an iomlán, tugtar tuairisc sách ginearálta ar na ceanglais in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ós rud é gur gá do gach earnáil den táirgeadh bia (earnálacha atá an-éagsúil le chéile) iad a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, áirítear leo go huathoibríoch leibhéal ard solúbthachta maidir leis an gcaoi ar cheart cloí leo sa chleachtas.

Níor cheart glacadh leis go bhfuil feidhm ag gach GHP, mar a shonraítear i Roinn 4, maidir le gach bunaíocht. Ba cheart measúnú de réir an cháis a dhéanamh chun GHP ábhartha a shainaithint do gach bunaíocht, GHP ba cheart a chur chun feidhme ar bhealach atá i gcomhréir le cineál agus méid na bunaíochta.

Tá roinnt forálacha solúbthachta i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, arb é is aidhm dóibh den chuid is mó cur chun feidhme GHP i ngnólachtaí beaga a éascú:

(a) GHP a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, atá beartaithe le haghaidh táirgeadh príomhúil agus gníomhaíochtaí gaolmhara, tá siad níos ginearálta ná na cinn atá in Iarscríbhinn II le haghaidh FBOnna eile;

([1]) https://ec.europa.eu/food/system/files/2018-10/biosafety_fh_legis_guidance_reg-2004-852_en.pdf
([2]) https://ec.europa.eu/food/system/files/2020-05/biosafety_fh_legis_guidance_reg-2004-853_en.pdf

(b) laistigh d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, leagtar síos ceanglais shimplithe ghinearálta agus shonracha maidir le háitribh agus seomraí le haghaidh áitribh inghluaiste agus/nó shealadacha, áitribh a úsáidtear go príomha mar theach cónaithe príobháideach ach ina n-ullmhaítear bianna go tráthrialta lena gcur ar an margadh, agus meaisíní díola (Caibidil III d'Iarscríbhinn II);

(c) eisiaimh ó raon feidhme (Airteagal 1) Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, mar shampla cainníochtaí beaga táirgí príomhúla a bheith á soláthar ag an táirgeoir go díreach don tomhaltóir deiridh nó do bhunaíocht miondíola áitiúil a sholáthraíonn don tomhaltóir deiridh go díreach;

(d) eisiaimh ó raon feidhme (Airteagal 1) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, mar shampla cainníochtaí beaga feola ó éanlaith chlóis agus ó ghiorriaigh a mharaítear ar an bhfeirm a bheith á soláthar ag an táirgeoir go díreach don tomhaltóir deiridh nó do bhunaíocht miondíola áitiúil a sholáthraíonn feoil den sórt sin go díreach don tomhaltóir deiridh;

(e) eisiamh fhormhór na miondíoltóirí ó Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 (Airteagal 1(5));

(f) an fhéidearthacht GHP a chur in oiriúint faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 10(4) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004:

i. úsáid leanúnach modhanna traidisiúnta a chumasú;

ii. freastal ar riachtanais FBO atá suite i réigiúin atá faoi réir srianta geografacha ar leith (e.g. limistéir iargúlta, limistéir sléibhe agus oileáin bheaga iargúlta;

iii. in aon bhunaíocht a mhéid a bhaineann le déanamh, leagan amach agus trealamh.

Tá roinnt samplaí den solúbthacht le fáil sa GHP sonrach thíos. Tá sonraí maidir le solúbthacht le fáil freisin sna treoirdhoiciméid thiomnaithe seo a leanas:

— *Commission Staff Working Document on the Understanding of certain provisions on Flexibility provided in the Hygiene Package - Guidelines for the competent authorities* [Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an Tuiscint ar fhorálacha áirithe i ndáil le Solúbthacht dá bhforáiltear sa Phacáiste Sláinteachais – Treoirlínte do na húdaráis inniúla]: https://ec.europa.eu/food/system/files/2016-11/biosafety-hygiene-faq_all_public_en.pdf

— *Commission Staff Working Document on the Understanding of certain provisions on Flexibility provided in the Hygiene Package - Frequently Asked Questions - Guidelines for food business operators* [Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an Tuiscint ar fhorálacha áirithe i ndáil le Solúbthacht dá bhforáiltear sa Phacáiste Sláinteachais – Ceisteanna Coitianta– Treoirlínte d'oibreoirí gnólachtaí bia]: https://ec.europa.eu/food/system/files/2016-11/biosafety-hygiene-faq_all_business_en.pdf

Uaireanta, is féidir le gnólachtaí beaga treoracha earnála cineálacha maidir le GHP a úsáid chun cloí le GHP nó chun cuidiú leo sa tuairisc ar a GHP féin.

Is uirlisí iad GHP chun bia sábháilte a bhaint amach, ós rud é gur riachtanas dlíthiúil é, mar sin de féadfar solúbthacht a chur i bhfeidhm maidir leis na doiciméid agus na taifid a choimeádtar, ach ní fhéadfar í a chur i bhfeidhm riamh maidir le cuspóirí GHP.

## 3. **SAMPLAÍ DE GHP**

Ba cheart don FBO na bearta GHP a dhoiciméadú chun dálaí sábháilte a áirithiú maidir le táirgeadh bia, agus méid agus cineál an ghnólachta á gcur san áireamh, mar aon le léiriú ar an duine nó ar na daoine atá freagrach as a gcur chun feidhme.

Liosta neamh-uileghabhálach atá i gceist leis an GHP dá bhforáiltear thíos, agus ní mór do gach bunaíocht na ceanglais dlí dá dtagraítear i Roinn 1 den Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is samplaí iad an GHP thíos de conas na ceanglais dlí a chomhlíonadh sa chleachtas. Tá claonadh ag na samplaí sin díriú ar bhunaíochtaí monaraíochta/próiseála bia. Féadfaidh siad a bheith ina bhfoinse inspioráide freisin do chéimeanna eile amhail táirgeadh príomhúil, lónadóireacht agus gníomhaíochtaí miondíola eile, lena n-áirítear dáileadh bia, ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad infheidhme i ngach cás.

Tá na samplaí thíos ginearálta go leor go fóill. Forbraíodh liosta cuimsitheach de threoracha earnáilsonracha maidir le GHP (féach Roinn 7 den phríomhdhoiciméad).

### 3.1. **Bonneagar (foirgneamh, trealamh)**

a) Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca ón suíomh agus ó limistéir mháguaird, ba cheart gaireacht foinsí éillithe a d'fhéadfadh a bheith ann, an soláthar uisce, baint fuíolluisce, an soláthar cumhachta, rochtain ar iompar, an aeráid, tuilte a d'fhéadfadh a bheith ann, etc. a chur san áireamh. Ba cheart iad sin a mheas freisin le haghaidh táirgeadh príomhúil (goirt).

b) Leis an leagan amach, ba cheart limistéir éillithe (ardriosca) a scaradh go docht ó limistéir ghlana (ísealriosca) (nó ba cheart deighilt ama a bheith ann agus glanadh oiriúnach idir an dá chéim); ba cheart seomraí a leagan amach go hiomchuí chun freastal ar shreabhadh táirgeachta aontreo agus ba cheart seomraí fuaraithe nó saoráidí téimh a bheith inslithe.

c) Ba cheart urláir neamhshleamhna a thógáil le hábhar uiscedhíonach, neamhshúiteach, agus ba cheart iad a bheith in-nite agus gan scoilteanna. Ba cheart na ballaí a bheith mar an gcéanna, suas le hairde iomchuí ar a laghad. Moltar freisin dathanna éadroma a bheith ar na ballaí agus ar na hurláir, dathanna a éascaíonn measúnú amhairc ar shláinteachas.

d) Ba cheart dromchlaí míne neamhshúiteacha a bheith ag doirse. Ba cheart oscailt agus dúnadh uathoibríoch a mheas sa chaoi go seachnófaí éilliú trí thadhall.

e) Ba cheart dóthain soilse a bheith i ngach limistéar, agus aird ar leith á tabhairt ar shoilse oiriúnacha a sholáthar i limistéir ullmhúcháin agus cigireachta bia. Ba cheart soilse a bheith éasca le glanadh, agus clúdaigh chosanta orthu chun éilliú bia a chosc i gcás ina mbrisfeadh soilse.

f) Ba cheart saoráidí stórála atá sainithe go soiléir a bheith ar fáil d'amhábhar, mar aon le coimeádáin le haghaidh bia agus ábhair phacáistíochta. Níor cheart ach táirgí is féidir a chur le bia (e.g. breiseáin) a stóráil sa limistéar leis an mbia, seachas comhstóráil le táirgí tocsaineacha (e.g. lotnaidicídí).

g) Ba cheart an seomra nó na seomraí gléasta sonracha a bheith glan agus eagraithe agus, i gcás inar féidir, níor cheart é nó iad a úsáid mar phroinnseomra ná mar sheomra caite tobac. Ba cheart deighilt idir gnáthéadaí, éadaí oibre glana agus éadaí oibre úsáidte a éascú.

h) Níor cheart rochtain dhíreach a bheith ar limistéir láimhseála bia ó na leithris. Más féidir, ba cheart sruthlú uisce le húsáid troitheán coise/láimhe a bheith ann, maille le meabhrúcháin chun na lámha a ní agus comharthaí a bheadh suite go straitéiseach maidir leis an oibleagáid éadaí cosanta a bhaint sula n-úsáidfí na leithris, nuair is infheidhme.

i) Ba cheart saoráidí níocháin láimhe a bheith suite go háisiúil idir na leithris/seomraí gléasta agus an limistéar láimhseála bia, gan an gá a d'fhéadfadh a bheith le báisíní níocháin breise i limistéir táirgthe gar do stáisiúin oibre a chur as an áireamh; ba cheart díghalráin, gallúnach agus tuáillí aon úsáide a bheith ar fáil; níor cheart fearais séidte aeir te a bheith i láthair ach amháin i seomraí gan bhia agus is inmhianaithe sconnaí nach bhfuil inoibrithe ag an lámh.

j) Ba cheart bacainní a bheith i bhfeidhm chun rochtain ag ainmhithe ar strae a sheachaint.

k) Ba cheart an trealamh agus feistí faireacháin/taifeadta (e.g. teirmiméadair) a bheith glan agus ba cheart an trealamh a bheith oiriúnach chun teagmháil a dhéanamh le táirgí bia.

l) Ba cheart aird a thabhairt ar na féidearthachtaí éagsúla lena bhféadfaí (tras)éilliú bia a bheith mar thoradh ar threalamh a úsáid:

i. Éilliú an trealaimh ag an timpeallacht a chosc e.g. comhdhlúthú ag sileadh ó shíleálacha;

ii. Éilliú laistigh den trealamh láimhseála bia a chosc e.g. carnadh iarmhar bia i bhfeistí slisnithe;

iii. Éilliú ag amhábhair a chosc: trealamh ar leith (nó glanadh agus díghalrú idir úsáidí) le haghaidh táirgí amha agus táirgí cócaráilte (cláir mhionghearrtha, sceana, miasa, éadaí foirne, teirmiméadair etc.).

m) Ba cheart líon iomchuí feistí faireacháin a bheith ann chun paraiméadair chriticiúla a thomhas e.g. teocht.

### 3.2. **Glanadh agus díghalrú**

a) Maidir le glanadh agus díghalrú, ba cheart a mheas cad a dhéanfar, cathain agus conas a dhéanfar é agus cén duine a dhéanfaidh é.

b) Ar na gnáthchéimeanna, ba cheart tabhairt faoi shalachar infheicthe a bhaint, agus ina dhiaidh sin glanadh, sruthlú, díghalrú agus sruthlú arís.

c) Ba cheart tús a chur leis an nglanadh i limistéir ardriosca agus ba cheart é a chríochnú i limistéir ísealriosca. Ba cheart na hábhair agus an trealamh chun trealamh a ghlanadh a bheith éagsúil idir limistéir ísealriosca agus limistéir ardriosca agus in aon chás níor cheart riamh aistriú ó limistéar ardéillithe go limistéar ísealéillithe. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar éilliú dromchlaí díghalraithe de bharr steallta agus dromchlaí eile á sruthlú.

d) Ba cheart uisce óil agus/nó oibreán glantacháin nó díghalrán a úsáid a mhéid is gá chun an éifeacht inmhianaithe a bhaint amach sa ghlanadh agus/nó sa díghalrú. Ba cheart an t-uisce a bheith ag teocht iomchuí agus ba cheart na ceimiceáin a úsáid de réir threoracha an mhonaróra.

e) Ba cheart faisnéis theicniúil a bheith ar fáil i do theanga dhúchais maidir le glantaigh, gníomhaithe dífhabhtaithe (e.g. treoracha úsáide, comhpháirt ghníomhach, am teagmhála, tiúchan, úsáid uisce óil más iomchuí).

f) Ba cheart seiceálacha amhairc ar ghlanadh agus sampláil le haghaidh anailíse a úsáid chun gníomhaíochtaí díghalraithe a rialú.

g) SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: D'fhéadfadh glanadh agus díghalrú i siopa búistéara beag a bheith an-ghar do dhea-chleachtais sláinteachais i gcistin, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le sainchuideachtaí seachtracha i seamlas mór.

### 3.3. **Rialú lotnaidí: béim ar ghníomhaíochtaí coisctheacha**

a) Ba cheart ballaí seachtracha a bheith saor ó scoilteanna agus ó scáintí, ba cheart an timpeallacht a bheith néata agus saor ó bhruscar a d'fhéadfadh foscadh a sholáthar do lotnaidí, agus ba cheart limistéir a bheidh le glanadh a bheith inrochtana. Ní mór rochtain ag peataí nó ainmhithe fiáine a thoirmeasc/a chosc.

b) Ba cheart scáileán feithidí a chur ar na fuinneoga. I gcás ina n-úsáidtear feistí leictreonacha le haghaidh rialú feithidí, ní mór an fheiste a úsáid i gcomhréir lena sonraíocht.

c) Ba cheart doirse a choimeád dúnta ach amháin nuair a bhíonn luchtú agus/nó díluchtú ar bun. Ba cheart bearnaí idir doirse agus urláir a bheith díonta ar lotnaidí.

d) Ba cheart trealamh agus seomraí nach bhfuil in úsáid a choinneáil glan.

e) Ba cheart aghaidh a thabhairt, a luaithe is féidir, ar láithreacht linne uisce laistigh. Ní mór forbairt linnte nó lochán uisce a chosc nó a sheachaint.

f) Ba cheart clár rialaithe lotnaidí a bheith ar fáil:

i. Ba cheart baoití agus gaistí (laistigh/lasmuigh) a mheas i líonta iomchuí, mar aon lena lonnú straitéisigh freisin;

ii. Ba cheart creimirí agus lotnaidí lámhacáin, siúl agus eitilte a chumhdach leis an gclár;

iii. Ba cheart lotnaidí agus feithidí marbha a bhaint go minic agus ba cheart a áirithiú nach féidir aon teagmháil a bheith acu le bia;

iv. I gcás fadhb athfhillteach, ba cheart an chúis a chinneadh;

v. Ceimiceáin a úsáidtear chun orgánaigh dhíobhálacha a rialú, ní mór iad a bheith údaraithe ag Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha ([3]). Ba cheart lotnaidicídí a stóráil go sábháilte agus a úsáid sa chaoi nach bhféadfaidís aon teagmháil a dhéanamh, *inter alia*, le bia, ábhar pacáistíochta agus trealamh. Níor cheart gaistí cuil (lena n-áirítear maraithe cuileanna leictreacha) a chur go díreach os cionn limistéir ina ndéantar bia a phróiseáil nó a stóráil.

vi. Níor cheart substaintí ceimiceacha (e.g. táirgí bithicíde a úsáidtear chun creimirí a rialú) a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar láithreacht lotnaidí, níor cheart iad a úsáid ach le haghaidh gníomhaíochtaí rialaithe lotnaidí.

vii. SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: is fearr rialú lotnaidí gairmiúil, ach i bhformhór na gcásanna, níl sé éigeantach, ar choinníoll gur féidir leis an bhfoireann inniúlacht a léiriú. Go háirithe, is féidir le gnólachtaí beaga an tsolúbthacht sin a chur i bhfeidhm.

### 3.4. **Bunábhair (roghnú soláthróirí, sonraíochtaí)**

a) Ba cheart aird a thabhairt, ní hamháin ar sholáthar na n-amhábhar iad féin, ach ar sholáthar breiseán, áiseanna próiseála, ábhar pacáistíochta agus ábhar a bhíonn i dteagmháil le bia freisin.

b) Is féidir beartas dian soláthair, beartas ina mbeidh comhaontú maidir le sonraíochtaí (e.g. sonraíochtaí micribhith-eolaíocha) agus dearbhú sláinteachais agus/nó an iarraidh ar chóras bainistíochta cáilíochta deimhnithe a chur san áireamh i leith mhéid na sonraí i dtaca le GHP agus plean HACCP na bunaíochta féin. Moltar amhábhair a lipéadú nuair a bhíonn ailléirginí i láthair (féach Roinn 3.7).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

c) Seachas comhaontuithe leis an soláthróir agus iniúchadh féideartha ar an soláthróir, d'fhéadfadh roinnt saincheisteanna léiriú maith a thabhairt ar iontaofacht an tsoláthróra amhail aonchineálacht na n-earraí arna seachadadh, comhlíonadh na tréimhse seachadta a comhaontaíodh, cruinneas na faisnéise arna cur leis, seilfré leordhóthanach nó úire, úsáid iompair atá glan agus feistithe go hoiriúnach, feasacht sláinteachais an tiománaí agus láimhseálaithe bia eile a iompraíonn an bia, teocht cheart le linn an iompair, sásamh fadtéarmach, etc. Ba cheart formhór na saincheisteanna sin a bheith mar chuid de sheiceálacha seachadta. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá a bheith ar an eolas faoi lastais a bhí ag feithicil iompair roimhe sin chun nósanna imeachta glanta leordhóthanacha a chur chun feidhme chun an dóchúlacht go ndéanfaí traséilliú, agus éilliú ag ailléirginí chomh maith, a laghdú.

d) Ba cheart ceanglais dlí le linn an iompair (e.g. coinníollacha teochta) a fhíorú agus a choinneáil ar bun le linn an díluchtaithe.

e) Ba cheart a chur san áireamh le coinníollacha stórála ag an mbunaíocht féin aon treoir a chuireann an soláthróir ar fáil, prionsabail "is túisce isteach is túisce amach" nó "is túisce in éag is túisce amach", inrochtaineacht le haghaidh cigireachta ó gach taobh (e.g. gan a bheith curtha go díreach ar an talamh, in aghaidh ballaí, etc.).

f) SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: Is féidir seiceálacha seachadta ar bhia réamhphacáilte ag an leibhéal miondíola a theorannú do sheiceáil an bhfuil pacáistí gan damáiste agus an raibh teochtaí inghlactha le linn an iompair, gan gá le sampláil agus tástáil tráthrialta.

g) SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: i gcásanna áirithe is féidir an beartas faofa soláthróra a bhunú ar nósanna imeachta simplí amhail, ar a laghad, a chláruimhir/uimhir cheadaithe a ráthaíonn go bhfuil sé faoi réir gníomhaíochtaí rialaithe oifigiúla a sheiceáil. I gcás gníomhaíochtaí a bhfuil riosca níos airde ag baint leo, is féidir iarratais bhreise a chur leis.

### 3.5. **Cothabháil theicniúil agus calabrú**

a) Ba cheart an plean cothabhála a bhreithniú le speisialtóir teicniúil. Ba cheart nósanna imeachta "éigeandála" a áireamh sa phlean don chás ina bhfuil trealamh lochtach, mar aon le treoracha chun séalaí, gaiscéid, etc., a athsholáthar go coisctheach.

b) Ba cheart aird a thabhairt ar shláinteachas le linn oibríochtaí cothabhála.

c) Tá calabrú feistí faireacháin (e.g. meánna, teirmiméadair, sreabhmhéadair) tábhachtach chun sábháilteacht agus sláinteachas bia a rialú. Ba cheart taifid ar chalabrú a choimeád.

d) SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: féadfaidh tástáil ar chruinneas teirmiméadar a bheith bunaithe ar chomparáid simplí le teirmiméadar eile atá calabraithe, más féidir. Nós imeachta eile simplí má úsáidtear an teirmiméadar chun teocht bianna fuara a ghlacadh, ná é a thástáil i ngloine ina bhfuil uisce oighir agus má úsáidtear é chun teocht bianna te a ghlacadh, é a thástáil le huisce fiuchta.

### 3.6. **Éillithe fisiceacha agus ceimiceacha ón timpeallacht táirgthe (e.g. olaí, dúigh, úsáid trealaimh adhmaid (damáiste), etc.)**

a) Ba cheart minicíocht an rialaithe ar ghuaiseacha fisiceacha (amhail gloine, plaisteach agus miotal) a chinneadh ag baint úsáid as anailís rioscabhunaithe (cén dóchúlacht atá ann go dtarlóidh siad sa bhunaíocht atá i gceist?).

b) Ba cheart nós imeachta a bheith ar fáil a mhíníonn céard is ceart a dhéanamh i gcás go mbrisfí gloine, plaisteach crua, sceana, etc.

c) Níor cheart ach táirgí glantacháin atá oiriúnach do dhromchlaí teagmhála bia a úsáid i dtimpeallachtaí próiseála bia ina bhféadfadh sé go mbeadh teagmháil theagmhasach ann le bia. Níor cheart táirgí glantacháin eile a úsáid ach lasmuigh de thréimhsí táirgthe.

d) Caithfidh bealaí a bheith de ghrád bia nuair a úsáidtear iad i dtimpeallachtaí ina bpróiseáiltear bianna agus ina bhféadfadh teagmháil thimpisteach a bheith ann le bia.

e) Níor cheart ach d'fhoireann speisialaithe oilte déileáil le guaiseacha ceimiceacha a d'fhéadfadh a bheith ann. B'fhearr dá mbeadh meánna do bhreiseáin uathoibríoch.

### 3.7. **Ailléirginí**

Ní mór ailléirginí a mheas mar chuid den chóras bainistíochta sábháilteachta bia. Is guais do thomhaltóirí a bhfuil ailléirge bia orthu é an baol go bhféadfadh substaintí nó táirgí is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí a bheith i mbia agus nach d'aon toil a bheidís ann.

Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ([4]) maidir le faisnéis bhia do thomhaltóirí go soláthraítear an fhaisnéis do thomhaltóirí i gcónaí maidir le haon chomhábhar nó áis phróiseála is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí, nó a dhíorthaítear ó shubstaint nó ó tháirge is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí agus a úsáidtear chun bia a dhéanamh nó a ullmhú agus atá fós sa táirge deiridh, fiú amháin i bhfoirm athraithe. Is féidir an liosta substaintí nó táirgí rialáilte is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí a fháil in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus áirítear ann an méid seo a leanas: Gránaigh a bhfuil glútan iontu, crústaigh, uibheacha, iasc, piseanna talún, pónairí soighe, bainne, cnónna, soilire, mustard, síolta seasamain, dé-ocsaíd sulfair agus sulfítí, lúipín agus moilisc. Tá treoraíocht maidir leis na ceanglais lipéadaithe ailléirginí ar fáil i bhFógra 2017/C 428/01 ón gCoimisiún ([5]).

I Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 leagtar síos forálacha maidir le bainistiú ailléirginí sa táirgeadh príomhúil agus sna céimeanna ina dhiaidh sin, lena leagtar béim ar an ngá atá le cur chuige coisctheach cuimsitheach feadh an bhiashlabhra ina iomláine. Tá gá le dea-chleachtais sláinteachais chun láithreacht substaintí is cúis le hailléirgí nó le héadulaingt de bharr éilliú earraí bia (traséilliú) a chosc nó a theorannú. D'fhéadfadh sé go gcaithfí athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas táirgeachta agus ar na modhanna oibre chun an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Le linn an táirgeadh príomhúil, an bhuaint nó an marú, ba cheart do bhainistiú ailléirginí na nithe seo a leanas a chur san áireamh d'fhonn an riosca maidir le héilliú ag ailléirginí a chosc nó a íoslaghdú:

— Feasacht na dtáirgeoirí príomhúla ar úsáid táirgí (e.g. barra atá éillithe go neamhbheartaithe le biolar, le soilire nó le mustard), substráití (e.g. tuí gránach a úsáidtear chun beacáin a fhás) agus táirgí cosanta plandaí, lena n-áirítear substaintí bunúsacha (e.g. sulfítí), a aithnítear mar ailléirginí;

— Breithniú ar uainíocht na mbarr, go háirithe má d'fhéadfadh táirgí (ailléirginí) a fhástar ó bharra roimhe sin barra nua a éilliú;

— Traséilliú a sheachaint agus a sheiceáil le linn na buainte, an mharaithe (e.g. buíocán uibhe i mbéaróga maraithe, gránaigh in eagán éanlaithe clóis), na láimhseála, na stórála agus an iompair.

Ag na chéad chéimeanna eile de tháirgeadh bia, ba cheart go measfaí an méid seo a leanas chun an riosca maidir le héilliú le hailléirginí a chosc nó a íoslaghdú:

— Aird a thabhairt ar amhábhair atá ag teacht isteach, lena n-áirítear iarrataí ar shonraíochtaí chomhábhair na n-amhábhar sin mura bhfuil siad soiléir; i gcás ina luaitear láithreacht ailléirginí neamhbheartaithe in amhábhair, ba cheart don soláthróir cainníochtú (mg próitéin ailléirgineach/kg bia) a chur ar fáil chun a chur ar a chumas don mhonaróir bia measúnú riosca a chur i bhfeidhm;

— Má úsáidtear ailléirginí rialaithe nó táirgí ina bhfuil na hailléirginí sin mar amhábhair nó mar chomhábhair, ba cheart feasacht na foirne ar bhainistiú ailléirginí a áirithiú agus ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na táirgí sin a stóráil mar is ceart (íosriosca traséillithe táirgí eile), ar lipéadú ailléirginí ceart a chur i bhfeidhm orthu agus ar iad a úsáid i gceart in oidis;

— Ba cheart nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm chun malartú táirgí (amhábhair, táirgí idirmheánacha agus táirgí deiridh críochnaithe) agus lipéid a chosc;

---

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18)

([5]) *COMMISSION NOTICE of 13 July 2017 relating to the provision of information on substances or products causing allergies or intolerances as listed in Annex II to Regulation (EU) No 1169/2011 of the European Parliament and of the Council on the provision of food information to consumers* [FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN an 13 Iúil 2017 maidir le faisnéis a sholáthar faoi shubstaintí nó táirgí is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí (IO C 428, 13.12.2017, lch. 1.)]

— Ba cheart dianbhearta a chur i bhfeidhm chun traséilliú a íoslaghdú idir táirgí a d'fhéadfadh ailléirgin(í) rialáilte a bheith iontu agus táirgí eile nach bhfuil ailléirginí iontu nó a bhfuil ailléirginí éagsúla iontu. Ba cheart deighilt a chur i bhfeidhm trí línte táirgthe, coimeádáin agus saoráidí stórála (e.g. pacáistí dúnta nuair is iomchuí) deighilte a úsáid nuair is féidir, nó trí mhodheolaíocht oibre/ordú táirgthe sonrach e.g. trí sceidealú (táirgí a bhfuil (an líon is airde) ailléirginí iontu a tháirgeadh ag deireadh an lae), feasacht (oiliúint shonrach) oibrithe agus comhlíonadh rialacha sláinteachais sula bhfilltear ar an obair ó shosanna ithe nó óil;

— Ba cheart aird a thabhairt ar an bhféidearthacht atá ann maidir le traséilliú freisin ag céimeanna ullmhúcháin (díphacáil, réamhláimhseáil agus meá comhábhar, etc.) agus ag céimeanna iartháirgthe e.g. bulciompar.

Ag gach céim nach féidir a sheiceáil go tráthrialta nach bhfuil smionagar infheicthe ann, ba cheart níos mó airde a thabhairt ar mhinicíocht agus ar stóinseacht glanta an trealaimh. Chomh maith leis sin, tá bailíochtú/fíorú an mhodha glanta ábhartha. Sampla: tá táirgeadh seacláide "iata" agus níl sé indéanta breathnú isteach sna píopaí le feiceáil an bhfuil aon rud fágtha. Tá sé deacair glanadh go héasca le huisce freisin. Dá bhrí sin, sa sampla seo, tá sé ábhartha an modh glanta a bhailíochtú/a fhíorú trí shampláil agus anailís. I gcásanna eile, nuair a úsáidtear glanadh fliuch, is féidir anailís a dhéanamh ar an uisce glantacháin le haghaidh iarmhair ailléirginí. Ní mór réamhchúram a dhéanamh, áfach, agus an toradh anailíseach á léirmhíniú mar gheall ar chaolú agus dáileadh na hailléirgine sonraí.

Is gá méid na mbeart rialaithe chun traséilliú le hailléirginí a chosc a fhorbairt ag brath ar líon agus méid na n-ailléirginí a úsáidtear, castacht na láimhseála (e.g. próiseáil le meascadh i gcomparáid le glanláimhseáil bia réamhphacáilte), líon na n-athruithe táirgí (an riosca traséillithe) agus minicíocht agus stóinseacht (éasca lena gcur i bhfeidhm nó gan a bheith éasca) na nósanna imeachta glanta.

De réir Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, níl feidhm ag lipéadú sainordaitheach ach amháin i gcás inar cuireadh táirgí nó substaintí ailléirgineacha le táirgí d'aon ghnó mar chomhábhair nó mar áiseanna próiseála. Féadfar faisnéis faoi shubstaintí nó faoi tháirgí is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí a d'fhéadfadh a bheith i mbia, agus nach d'aon toil a bheidís ann, a sholáthar ar bhonn saorálach [6] (Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, mír 3, pointe a)). Ní mór don fhaisnéis shaorálach a sholáthraítear do thomhaltóirí forálacha Airteagal 36 den Rialachán a chomhlíonadh. Go háirithe, níor cheart don fhaisnéis shaorálach sin a bheith míthreorach ná débhríoch don tomhaltóir ná níor cheart mearbhall a chur ar an tomhaltóir léi; agus ní mór di, i gcás inarb iomchuí, a bheith bunaithe ar na sonraí ábhartha eolaíocha. Go dtí go nglacfar na forálacha comhchuibhithe sin, tá oibreoirí gnólachtaí bia freagrach as a áirithiú nach bhfuil an fhaisnéis sin míthreorach ná débhríoch don tomhaltóir ná nach gcuirtear mearbhall ar an tomhaltóir léi nuair a sholáthraítear í.

Níor cheart lipéadú ailléirginí réamhchúramach (PAL) a úsáid ach amháin i gcás nach féidir straitéis choisctheach a chur chun feidhme go héifeachtúil agus i gcás ina bhféadfadh riosca a bheith ag baint leis an táirge do thomhaltóirí a bhfuil ailléirgí orthu. Is ráiteas ar leith taobh le liosta na gcomhábhar é lipéadú ailléirginí réamhchúramach agus ba cheart é a bheith bunaithe ar thorthaí measúnaithe riosca iomchuí, arna ndéanamh ag an monaróir bia, chun láithreacht fhéideartha agus neamhbheartaithe ailléirginí a mheas. Níor cheart ailléirginí atá (nó a d'fhéadfadh a bheith) sa táirge mar gheall ar thraséilliú a áireamh ar liosta na gcomhábhar ós rud é nach gcuirtear leis an táirge iad d'aon toil agus nach cuid d'fhoirmle an táirge iad. Níor cheart lipéadú den sórt sin a úsáid mar mhalairt ar bhearta coisctheacha choíche.

Tá treoraíocht níos mionsonraithe le fáil in:

— Codex Alimentarius *Code of Practice on Food Allergen Management for Food Business Operators* [Cód Cleachtais *Codex Alimentarius* maidir le Bainistiú Ailléirginí Bia d'Oibreoirí Gnólachta Bia] [7]

— *Ad hoc Joint FAO/WHO Expert Consultation on Risk Assessment of Food Allergens - Part 3: Review and establish precautionary labelling in foods of the priority allergens* [Comhairliúchán Saineolaithe Comhpháirteach *ad hoc* FAO/EDS maidir le Measúnú Riosca ar Ailléirginí Bia - Cuid 3: Lipéadú réamhchúramach ailléirginí tosaíochta i mbianna a athbhreithniú agus a chur ar bun] [8]

— *The Guidance on Food Allergen Management for Food Manufacturers* [An Treoir maidir le Bainistiú Ailléirginí Bia le haghaidh Monaróirí Bia], arna forbairt ag FoodDrinkEurope [9]

— *Precautionary Allergen Labelling (PAL): a science-based approach based on Quantitative Risk Assessment* [Lipéadú Ailléirginí Réamhchúramach (PAL): cur chuige eolaíochtbhunaithe bunaithe ar Mheasúnú Riosca Cainníochtúil] [10]

---

(6) Le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia. Luaitear in Airteagal 14(3) de "*Nuair atá cinneadh á dhéanamh faoi cé acu atá nó nach bhfuil bia ar bith neamhshábháilte, ba cheart aird a thabhairt ar an bhfaisnéis a sholáthraítear don tomhaltóir, lena n-áirítear faisnéis ar an lipéad, nó faisnéis eile atá ar fáil go ginearálta don tomhaltóir maidir le héifeachtaí díobhálacha sonracha ar an tsláinte ó bhia áirithe nó ó chatagóir bianna ar leith a sheachaint*".

(7) CXC 80-2020; http://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FStandards%252FCXC%2B80-2020%252FCXC_080e.pdf

(8) https://www.who.int/news-room/events/detail/2021/10/18/default-calendar/ad-hoc-joint-fao-who-expert-consultation-on-risk-assessment-of-food-allergens-part-3-review-and-establish-precautionary-labelling-in-foods-of-the-priority-allergens

(9) https://www.fooddrinkeurope.eu/uploads/press-releases_documents/temp_file_FINAL_Allergen_A4_web1.pdf

(10) https://www.fooddrinkeurope.eu/wp-content/uploads/2021/05/Precautionary-Allergen-Labelling.pdf

### 3.8. **Athdháileadh agus deonú bia**

Is féidir le hathdháileadh agus deonú bia tarlú ag aon chéim den bhiashlabhra nuair a bhíonn farasbarr táirgthe/stoic ann ach is minic a tharlaíonn sé ag an leibhéal miondíola. Go háirithe i gcás an mhiondíola, d'fhéadfadh bia den sórt sin a bheith ag druidim le deireadh a sheilfré, arna shloinneadh mar "dáta éagtha" nó "dáta ar fearr roimhe", agus ní mór cosc a chur le guaiseacha breise a d'fhéadfadh a bheith ann le GHP breise (féach thíos). Is tosaíocht é deonú bia a éascú faoi Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin don Gheilleagar Ciorclach mar mhodh chun cur amú bia a chosc agus slándáil bia a chur chun cinn, i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Dá bhrí sin, rinneadh roinnt tionscnamh chun athdháileadh sábháilte bia a áirithiú, fiú má tá sé ríthábhachtach go gcoiscfí cur amú bia a luaithe is féidir:

— Tugadh isteach Caibidil Va sonrach "Athdháileadh bia" in Iarscríbhinn II de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, caibidil ina bhfuil coinníollacha maidir le hathdháileadh sábháilte bia le haghaidh deonacháin.

— Féadfaidh miondíoltóirí feoil úr crúbach intíre (eallach, muca, caoirigh, gabhair), éanlaithe clóis agus giorriach a reo, i bhfianaise a hathdháileadh chun críche deonachán bia, faoi choinníollacha áirithe i gcomhréir le leasú a rinneadh le déanaí ([11]) ar Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Ní mór an buntáiste a bhaineann leis an oibríocht sin a chothromú i gcoinne rioscaí micribhitheolaíocha áirithe a d'fhéadfadh tarlú le reo agus leá.

— Tuilleadh treoraíochta maidir leis na gnéithe sláinteachais sin a bhaineann le hathdháileadh agus deonacháin bhia i Roinn 5 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le miondíol. Tá moltaí sonracha le haghaidh GHP breise maidir leis na rudaí seo a leanas sa treoraíocht:

  — rialú seilfré;

  — bianna a chuirtear ar ais a láimhseáil;

  — meastóireacht le haghaidh deonú bia, lena n-áirítear measúnú ar an seilfré atá fágtha;

  — Bia a bheartaítear lena dheonú a reo.

### 3.9. **Bainistíocht dramhaíola**

Is fearr is féidir comhlíonadh na gceanglas i gCaibidil VI d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 a bhaint amach agus a léiriú ag an FBO trí nósanna imeachta a chur chun feidhme le haghaidh gach cineál dramhaíola (seachtháirgí ainmhithe, bia millte, dramhaíl cheimiceach, ábhar pacáistíochta iomarcach/úsáidte). Nuair is infheidhme, ba cheart taifead a dhéanamh de cé atá freagrach as an mbaint, conas a bhailítear í, cá stóráiltear í agus conas a bhaintear den bhunaíocht í.

### 3.10. **Rialú uisce agus aeir**

De bhreis ar na ceanglais sách mionsonraithe i gCaibidil VII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004:

a) Ba cheart do FBOnna a gcuid anailíse micribhitheolaíche agus ceimicí tráthrialta féin a dhéanamh ar uisce a bhíonn i dteagmháil go díreach le bia (seachas uisce óil pobail). Is iad fachtóirí amhail an fhoinse, úsáid bheartaithe an uisce, etc. a chinnfidh minicíocht na hanailíse.

b) Má choinnítear uisce pobail in umar roimh a úsáid, ní mór an t-umar a bheith mar chuid de sceideal glanta tráthrialta.

c) Mar riail ghinearálta, ní fhéadfar ach uisce óil a úsáid ar bhia de bhunadh ainmhíoch. Ba cheart ar a laghad uisce glan nó, i gcás inarb infheidhme, uisce farraige glan a úsáid i gcásanna eile.

d) Is bealach tábhachtach chun guaiseacha micribhitheolaíocha agus ceimiceacha a rialú i dtáirgeadh príomhúil torthaí agus glasraí (uisciú, níochán tráth na buainte) é uisce a rialú. Dá bhrí sin, forbraíodh treoraíocht shonrach bhreise i Roinn 7.3 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le treoirdhoiciméad i ndáil le haghaidh a thabhairt ar rioscaí micribhitheolaíocha i dtorthaí agus glasraí úra ag táirgeadh príomhúil trí shláinteachas bia ([12]). Moltar go láidir uisce óil a úsáid chun torthaí agus glasraí atá le caitheamh go díreach a ní.

e) Ba cheart córais aerála a bheith stóinsithe agus iontaofa. Ba cheart córais aerála a choinneáil glan, ionas nach mbeidh siad ina bhfoinse éillithe. I gcás limistéir ardriosca/cúraim a mbeidh rialú aeir ag teastáil iontu, ba cheart córais aerbhrú dearfaigh agus córais aerscagtha iomchuí a mheas.

---

([11]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1374 ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 297, 20.8.2021, lch. 1–15)

([12]) Iris Oifigiúil C 163, 23 Bealtaine 2017, lch. 1.

f) Den chuid is mó, tarlaíonn comhdhlúthú mar gheall ar dhrochaeráil. Ba cheart comhdhlúthú a sheachaint i limistéir ina bhfuil bia á tháirgeadh, á láimhseáil nó á stóráil, go háirithe má bhíonn sé nochta nó mura mbíonn sé pacáilte.

g) SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: Féadfaidh an rialú uisce a bheith suarach má úsáidtear uisce óil pobail, ach ba cheart é a chur san áireamh má úsáidtear foinse an ghnólachta féin nó má dhéantar athchúrsáil.

### 3.11. **Pearsanta (sláinteachas, stádas sláinte)**

a) Ba cheart don phearsanra a bheith ar an eolas faoi ghuaiseacha a bhaineann le hionfhabhtuithe gastraistéigeacha, heipitíteas agus créachtaí agus ba cheart iad eisiamh go hiomchuí ó láimhseáil bia nó cosaint oiriúnach a thabhairt dóibh; ba cheart fadhbanna sláinte ábhartha a thuairisciú don bhainisteoir. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar oibrithe sealadacha nach mbeadh chomh heolach céanna ar ghuaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

b) Ba cheart na lámha a ní go rialta (agus a dhíghalrú más gá), ar a laghad, sula dtosaítear ar an obair, tar éis an leithreas a úsáid, tar éis sosanna, tar éis bruscar a dhiúscairt, tar éis casachta nó sraothartaí (i bpáipéar indiúscartha nó, mura bhfuil aon rogha eile, isteach san uillinn), tar éis amhábhar a láimhseáil, idir tascanna, etc. Is féidir le lámhainní indiúscartha a úsáidtear go sláinteach a bheith éifeachtach chun an traséilliú a chosc agus bianna réidh le hithe á láimhseáil. Ní mór na lámha a ní go lánchúramach roimh a n-úsáid agus tar éis. Ní féidir lámhainní a úsáid ach aon uair amháin agus ba cheart iad a athrú idir tascanna chun traséilliú a chosc.

c) Ba chóir clúdaigh gruaige (agus clúdaigh féasóg) a mheas, mar aon le héadaí iomchuí lena mbaineann leibhéal ard glaineachta, íosmhéid pócaí, easpa seodra agus uaireadóirí. Moltar go n-úsáidfeadh oibrithe éadaí nó baill éadaí i ndathanna éagsúla i limistéir riosca micribhitheolaíocha éagsúla.

d) B'fhearr gan éadaí cosanta a chaitheamh nuair a bhíonn na leithris á n-úsáid nó nuair a bhíonn na boscaí bruscair a gcur amach ar an tsráid.

e) Ba cheart seomraí bia, óil agus/nó caite tobac a bheith scartha agus glan.

f) Ba cheart rochtain éasca a bheith ar fhearais gharchabhrach agus iad a bheith ar fáil lena n-úsáid láithreach.

g) Ba cheart líon na gcuairteoirí a íoslaghdú agus ba cheart na coinníollacha a leagann an FBO síos a leanúint le haghaidh cuairteanna ionas nach gcuirfí an tsábháilteacht bia i mbaol. Ba cheart do chuairteoirí a lámha a ní agus éadaí cosanta iomchuí a chaitheamh, éadaí a chuirfidh an FBO ar fáil, ar a laghad.

### 3.12. **Rialú teochta ar an timpeallacht oibre agus stórála**

a) Ba cheart an teocht agus an bhogthaise a thaifeadadh (go huathoibríoch) i gcás inarb ábhartha.

b) B'fhearr feistí rabhaidh a bheith uathoibríoch más féidir.

c) Ba cheart luaineachtaí teochta a íoslaghdú e.g. trí sheomra/reoiteoir ar leithligh a úsáid chun táirgí a reo seachas an seomra/reoiteoir a úsáidtear chun táirgí reoite a stóráil.

d) Ba cheart an acmhainneacht fuaraithe/téimh a chur in oiriúint do na méideanna a láimhseáiltear.

e) Ba cheart faireachán a dhéanamh ar theochtaí sa táirge le linn na stórála agus an iompair freisin.

f) Ba cheart fíorú a dhéanamh go tráthrialta.

g) SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: Is féidir faireachán amhairc a dhéanamh ar an teocht ag an seilf nuair atáthar ag freastal ar chliaint sa mhiondíol, agus úsáidtear taifeadadh uathoibríoch agus foláirimh in áiseanna fuaraithe móra. D'fhéadfaí teirmiméadar uasteochta/íosteochta a úsáid i gcás bunaíochtaí beaga.

### 3.13. **Modheolaíocht oibre**

Ba cheart treoracha soiléire a chur ar fáil maidir le hoibriú ceart trealaimh e.g. ró-ualú nó dul thar acmhainneacht an trealaimh a sheachaint, as a dtiocfaidh scoilteanna, bia te (nó róthe) i gcórais fhuaraithe lena gcuirtear cosc ar fhuarú tapa, acmhainneacht (a)téimh ró-íseal don mhéid bia a chuirtear ar bhoird téimh bunaíochtaí seirbhíse bia, etc.

Ba cheart treoracha oibre nó nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha a bheith soiléir, cruinn agus simplí, infheicthe nó inrochtana go héasca. Féadfaidh a áireamh iontu treoracha maidir le gloine bhriste a ghlanadh agus a bhaint láithreach agus a thuairisciú, gan áiteanna cigireachta a fhágáil gan foireann, táirgí críochnaithe a chur i seomra fuaraithe a luaithe agus is féidir má tá gá le stóráil fuaraithe, taifid a líonadh isteach i gceart a luaithe is féidir, etc.

Is féidir le póstaeir nó comharthaí a shuitear go straitéiseach cur go mór leis an bhfeasacht ar mhodheolaíochtaí oibre cearta agus lena gcur i bhfeidhm.

### 3.14. **Cultúr Sábháilteachta Bia (FSC)**

I bhfómhar na bliana 2020, leis an athbhreithniú ar na Prionsabail Ghinearálta Sláinteachais Bia (CXC 1-1969), tugadh isteach bunú agus cothabháil FSC mar ghné bhunúsach d'fheidhmiú rathúil aon chórais sláinteachais bia. I Márta 2021, tugadh isteach Caibidil XIa shonrach maidir le FSC in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 trí Rialachán (AE) 2021/382 ón gCoimisiún a ghlacadh, lena sainítear comhpháirteanna FSC. Dá bhrí sin, ní mór d'oibreoirí gnólachtaí bia, a dhéanann gníomhaíochtaí seachas táirgeadh príomhúil agus oibríochtaí gaolmhara, an ceanglas sin a chomhlíonadh.

I gCaibidil XIa d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 852/2004, déantar tagairt do na comhpháirteanna seo a leanas de FSC:

a) **gealltanas** an lucht bainistíochta agus gach fostaí maidir le bia a tháirgeadh agus a dháileadh go sábháilte; déantar na ceanglais maidir le gealltanas bainistíochta a fhorbairt a thuilleadh agus leagtar síos iad i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004; is é gealltanas na bhfostaithe an dearcadh atá ann maidir le méid rannpháirteachais agus rannpháirtíochta na bhfostaithe uile san FBO maidir le sábháilteacht bia.

b) **ceannaireacht** i dtreo bia sábháilte a tháirgeadh agus gach fostaí a bheith rannpháirteach i gcleachtais sábháilteachta bia; is féidir ceannaireacht a shainmhíniú mar an dearcadh atá ann maidir leis an méid is féidir le ceannaire (nó ceannairí) FBO baill foirne a spreagadh le bheith rannpháirteach i bhfeidhmiú agus comhlíontacht sábháilteachta bia chun na ceanglais maidir le sábháilteacht bia a chomhlíonadh agus chun freagairt leordhóthanach ar rioscaí, diallas agus imthosca athraitheacha a áirithiú;

c) **feasacht** ar ghuaiseacha sábháilteachta bia agus ar an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht bia ag fostaithe uile na gnólachta; is é is feasacht ann an dearcadh atá ann maidir leis an méid atá na baill foirne uile in FBO ar an eolas faoi na rioscaí maidir le sábháilteacht bia is ábhartha ina gcuid cúraimí, agus a mhéid atá na rioscaí sin faoina smacht acu;

d) **cumarsáid** oscailte shoiléir idir na fostaithe uile sa ghnólacht, laistigh de ghníomhaíocht agus idir gníomhaíochtaí leantacha, laistigh de láthair táirgthe amháin nó suíomhanna éagsúla FBO, lena n-áirítear diallais agus ionchais a chur in iúl; tagraíonn cumarsáid don dearcadh atá ann maidir leis an méid a aistrítear nó a scaiptear faisnéis a bhaineann le sábháilteacht bia laistigh den eagraíocht;

e) **a dhóthain acmhainní** a bheith ar fáil chun láimhseáil shábháilte shláinteach bia a áirithiú; sainmhínítear acmhainní leordhóthanacha mar an dearcadh atá ann maidir leis an méid atá modhanna fisiciúla agus neamhfhisiciúla, modhanna atá riachtanach chun oibriú ar bhealach atá sábháilte le haghaidh bia, ann san FBO (e.g. am, pearsanra, bonneagar, oideachas/oiliúint agus nósanna imeachta).

Cé go bhfuil na comhpháirteanna suibiachtúil (dearcadh), forbraíodh uirlisí chun FSC a thomhas go hoibiachtúil in FBO, féach an sampla in Aguisín 3. Fágann siad gur féidir comparáid a dhéanamh idir a mhéid a chomhlíonann FBOnna, agus grúpaí éagsúla fostaithe laistigh de FBO (e.g. oibreoirí i gcomparáid le bainistíocht, fostaithe suíomhanna éagsúla, fostaithe a bhíonn teagmháil dhíreach acu le bianna nó nach mbíonn) FSC agus a chomhpháirteanna nó gur féidir treochtaí le himeacht ama a mheas (tríd an uirlis a athrá). D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le gníomhaíocht cheartaitheach amhail oiliúint bhreise a chur ar bhaill foirne áirithe maidir le cuid de na comhpháirteanna FSC nó maidir leis na comhpháirteanna ar fad, feabhas a chur ar bhealaí cumarsáide, infheistíocht in acmhainní, etc.

Sampla d'uirlis den sórt sin is féidir a úsáid mar bhonn chun FSC a fhorbairt agus a mheasúnú is é suirbhé a dhéanamh le roinnt táscairí/ráitis maidir le gach ceann de chomhpháirteanna FSC. Is féidir le freagróirí a mhéid a aontaíonn siad nó nach n-aontaíonn siad a chur in iúl (e.g. ar scála ó 1 go 5). Is féidir uirlis den sórt sin a úsáid freisin mar bhonn chun an cultúr sábháilteachta bia in FBO a fhíorú i rith iniúchta (féach Iarscríbhinn III). Is féidir uirlisí eile a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh nuair a bheidh siad ar fáil.

Forbraíonn an Global Food Safety Initiative (GFSI) ([13]) cineálacha cur chuige agus uirlisí measúnaithe atá beagán malartach (ceisteanna treoracha).

SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: Aithnítear an méid seo a leanas go sainráite i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004: "Cuirfear cineál agus méid na gnólachta bia san áireamh agus FSC á chur chun feidhme". Is léir go n-imríonn cineál an táirge e.g. a leochaileacht i leith éilliú agus fás guaiseacha agus an láimhseáil sa FBO, tionchar ar an ngá atá le méid an chultúir sábháilteachta bia, ach ní mór an gealltanas bia sábháilte a tháirgeadh a bheith i ngach gnólacht. I mbunaíochtaí an-bheaga, mar shampla bunaíocht mhiondíola ar le teaghlach í bunaíocht ag a bhfuil líon an-teoranta foirne seachtrach nó nach bhfuil, is dócha gur féidir leis an tomhaltóir féin cultúr na sábháilteachta bia a fheiceáil cheana féin, e.g. an rannpháirtíocht

([13]) https://mygfsi.com/wp-content/uploads/2019/09/GFSI-Food-Safety-Culture-Full.pdf

agus an fheasacht ar an tábhacht a bhaineann le hoibriú ar bhealach atá slán i gcomhair bia, agus d'fhéadfadh an cultúr sin éirí soiléir trí ghnáthchigireacht agus trí ghnáthiniúchadh ag údaráis inniúla. I gcás gnólachtaí móra ag a bhfuil gléasraí éagsúla, ba cheart an toradh a bheith ar mheasúnú tráthrialta ar chultúr sábháilteachta bia, ag cuideachtaí seachtracha, b'fhéidir, trí na huirlisí sin a úsáid, go mbraithfí laigí i (ngléasraí áirithe) agus is féidir leis an measúnú sin rannchuidiú go mór le sábháilteacht bia fheabhsaithe.

## 4. **FAIREACHÁN, BAILÍOCHTÚ AGUS FÍORÚ A DHÉANAMH AR GHP**

Is gá faireachán, bailíochtú a mhéid is féidir agus fíorú a dhéanamh ar roinnt GHP, cosúil le CCP, go háirithe GHP óna dteastaíonn aird níos mó. Ba cheart cineál na gníomhaíochta agus méid an ghnólachta a chur san áireamh le minicíocht an fhaireacháin agus méid an bhailíochtaithe agus an fhíoraithe. De ghnáth, is gá faireachán a dhéanamh i gcás na nithe seo a leanas:

— Céimeanna lena ngabhann teocht nó coinníollacha teochta/ama (e.g. fuarú, bánú)

— Sonraíochtaí eile atá fíor-riachtanach chun an tsábháilteacht a áirithiú amhail pH agus gníomhaíocht uisce ($a_w$) (i gcás nach meastar iad a bheith ina CCP);

— Amharc-chigireacht chun éifeachtúlacht an ghlanta a sheiceáil (agus ba cheart fíorú a dhéanamh e.g. trí thástáil mhicribhitheolaíoch tráthrialta ar dhromchlaí);

— Bainistiú ailléirginí nuair a mheastar gur ardrioscaí iad rioscaí den sórt sin nó nuair atá sé níos deacra bearta rialaithe a chur i bhfeidhm (e.g. faireachán/seiceáil a dhéanamh ar easpa smionagair infheicthe, féach Roinn 4.7);

— Amharc-chigireacht ar phacáistí chun láithreacht gás, damáiste nó lipéadú míchruinn a bhrath;

— Cáilíocht an uisce i gcás athchúrsáil nó neamhúsáid uisce pobail.

I roinnt cásanna, éileoidh bailíochtú agus fíorú sampláil agus tástáil le haghaidh guaiseacha micribhitheolaíocha nó ceimiceacha.

Ba cheart taifid a choimeád maidir le torthaí na nósanna imeachta faireacháin, bailíochtúcháin agus fíorúcháin.

An toradh is ceart a bheith ar ghníomhaíocht cheartaitheach i gcás ina n-imítear ó na caighdeáin sábháilteachta bia a shocraítear ná athbhreithniú ar chur chun feidhme an GHP ar a laghad. Ba cheart measúnú ar bhonn cás ar chás a dhéanamh ar an ngá atá le haistarraingt agus le haisghairm, go háirithe i gcás imeacht ó GHP a dteastaíonn níos mó airde ina leith.

I gcás ina bhfeictear neamhchomhlíonadh agus diallas go minic, ba cheart athmheasúnú a dhéanamh ar an riosca agus d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta rialaithe.

Is féidir tuilleadh sonraí maidir lena bhfuil i gceist le faireachán, bailíochtú agus fíorú a fháil i Roinn 9 d'Iarscríbhinn II.

## 5. **DOICIMÉADACHT AGUS TAIFID A CHOIMEÁD MAIDIR LE GHP**

Ní éilítear doiciméadacht an GHP go sainráite i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004. Mar sin féin, dealraíonn sé go bhfuil sé deacair anailís ghuaise a dhéanamh agus comhlíonadh GHP a léiriú, mura bhfuil doiciméid ann ina leith agus mura gcoinnítear roinnt taifead. Ba cheart GHP a dhoiciméadú sa phlean GHP agus d'fhéadfadh sé gur gá é a fhorlíonadh go leanúnach le taifid nuair a shainaithnítear GHP a dteastaíonn níos mó airde ina leith. Ba cheart an plean GHP sin a bheith mar chuid (comhtháite) den phlean HACCP (féach Iarscríbhinn II, Roinn 11). Beidh feidhm ag nósanna imeachta maidir le doiciméadacht agus coimeád taifead a mholtar sa phlean HACCP: curtha in oiriúint do chineál agus méid an ghnó, úsáid treoraíochta cineálaí, duine ainmnithe freagrach, an tréimhse a choinnítear, etc.

Áirítear sa doiciméadacht molta le haghaidh GHP:

— GHP a cuireadh i bhfeidhm,

— treoracha oibre, gnáthnósanna imeachta oibríochta, treoracha rialaithe;

— Gníomhaíochtaí fíorúcháin;

— Gníomhaíochtaí ceartaitheacha ionchais;

— Doiciméid tacaíochta (treoracha cineálacha, fianaise eolaíoch, etc.).

SAMPLAÍ DEN tSOLÚBTHACHT:

— I gcás gnólachtaí an-bheaga áirithe, d'fhéadfadh sé nach gá nósanna imeachta doiciméadaithe a bheith ann maidir leis na gníomhaíochtaí glanta agus díghalraithe nó na seiceálacha amhairc toisc gur fíorbheagán daoine atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí go léir. Ní mór don fhoireann a bheith in ann na gníomhaíochtaí glanta agus díghalraithe a mhíniú i gcónaí gan beann ar nósanna imeachta doiciméadaithe a bheith ann.

— Go ginearálta, tá sé níos tábhachtaí faireachán a dhéanamh go héifeachtach ná é a thaifeadadh. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí glacadh níos éasca le solúbthacht maidir leis an taifeadadh ná le solúbthacht maidir leis an bhfaireachán féin (e.g. a mhinicíocht). I gcás gnólachtaí beaga go háirithe, tá sé i bhfad níos tábhachtaí an teocht cheart a choinneáil ná í a thaifeadadh agus ní féidir taifid a dhéanamh ach amháin i gcás diallais ó GHP nó nuair a thomhaistear neamhchomhlíonadh (e.g. cliseadh trealaimh chun an teocht cheart a choinneáil).

Is samplaí de thaifid iad:

— Toradh gníomhaíochtaí faireacháin ar bhearta rialaithe;

— Diallais a tugadh faoi deara agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh;

— Toradh na ngníomhaíochtaí fíorúcháin.

SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: is féidir taifid a choimeád go leictreonach a fhad agus is féidir iad a chur ar fáil do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin dóibh, e.g. le linn iniúchta, chun cur i bhfeidhm éifeachtach na gceanglas a fhíorú.

*IARSCRÍBHINN II*

**Nósanna imeachta bunaithe ar phrionsabail na hanailíse guaise agus na bpointí rialúcháin criticiúla (HACCP) agus treoirlínte maidir lena gcur i bhfeidhm**

## 1. RÉAMHRÁ

Tá nósanna imeachta bunaithe ar HACCP éigeantach do gach oibreoir gnólachta bia seachas táirgeoirí príomhúla i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004. Is cur chuige córasach iad nósanna imeachta bunaithe ar HACCP maidir le guaiseacha sábháilteachta bia a shainaithint, a mheas agus a rialú e.g. guaiseacha bitheolaíocha, ceimiceacha (lena n-áirítear ailléirginí) agus fisiceacha.

Cuireann nósanna imeachta bunaithe ar HACCP uirlis ar fáil do FBO

— chun guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint,

— chun a shainaithint cá bhfuil sé réasúnta dóchúil go dtarlóidh na guaiseacha sin ag gach céim

— chun a shainaithint cé acu de na guaiseacha seo a bhfuil dóchúlacht réasúnta ann go dtarlóidh siad atá mór go leor go bhfágtar gur fíor-riachtanach iad a chosc, a dhíothú nó a laghdú go leibhéil inghlactha chun bia sábháilte a tháirgeadh (guaiseacha suntasacha)

— chun a mheas an bhfuil gá le bearta rialaithe breise, go háirithe OPRP nó CCP, mura bhfuil roinnt guaiseacha suntasacha faoi rialú na mbeart coisctheach.

San Iarscríbhinn II seo tugtar tuairisc ar bhealach simplí ar mholtaí maidir leis an gcaoi ar féidir nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a chur i bhfeidhm. Tá sé i gcomhréir le Caibidil II de dhoiciméad *Codex Alimentarius* CXC 1-1969 ([1]).

Meastar gur uirlis úsáideach iad nósanna imeachta bunaithe ar HACCP d'oibreoirí gnólachtaí bia chun guaiseacha a d'fhéadfadh tarlú i mbia agus le linn próiseáil bia ina mbunaíocht féin a shainaithint agus a rialú. I bhfianaise an réimse leathan gnólachtaí bia a bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 dírithe orthu, agus i bhfianaise éagsúlacht mhór na dtráchtearraí bia agus na nósanna imeachta monaraíochta a chuirtear i bhfeidhm ar bhia, is iomchuí treoir ghinearálta a eisiúint maidir le nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

## 2. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Sula gcuirfí nósanna imeachta bunaithe ar HACCP chun feidhme ar aon ghnó, ba cheart GHP (féach Iarscríbhinn I) agus PRP ábhartha eile (féach Roinn 5 den phríomhdhoiciméad) a bheith curtha chun feidhme ag an oibreoir gnólachta bia.

Ba cheart na nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a bheith bunaithe ar an eolaíocht/ar riosca agus ba cheart iad a bheith córasach, agus ba cheart go n-aithneofaí leo guaiseacha suntasacha ag gach céim den slabhra táirgeachta, mar aon le bearta chun na guaiseacha sin a rialú, chun sábháilteacht bia a áirithiú. Is uirlisí iad nósanna imeachta bunaithe ar HACCP chun guaiseacha a shainaithint agus a mheasúnú agus chun córais rialaithe a bhunú a dhíríonn ar chosc, murab ionann agus córais níos sine a bhrath go príomha ar thástáil táirgí deiridh. Ba cheart gach nós imeachta bunaithe ar HACCP a bheith in ann freastal ar athruithe, amhail dul chun cinn i ndearadh trealaimh, nósanna imeachta próiseála nó forbairtí teicneolaíochta mar go n-áirítear leo ceanglas maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun a áirithiú nach dtugtar isteach guaiseacha nua nuair a dhéantar athruithe den sórt sin.

Chomh maith le sábháilteacht bia a fheabhsú, is féidir tairbhí suntasacha eile a bheith ann de thoradh nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a chur chun feidhme, e.g. le haghaidh cigireachta/iniúchta ag údaráis rialála agus chun trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn tríd an muinín i sábháilteacht bia a mhéadú.

Tá cur chun feidhme nósanna imeachta bunaithe ar HACCP bunaithe ar na seacht bprionsabal seo a leanas, prionsabail a leagtar síos i bpointí (a) go (g) d'Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004:

(1) Pointe (a): aon ghuais nach mór a chosc, a dhíothú nó a laghdú go leibhéil inghlactha (anailís ghuaise) a shainaithint agus bearta rialaithe a shainaithint, féach Roinn 5;

(2) Pointe (b): na pointí rialúcháin criticiúla a shainaithint ag an gcéim nó ag na céimeanna ina mbeidh rialú riachtanach chun gach guais ábhartha a chosc nó a dhíothú nó iad a laghdú go leibhéil inghlactha, féach Roinn 6;

([1]) http://www.codexalimentarius.org/standards/list-of standards/en/?provide=standards&orderField=fullReference&sort=-asc&num1=CAC/RCP

(3) Pointe (c): teorainneacha criticiúla a bhunú ag pointí rialúcháin criticiúla (CCP) a scarann inghlacthacht ó neamhinghlacthacht chun guaiseacha aitheanta a chosc, a dhíothú nó a laghdú, féach Roinn 7;

(4) Pointe (d): nósanna imeachta faireacháin éifeachtacha a bhunú agus a chur chun feidhme ag pointí rialúcháin criticiúla, féach Roinn 8;

(5) Pointe (e): gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bhunú nuair a thugtar diallas le fios le faireachán ag pointí rialúcháin criticiúla, féach Roinn 9;

(6) Pointe (f): an plean HACCP a bhailíochtú agus nósanna imeachta a bhunú, nósanna imeachta a chuirfear i gcrích go tráthrialta, lena fhíorú go bhfuil na bearta a leagtar amach i bprionsabail 1 go 5 ag feidhmiú go héifeachtach, féach Roinn 10;

(7) Pointe (g): doiciméid agus taifid a chur le chéile a bheidh i gcomhréir le nádúr agus méid na ngnólachtaí bia chun cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeart a leagtar síos i bprionsabail 1 go 6 a léiriú, féach Roinn 11.

Le linn nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, nósanna imeachta a leagtar síos i bplean HACCP, ba cheart don FBO aird a thabhairt ar an úsáid is dócha a bhainfear as an táirge (e.g. cócaráilte nó gan a bheith), catagóirí tomhaltóirí leochaileacha agus fianaise eipidéimeolaíoch a bhaineann le sábháilteacht bia.

Is é is aidhm do nósanna imeachta bunaithe ar HACCP díriú ar rialú ag CCP. Ba cheart iad a chur i bhfeidhm ar leithligh ar gach oibríocht/céim shonrach. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta bunaithe ar HACCP agus ba cheart athruithe riachtanacha a dhéanamh nuair a dhéantar aon mhodhnú ar an táirge, ar an bpróiseas nó ar aon chéim. Nuair a bhíonn na nósanna imeachta bunaithe ar HACCP á gcur i bhfeidhm, tá sé tábhachtach a bheith solúbtha i gcás inar iomchuí, i bhfianaise chomhthéacs an chur i bhfeidhm, agus cineál agus méid na hoibríochta á gcur san áireamh.

## 3. SOLÚBTHACHT MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME NÓSANNA IMEACHTA BUNAITHE AR HACCP

### 3.1. Ceanglais dlí

Le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ceanglaítear ar oibreoirí gnólachtaí bia nós imeachta buan nó nósanna imeachta buana **bunaithe ar** phrionsabail HACCP a chur ar bun, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun.

Leis an gcoincheap is féidir prionsabail HACCP a chur chun feidhme leis an tsolúbthacht is gá.

I Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, is iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna maidir le solúbthacht:

(a) Aithris 15 den Rialachán céanna ina luaitear an méid seo a leanas:

“Ba cheart na prionsabail a leagtar amach in Codex Alimentarius a chur san áireamh i gceanglais HACCP. Ba cheart iad a bheith **solúbtha go leor le go mbeidís infheidhme i ngach cás**, lena n-áirítear i gcás gnólachtaí beaga. Go háirithe, is gá a aithint, i gcás gnólachtaí bia áirithe, nach féidir pointí rialúcháin criticiúla a shainaithint agus, i gcásanna áirithe, gur féidir dea-chleachtais sláinteachais a chur in ionad faireachán a dhéanamh ar phointí rialúcháin criticiúla. Ar an gcaoi chéanna, ní chiallaíonn an ceanglas go mbunófaí ‘teorainneacha criticiúla’ gur gá teorainn uimhriúil a shocrú i ngach cás. Sa breis air sin, ní mór an ceanglas maidir le doiciméid a choinneáil a bheith solúbtha chun ualaí míchuí ar ghnólachtaí an-bheaga a sheachaint.”

(b) An ráiteas soiléir in Airteagal 5(1) **go gcaithfidh an nós imeachta a bheith bunaithe** ar phrionsabail HACCP.

(c) An ráiteas in Airteagal 5(2)(g) go gcaithfidh an gá le doiciméadacht agus taifid a bhunú a bheith **i gcomhréir le cineál agus méid an ghnólachta bia**.

(d) Airteagal 5(5) den Rialachán, lena gceadaítear socruithe a ghlacadh chun cur chun feidhme an cheanglais HACCP ag FBOnna áirithe a éascú. Áirítear orthu sin **treoracha maidir le cur i bhfeidhm nósanna imeachta bunaithe ar HACCP** a úsáid.

In Airteagal 5(2)(g) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, sainaithnítear dhá phríomhchritéar a fhágann go mbeidh FBO incháilithe le haghaidh solúbthachta i ndáil le nósanna imeachta bunaithe ar HACCP: a chineál agus a mhéid.

a) Is é an **cineál** an bunús le haghaidh cur chuige rioscabhunaithe agus braitheann sé ar ghníomhaíocht an FBO, mar shampla:

— Bia atá réidh le hithe nó bia nach bhfuil réidh le hithe

— Fad an tslabhra soláthair

— Bia réamhphacáilte a phróiseáil, a chumhdach, etc. nó díreach é a stóráil

— Céim laghdaithe/díbeartha guaise (e.g. paistéaradh) ag an deireadh nó gan céim den sórt sin

— Bia de bhunadh ainmhíoch (a bhaineann i bhfad níos mó le ráigeanna bia-iompartha go fóill i gcomparáid le bianna eile) nó bia de bhunadh eile

— Guaiseacha a bhaineann le hamhábhair/comhábhair

— Ceanglais teochta ag an láimhseáil/stóráil nó gan ceanglais

— An úsáid atá beartaithe agus an tsaincheist a bhaineann leis na sprioc-thomhaltóirí

Tá ról ríthábhachtach ag an anailís ghuaise maidir leis an riosca a mheas.

b) Tá nasc idir an **méid** (an méid táirgeachta, an tréchur, etc...) agus an chomhréireacht i gcás oibreoirí gnólachtaí beaga agus léirítear é go príomha i laghdú ar an ualach riaracháin (úsáid treoracha cineálacha, méid na doiciméadachta, taifid, etc.).

Cé go bhféadfadh an dá chritéar maidir le solúbthacht a bheith ábhartha do FBOnna áirithe (e.g. miondíoltóir), ba cheart na critéir sin a mheas ar leithligh.

### 3.2. **Nósanna imeachta simplithe bunaithe ar HACCP**

Is samhail phraiticiúil iad na seacht bprionsabal HACCP chun guaiseacha suntasacha a shainaithint agus a rialú ar bhonn buan. Tugtar le tuiscint leis sin, i gcás inar féidir an cuspóir sin a bhaint amach trí mhodh coibhéiseach lena n-ionadaítear cuid de na seacht bprionsabal ar bhealach simplithe ach éifeachtach, nach mór a mheas go gcomhlíontar an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 5, mír 1 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004.

Aithnítear go soiléir in Aithris 15 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 go bhféadfadh sé nach n-sainaithneofaí CCP i ngach cás. I gcásanna den sórt sin, tá cur i bhfeidhm nósanna imeachta bunaithe ar phrionsabail HACCP teoranta don chéad phrionsabal i.e. anailís ghuaise a cheanglaítear chun údar a thabhairt, ar bhealach rioscabhunaithe, leis an bhfáth nach gá aon CCP a mheas agus chun a léiriú gur leor GHP, leis an bhféidearthacht GHP óna dteastaíonn níos mó airde a áireamh, chun na guaiseacha a rialú.

Nuair a shainaithnítear CCP i ngnólachtaí beaga, tugann comhréireacht san ualach riaracháin údar breise le cur chuige simplithe chun prionsabail HACCP eile a chomhlíonadh.

Féadfar guaiseacha a ghrúpáil le haghaidh nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a chur chun feidhme má rialaítear iad ar bhealach comhchosúil. Ina theannta sin, is féidir táirgí comhchosúla a ghrúpáil le chéile má tháirgtear ar an mbealach céanna iad agus má tá guaiseacha coiteanna acu.

Aon uair a bhíonn riachtanais ag baint le honnmhairiú nó le sonraíochtaí custaiméirí, tá sé de shaoirse ag gach FBO nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a úsáid agus a chur chun feidhme ina n-iomláine agus deimhniú a fháil ina leith, fiú dá mbeidís incháilithe le haghaidh cur chuige níos solúbtha mar a thuairiscítear sa doiciméad seo.

Is féidir samplaí de nósanna imeachta simplithe den sórt sin bunaithe ar HACCP le haghaidh gníomhaíochtaí miondíola, bunaithe ar dhá thuairim ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ([2]), a fháil san Fhógra ón gCoimisiún maidir le miondíol.

### 3.3. **Treoracha cineálacha maidir le cur chun feidhme nósanna imeachta bunaithe ar HACCP**

Forbraíodh treoracha cineálacha HACCP lena dtugtar aghaidh ar gach prionsabal HACCP atá le comhlíonadh nuair a shainaithnítear guaiseacha suntasacha.

D'fhéadfadh na treoracha cineálacha guaiseacha agus bearta rialaithe a mholadh atá coiteann do ghnólachtaí bia áirithe agus d'fhéadfaidís cúnamh a thabhairt don FBO nó don fhoireann HACCP chun nósanna imeachta nó modhanna sábháilteachta bia a tháirgeadh a bheadh bunaithe ar anailís ghuaise chineálach, agus ar choinneáil taifead iomchuí.

Ba cheart d'oibreoirí gnólachtaí bia a bheith ar an eolas, áfach, go bhféadfadh guaiseacha eile a bheith ann, e.g. na guaiseacha sin a bhaineann le leagan amach a mbunaíochta nó leis an bpróiseas a chuirtear i bhfeidhm, agus nach féidir na guaiseacha sin a thuar i dtreoir chineálach HACCP. Nuair a úsáidtear treoracha HACCP cineálacha, ba cheart don FBO a sheiceáil chun a áirithiú go gcumhdaítear na gníomhaíochtaí uile sa ghnó sa treoir. Mura gcumhdaítear, ba cheart don FBO a nósanna imeachta féin a fhorbairt maidir leis na gníomhaíochtaí breise bunaithe ar na prionsabail HACCP.

([2]) *Hazard analysis approaches for certain small retail establishments in view of the application of their food safety management systems* [Cur chuige na hanailíse guaise i gcás bunaíochtaí beaga miondíola áirithe i bhfianaise chur i bhfeidhm a gcóras bainistíochta sábháilteachta bia] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2017;15(3):4697) agus *Hazard analysis approaches for certain small retail establishments and food donations: second scientific opinion* [Cur chuige na hanailíse guaise i gcás bunaíochtaí beaga miondíola áirithe agus deonacháin bia: an dara tuairim eolaíoch] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(11):5432)

Sna hearnálacha sin ina bhfuil go leor comhchoitiantachta idir gnólachtaí nó ina bhfuil an próiseas monaraíochta líneach agus gearr, agus inar maith is eol leitheadúlacht na guaise, d'fhéadfadh treoracha cineálacha HACCP a bheith iomchuí, e.g.:

— I gcás seamlas, bunaíochtaí a láimhseálann táirgí iascaigh, bunaíochtaí déiríochta etc.;

— I gcás gnólachtaí a chuireann nósanna imeachta caighdeánacha próiseála bia i bhfeidhm, amhail cannú bia, paistéaradh bia leachtaigh, reo/mear-reo bia etc.

Tugann an Fógra ón gCoimisiún maidir le miondíol treoraíocht chineálach maidir leis an anailís ghuaise do mhiondíoltóirí áirithe. Ba cheart go n-urramófaí na moltaí i Roinn 4.4 le hábhar na dtreoracha cineálacha HACCP inar féidir solúbthacht a bheith ann.

## 4. RÉAMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Ní leagtar na réamhghníomhaíochtaí thíos síos go sainráite i reachtaíocht an Aontais, ach meastar iad a bheith bunriachtanach mar sin féin agus nósanna imeachta bunaithe ar HACCP á bhforbairt agus á gcur chun feidhme. Go traidisiúnta, is éard atá sna réamhghníomhaíochtaí sin ná cúig chéim agus nuair a chuirtear le chéile iad le seacht bprionsabal HACCP, is cur chuige 12 chéim a bhíonn ann.

### 4.1. Foireann ildisciplíneach HACCP a chur le chéile

Ba cheart a áireamh ar an bhfoireann sin, foireann a bhaineann le gach cuid den ghnólacht bia a bhaineann leis an táirge, an raon iomlán eolais shonraigh agus saineolais is iomchuí don táirge i gceist, dá tháirgeadh (monarú, stóráil agus dáileadh), dá thomhailt agus do na guaiseacha a bhaineann leis a d'fhéadfadh a bheith ann agus ba cheart na leibhéil ardbhainistíochta a bheith rannpháirteach inti a mhéid is féidir. Ba cheart don fhoireann tacaíocht iomlán a fháil ón mbainistíocht ar cheart í féin a mheas mar úinéir an phlean HACCP agus an FSMS fhoriomláin.

I gcás inar gá, ba cheart do speisialtóirí cúnamh a thabhairt don fhoireann, speisialtóirí a chuideoidh léi deacrachtaí a réiteach maidir le nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

D'fhéadfadh speisialtóirí agus teicneoirí a bheith ar an bhfoireann:

— a thuigeann na guaiseacha bitheolaíocha, ceimiceacha nó fisiceacha a bhaineann le grúpa táirgí ar leith;

— a bhfuil freagracht orthu as próiseas teicniúil mhonaraíocht an táirge atá faoi staidéar, nó a bhfuil dlúthbhaint acu leis an bpróiseas sin;

— a bhfuil eolas oibre acu ar shláinteachas agus oibriú ghléasra agus threalamh an phróisis;

— aon duine eile a bhfuil saineolas aige ar an micribhitheolaíocht bia, ar cheanglais reachtacha agus ar innealra a úsáidtear le haghaidh monaraíocht bia, ar a chothabháil agus ar a ghlanadh.

Féadfaidh duine amháin roinnt de na róil sin a chomhlíonadh, nó gach ceann díobh, ar choinníoll go gcuirtear an fhaisnéis ábhartha go léir ar fáil don fhoireann agus go n-úsáidtear í chun a áirithiú go bhfuil an córas a fhorbraítear iontaofa. I gcás nach bhfuil saineolas ar fáil sa bhunaíocht i réimsí sonracha, ba cheart comhairle a fháil ó fhoinsí eile (comhairleacht, treoracha maidir le dea-chleachtais sláinteachais, etc. gan cuideachtaí eile den ghrúpa céanna (ar leibhéal earnála nó ar leibhéal comhlachais) ina bhfuil saineolas ar fáil a chur as an áireamh).

SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: I ngnólachtaí beaga, d'fhéadfadh duine amháin a fhaigheann cúnamh saineolaí sheachtraigh (go sealadach nó go tráthrialta) gníomhaíochtaí HACCP/FSMS a dhéanamh. I gcás ina n-úsáidtear saineolas seachtrach, tá sé fíor-riachtanach úinéireacht leordhóthanach ar an FSMS ag an ngnólacht bia féin a bheith ann. Ba cheart do FBOnna a úsáideann an bealach sin a áirithiú go bhfuil a fhios acu conas a oibríonn an córas agus conas atá sé á chur i bhfeidhm ar a ngnólacht, agus go bhfuil a gcuid foirne oilte go cuí chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú.

### 4.2. Tuairisc ar an táirge nó na táirgí ag deireadh an phróisis (dá ngairtear "an táirge deiridh" anseo feasta)

Ba cheart tuairisc iomlán ar an táirge deiridh a tharraingt suas, lena n-áirítear faisnéis sábháilteachta ábhartha amhail:

— Tionscnamh na gcomhábhar/na n-amhábhar, rud a d'fhéadfadh cabhrú le guaiseacha áirithe a shainaithint;

— comhdhéanamh (e.g. amhábhair, comhábhair, breiseáin, ailléirginí a d'fhéadfadh a bheith ann etc.);

— struchtúr agus tréithe fisiciceimiceacha (e.g. solad, leacht, glóthach, eibleacht, cion taise, pH, gníomhaíocht uisce, etc.);

— próiseáil (e.g. téamh, reo, triomú, sailleadh, deatú, etc. agus a mhéid a dhéantar é);

— pacáistiú (e.g. heirméiteach, folús, atmaisféar modhnaithe) agus lipéadú;

— dálaí stórála agus dáileacháin, lena n-áirítear iompar agus láimhseáil;

— seilfré riachtanach (e.g. "dáta éagtha" nó "dáta ar fearr roimhe");

— treoracha um úsáid;

— aon chritéar micribhitheolaíoch nó ceimiceach is infheidhme.

SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: Nuair nach mbíonn aon phróiseáil ná aon mhonarú eile ann (e.g. gearradh, cumhdach), is féidir an tuairisc ar an táirge a theorannú d'fhaisnéis atá ar fáil ar an lipéad (bia réamhphacáilte) nó d'fhaisnéis eile ar an mbia a bhaintear as foinsí iontaofa.

### 4.3. **An úsáid atá beartaithe a shainaithint**

Ba cheart don fhoireann HACCP úsáid measartha intuartha an táirge ag an gcustaiméir agus ag na spriocghrúpaí tomhaltóra a bhfuil an táirge beartaithe dóibh a shainiú freisin. I gcásanna sonracha, d'fhéadfadh sé go gcaithfí a chur san áireamh oiriúnacht an táirge do ghrúpaí áirithe tomhaltóirí, amhail lónadóirí institiúideacha, taistealaithe, etc. agus do ghrúpaí leochaileacha den phobal.

### 4.4. **Sreabhchairte (tuairisc ar phróiseas monaraíochta) a tharraingt suas**

Ba cheart gach céim a bhfuil baint aici leis an bpróiseas a staidéar in ord seicheamhach agus í a chur i láthair i sreabhchairt mhionsonraithe.

Gach próiseas (ó na hamhábhair a fháil go dtí an táirge deiridh a chur ar an margadh) lena n-áirítear moilleanna le linn céimeanna nó idir céimeanna, ba cheart iad a lua in éineacht le sonraí teicniúla leordhóthanacha atá ábhartha do shábháilteacht bia, amhail teocht agus fad na cóireála teasa.

Féadfaidh na cineálacha sonraí seo a leanas a bheith san áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh:

— plean de na háitribh oibre agus áitribh choimhdeacha;

— leagan amach agus tréithe an trealaimh;

— seicheamh chéimeanna uile an phróisis (lena n-áirítear ionchorprú amhábhar, comhábhar nó breiseán agus moilleanna le linn céimeanna nó idir céimeanna) agus diúscairt dramhaíola/fotháirgí;

— paraiméadair theicniúla oibríochtaí (go háirithe am agus teocht, moilleanna san áireamh);

— sreabhadh táirgí (lena n-áirítear traséilliú a d'fhéadfadh a bheith ann);

— deighilt limistéar glan agus limistéar salach (nó limistéir ardriosca/ísealriosca).

Is é cineál an ghnólachta a rialóidh castacht na sreabhchairte a bhfuil gá léi, sreabhchairt a d'fhéadfadh a bheith an-simplí i ngnólachtaí áirithe (Féach samplaí le haghaidh miondíoltóirí éagsúla san Fhógra ón gCoimisiún maidir le miondíol).

### 4.5. **Deimhniú na sreabhchairte ar an láthair**

Tar éis na sreabhchairte a tharraingt suas, ba cheart don fhoireann HACCP í a dheimhniú ar an láthair le linn uaireanta oibriúcháin. Le haon imeacht ón tsreabhchairt a thugtar faoi deara, ní mór leasú a dhéanamh ar an tsreabhchairt bhunaidh chun go mbeidh sí cruinn.

## 5. **ANAILÍS GHUAISE (PRIONSABAL 1)**

### 5.1. **Guaiseacha ábhartha a shainaithint**

Is éard is guais ann oibreán bitheolaíoch, ceimiceach (lena n-áirítear ailléirginí) nó fisiceach i mbia nó i mbeatha a d'fhéadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith aige ar an tsláinte ([3]). Cé go meastar gur guais cheimiceach iad ailléirginí, is fusa do roinnt FBOnna caitheamh le hailléirginí mar an ceathrú guais le linn anailíse guaise (féach an bhileog oibre i roinn 5.3).

([3]) Airteagal 3(14) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.

Ba cheart gach mórghuais bhitheolaíoch, cheimiceach nó fhisiceach fhéideartha a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go dtarlóidh sí i dtáirge a shainaithint agus a liostú. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach féachaint ar fhoinse sheachtrach faisnéise (e.g. an Córas Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe).

Ansin ba cheart don fhoireann HACCP a shainaithint cén áit ar dócha go réasúnta go dtarlóidh na guaiseacha féideartha sin ag gach céim den phróiseas (lena n-áirítear táirgeadh, fáil, stóráil, iompar agus láimhseáil amhábhar agus comhábhar agus moilleanna le linn na monaraíochta).

Ina dhiaidh sin ba cheart don fhoireann HACCP meastóireacht a dhéanamh ar na guaiseacha chun a shainaithint cé acu atá den chineál sin go bhfágtar gur fíor-riachtanach iad a chosc, a dhíothú nó a laghdú go leibhéil inghlactha chun bia sábháilte (táirge deiridh) a tháirgeadh.

Nuair a bhíonn an anailís ghuaise á déanamh chun a chinneadh an bhfuil guaiseacha suntasacha ann, ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh nuair is féidir:

— guaiseacha a bhaineann leis an gcineál bia a tháirgeadh nó a phróiseáil, lena n-áirítear a chomhábhair agus a chéimeanna próisis (e.g. ó shuirbhéanna nó ó shampláil agus tástáil ar ghuaiseacha sa bhiashlabhra, ó aisghairmeacha, ó fhaisnéis sa litríocht eolaíoch nó ó shonraí eipidéimeolaíocha);

— an dóchúlacht go dtarlódh guaiseacha, agus cláir réamhriachtanais á gcur san áireamh, in éagmais rialú breise;

— dóchúlacht agus déine éifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte a bhaineann leis na guaiseacha sa bhia in éagmais rialú;

— leibhéil inghlactha sainaitheanta na nguaiseacha sa bhia e.g. bunaithe ar rialáil, ar an úsáid bheartaithe, agus ar fhaisnéis eolaíoch;

— cineál na saoráide agus an trealaimh a úsáidtear chun an táirge bia a dhéanamh;

— marthanas nó iolrú miocrorgánach pataigineach;

— táirgeadh nó marthanacht tocsainí (e.g. míceatocsainí), ceimiceán (e.g. lotnaidicídí, iarmhair drugaí, ailléirginí) nó oibreáin fhisiceacha (e.g. gloine, miotal) i mbianna;

— cineál an táirge mar tháirge idirmheánach a dhéanann FBO eile a phróiseáil tuilleadh;

— an úsáid atá beartaithe agus/nó an dóchúlacht go ndéanfaidh tomhaltóirí ionchasacha míláimhseáil ar an táirge a d'fhéadfadh an bia a fhágáil neamhshábháilte; agus,

— dálaí as a dtagann an méid sin thuas.

### 5.2. **Bearta rialaithe**

Ba cheart don FBO breithniú agus tuairisc a dhéanamh ar na bearta rialaithe, más ann dóibh, is féidir a chur i bhfeidhm maidir le gach guais ag gach céim den phróiseas.

Is bearta rialaithe iad na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí sin is féidir a úsáid chun guaiseacha a chosc, a dhíothú nó a laghdú go leibhéil inghlactha. Is cuid de GHP iad go leor bearta rialaithe chun guaiseacha a chosc agus tá siad beartaithe éilliú ón timpeallacht táirgthe a sheachaint (e.g. pearsanra, lotnaid, uisce, cothabháil, rudaí a liostaítear mar shamplaí in Iarscríbhinn I). Bearta rialaithe eile atá dírithe ar ghuaiseacha a laghdú nó a dhíothú, tá baint níos sonraí acu le próiseas táirgthe ar leith e.g. paistéaradh, coipeadh críochnúil nó tá siad beartaithe iolrú na guaise a sheachaint (e.g. fuarú), agus d'fhéadfadh sé go mbunófaí CCP nó OPRP mar thoradh orthu.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go gceanglófaí le beart rialaithe faireachán a dhéanamh ar níos mó ná paraiméadar amháin e.g. paistéaradh faoi rialú ama, teocht agus sreabhráta an tsreabháin agus d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná guais amháin á rialú le beart rialaithe amháin e.g. d'fhéadfadh sé go dtabharfadh paistéaradh nó cóireáil teasa rialaithe cinnteacht leordhóthanach maidir le laghdú ar leibhéal roinnt miocrorgánaigh phataigineacha amhail *Salmonella* agus *Listeria monocytogenes*.

Ní mór bearta rialaithe a bhailíochtú.

Ba cheart nósanna imeachta agus sonraíochtaí mionsonraithe a bheith ag tacú le bearta rialaithe chun a chur chun feidhme éifeachtach a áirithiú.

5.3. **Bileog oibre maidir le hanailís ghuaise**

Bealach chun an anailís ghuaiseacha a dhoiciméadú is ea bileog oibre anailíse guaise a úsáid.

| Céim | Déan guaiseacha féideartha a tugadh isteach, a rialaíodh nó a feabhsaíodh a shainaithint ag an gcéim seo<br>B = bitheolaíoch<br>C = ceimiceach<br>P = fisiciúil<br>A = ailléirgin (*) | | An réasúnta dóchúil go dtarlóidh an ghuais fhéideartha seo? | | Tabhair údar le do chinneadh le haghaidh colún 3 | Cén beart(a) is féidir a chur i bhfeidhm chun an ghuais a chosc nó a dhíothú nó chun í a laghdú go leibhéal inghlactha? |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Is dóchúil | Ní dóchúil | | |
| | B | | | | | |
| | C | | | | | |
| | P | | | | | |
| | A | | | | | |
| | B | | | | | |
| | C | | | | | |
| | P | | | | | |
| | A | | | | | |
| | B | | | | | |
| | C | | | | | |
| | P | | | | | |
| | A | | | | | |

(*) Is guaiseacha ceimiceacha iad ailléirginí, ach d'fhéadfadh sé a bheith níos praiticiúla iad a mheas ar leithligh chun críoch na hanailíse guaise ós rud é gur féidir le bearta rialaithe a bheith sách sonrach.

Is féidir guaiseacha a ghrúpáil nuair a dhíorthaítear iad ón bhfoinse chéanna agus nuair atá bearta rialaithe cosúil lena chéile gan gá le hanailís ghuaise chuimsitheach ar gach ceann de na guaiseacha sonracha. Mar shampla, is féidir guaiseacha micribhitheolaíocha a ghrúpáil i mbaictéir fhásúla (*Salmonella, Campylobacter,* VTEC, etc.) agus baictéir spórdhéanta (*Clostridium, Bacillus*) toisc gur féidir leis an mbunús agus na rialaithe a bheith cosúil le chéile le haghaidh gach catagóire.

Tá samplaí mionsaothraithe d'anailísí guaise le haghaidh miondíoltóirí, samplaí ina ngrúpáiltear guaiseacha bitheolaíocha, ceimiceacha agus fisiceacha, le fáil san Fhógra ón gCoimisiún maidir le miondíol.

I gcás gnólachtaí beaga, d'fhéadfadh sé gur leor go dtabharfaí san anailís ghuaise sa phlean HACCP tuairisc ar bhealach praiticiúil simplí ar na modhanna chun guaiseacha a rialú gan dul isteach sna mionsonraí maidir le cineál na nguaiseacha. Mar sin féin, ba cheart a chumhdach in anailís den sórt sin gach guais shuntasach i ngnólacht agus ba cheart nósanna imeachta a shainiú go soiléir chun na guaiseacha sin a rialú agus an ghníomhaíocht cheartaitheach a dhéanfar i gcás fadhbanna.

Is féidir le treoracha sonracha HACCP a thabhairt le fios cad iad na guaiseacha suntasacha a bhaineann le táirgí agus próisis shonracha.

## 6. **POINTÍ RIALÚCHÁIN CRITICIÚLA (CCP) A SHAINAITHINT (PRIONSABAL 2)**

Tá cur chuige loighciúil ag teastáil chun CCP a shainaithint. Is féidir cur chuige den sórt sin a éascú trí chrann cinnteoireachta nó modhanna eile a úsáid, de réir eolas agus thaithí na foirne HACCP.

Nuair a shainítear CCP, bíonn dhá iarmhairt ann don fhoireann HACCP, agus ba cheart don fhoireann HACCP na rudaí seo a leanas a dhéanamh ansin:

a áirithiú go ndéanfaí bearta rialaithe iomchuí a cheapadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Go háirithe, má sainaithníodh guais ina ghuais shuntasach agus gan aon bheart rialaithe ann ag an gcéim sin, nó ag aon chéim eile níos faide ar aghaidh sa phróiseas táirgthe, ansin ba cheart an táirge nó an próiseas a mhodhnú ag an gcéim sin nó ag céim níos luaithe nó níos déanaí, chun beart rialaithe a áireamh;

prionsabail 3 go 7 de na nósanna imeachta bunaithe ar phrionsabail HACCP a bhunú agus a chur chun feidhme ag gach CCP.

Tá CCP beartaithe aghaidh a thabhairt **ar ghuaiseacha suntasacha** amháin i mbunaíocht.

Ina theannta sin, i gcás gach bearta rialaithe, áireofar sa chur chuige córasach **measúnú ar a indéanta atá sé** an méid seo a leanas a dhéanamh:

— teorainneacha criticiúla intomhaiste/inbhraite agus/nó critéir ghníomhaíochta intomhaiste/inbhraite a bhunú;

— faireachán a dhéanamh chun aon teip fanacht laistigh de theorainneacha criticiúla agus/nó de chritéir ghníomhaíochta intomhaiste/inbhraite a bhrath;

— ceartúcháin thráthúla a chur i bhfeidhm i gcás teipe.

Nuair a dhéantar an anailís ghuaise trí mheastóireacht riosca leathchainníochtúil amhail in Aguisín 2, cuirtear CCP i bhfeidhm chun guaiseacha suntasacha a shainaithnítear san anailís ghuaise a rialú. Samplaí eile d'uirlisí is ea na crainn chinnteoireachta a léirítear i bhFoscríbhinní 4A agus 4B. Is féidir na huirlisí i bhFoscríbhinní 2 agus 4 a úsáid ar leithligh nó i dteannta a chéile, agus an meastóireacht riosca á húsáid chun na guaiseacha móra a shainaithint agus chun scagthástáil tosaigh a dhéanamh ar na bearta rialaithe is gá agus an crann cinnteoireachta á úsáid chun na bearta rialaithe a mhionchoigeartú a thuilleadh. I gcás ardleibhéal rioscaí, rioscaí nach rialaítear le GHP, ba cheart CCP nó OPRP a bhunú. Ní ann do chrainn chinnteoireachta idéalacha, is infheidhme i ngach cineál cáis/céime. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí féachaint ar chrainn chinnteoireachta mar uirlisí chun cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu is leor nó nach leor GHP nó ar cheart OPRP nó CCP a mheas, seachas féachaint orthu mar léiriú ar an mbealach doshéanta chun an mheastóireacht sin a dhéanamh.

**CCP nó OPRP?**
Céim ag a bhfuil feidhm ag beart rialaithe chun guais shuntasach a rialú atá i gceist le CCP agus OPRP araon. Tá CCP beartaithe na rioscaí is airde a rialú, agus is féidir OPRP a úsáid chun rioscaí idirmheánacha a rialú nó le haghaidh aon ghuais shuntasach nuair

— nach féidir teorainn chriticiúil a shocrú, mar shampla: a bhíonn easpa truaillithe amhairc, nuair nach mbíonn an phacáistíocht slán, nó;
— nach féidir diallas/neamhchomhlíonadh a bhrath i bhfíor-am, mar shampla: traséilliú ailléirginí.

Tá feidhm ag prionsabail is infheidhme maidir le CCP maidir le OPRP freisin e.g.

— ní mór critéir ghníomhaíochta a bhunú chun cur leis an dearbhú nach sáraítear leibhéal inghlactha na guaise;
— an gá atá le faireachán, bailíochtú agus fíorú;
— Doiciméadacht agus taifid a choimeád.

**Dá bhrí sin, tá an treoraíocht dá bhforáiltear sa Roinn seo, agus i Ranna 7 go 11 ábhartha maidir le OPRP freisin.**

Tá comparáid idir GHP, OPRP agus CCP ar fáil in Aguisín 5.

Ba cheart gach céim den phróiseas a shainaithnítear sa tsreabhchairt (féach Roinn 4.4 den Iarscríbhinn seo) a mheas in ord seicheamhach. Ag gach céim, ba cheart an crann cinnteoireachta agus/nó an mheastóireacht riosca a chur i bhfeidhm maidir le gach guais shuntasach. Ba cheart an cur i bhfeidhm a bheith solúbtha, agus an próiseas monaraíochta ar fad á chur san áireamh.

Moltar oiliúint maidir le cur i bhfeidhm modha chun CCP a shainaithint.

Braitheann CCP agus OPRP ar thoradh na hanailíse guaise i ngach bunaíocht agus ní mór iad a mheasúnú ar bhonn cás ar chás:

— murar féidir an beart rialaithe a úsáid ag céim an phróisis, níor cheart an chéim sin a mheas mar CCP/OPRP don ghuais shuntasach.

— Más féidir an beart rialaithe a úsáid ag an gcéim a bhfuil anailís á déanamh uirthi, ach más féidir é a úsáid níos déanaí sa phróiseas freisin, nó má tá beart rialaithe éifeachtach eile ann don ghuais ag céim níos déanaí, níor cheart an chéim a bhfuil anailís á déanamh uirthi a mheas mar CCP/OPRP.

— Ní mór a chinneadh an n-úsáidtear beart rialaithe ag céim áirithe in éineacht le beart rialaithe ag céim eile chun an ghuais chéanna a rialú; má úsáidtear, ba cheart an dá chéim a mheas mar CCP/OPRP.

SAMPLAÍ DEN tSOLÚBTHACHT:

I gcásanna áirithe, mar gheall ar chineál an ghnólachta bia agus an bhia a láimhseálann sé, d'fhéadfaí a léiriú le hanailís ghuaise (chineálach) nár sainaithníodh aon ghuais shuntasach agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon ghá le CCP ná le OPRP. Sa chás sin, is féidir gach guais bhia a rialú tríd an GHP amháin a chur chun feidhme. Ní mór a chur in iúl go láidir, áfach, nach bhfuil baint dhíreach ag solúbthacht maidir le guais a shainaithint san anailís ghuaise mar ghuais atá suntasach nó nach bhfuil le méid na bunaíochta agus nach mbíonn solúbthacht oiriúnach i gcónaí fiú nuair is gnólacht beag é, e.g.

— i gcás ina bhfuil an-dóchúlacht ann go mbeidh teip ann sa mhodh próiseála, amhail cannú;

— táirgeadh bia do ghrúpaí leochaileacha tomhaltóirí;

— rialuithe ailléirginí ar tháirgí a ndearbhaítear go bhfuil siad saor ó ailléirginí.

I gcás catagóirí áirithe gnólachtaí bia a láimhseálann an bia ar bhealach caighdeánaithe, teoranta, atá an-chosúil le chéile (e. g. siopaí miondíola, féach an Fógra ón gCoimisiún ina dtugtar treoraíocht maidir le córais bainistíochta sábháilteachta bia do ghníomhaíochtaí miondíola bia, lena n-áirítear deonacháin bhia (IO C 199, 12.6.2020, lch. 1)), d'fhéadfadh sé gur féidir guaiseacha a bheadh le rialú a shainaithint roimh ré. Is féidir aghaidh a thabhairt ar threoraíocht maidir le guaiseacha den sórt sin agus maidir lena rialú i dtreoir HACCP chineálach nó in anailís ghuaise chineálach amháin.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh friochadh nó gríoscadh i mbialann chun marthanas pataiginí a rialú ina CCP ós rud é go bhfuil teocht ard na hola/saille inbhraite go héasca agus go ndíothaítear go córasach guais shuntasach fhéideartha dá bharr.

## 7. **TEORAINNEACHA CRITICIÚLA AG CCP (PRIONSABAL 3)**

Ba cheart sonraíocht na dteorainneacha criticiúla a bheith mar thoradh ar gach beart rialaithe a bhaineann le pointe criticiúil.

Freagraíonn teorainneacha criticiúla do na luachanna is airde atá inghlactha maidir le sábháilteacht táirgí. Is iad an difear idir inghlacthacht agus neamh-inghlacthacht iad. Socraítear iad i gcomhair paraiméadair inbhraite nó intomhaiste lenar féidir a léiriú go bhfuil an pointe criticiúil laistigh de theorainneacha criticiúla. Ba cheart iad a bheith bunaithe ar fhianaise réasúnaithe gurb é an toradh a bheidh ar na luachanna arna roghnú go gcuirfear beart rialaithe i bhfeidhm i gceart.

I measc na samplaí de pharaiméadair den sórt sin tá teocht, am, pH, cion taise, méid breiseáin nó salann, paraiméadair chéadfacha amhail cuma nó uigeacht, etc.

I gcásanna áirithe, chun an dóchúlacht go sárófaí teorainn chriticiúil de bharr athruithe próisis a laghdú, d'fhéadfadh sé gur ghá leibhéil níos déine a shonrú (i.e. spriocleibhéil) chun a áirithiú nach sárófaí teorainneacha criticiúla.

Ba cheart teorainneacha criticiúla a bhailíochtú agus ba cheart luachanna soiléire sonracha a bheith acu.

Féadfar teorainneacha criticiúla a dhíorthú ó fhoinsí éagsúla. Nuair nach mbaintear as caighdeáin rialála ná as treoracha dea-chleachtais sláinteachais iad, ba cheart d'fhoireann HACCP a mbailíocht a fháil amach i gcoibhneas le rialú na nguaiseacha sainaitheanta ag CCP.

Is féidir teorainneacha criticiúla a bhunú ag CCP ar bhonn na nithe seo a leanas:

— taithí (dea-chleachtas);

— doiciméadacht idirnáisiúnta maidir le roinnt oibríochtaí, e.g. cannú bia, paistéaradh leachtanna etc. a bhfuil caighdeáin a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta (*Codex Alimentarius*) ann ina leith; is féidir teorainneacha criticiúla a bhunú freisin;

— comhairle maidir le céimeanna sonracha i dtreoirleabhair maidir le dea-chleachtas;

— foilseacháin eolaíocha;

— reachtaíocht AE, tuairimí EFSA.

Leis an gceanglas teorainn chriticiúil a bhunú ag CCP ní thugtar le fios i gcónaí nach mór luach uimhriúil a shocrú. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás ina bhfuil nósanna imeachta faireacháin bunaithe ar amharcbhreathnóireacht e.g.

— Éilliú faecach ar chonablaigh tar éis iad a chóiriú i seamlas;

— Fiuchphointe bia leachtaigh;

— Athrú airíonna fisiciúla an bhia le linn na próiseála (e.g. trí bhia a chócaráil).

SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT

Ní mór bonn eolaíoch a bheith ag teorainneacha criticiúla, ach mar sin féin, is féidir iad a bheith bunaithe ar thaithí. I gcás go leor cásanna táirgthe agus próiseála bia, tá stair fhairsing ann gur éifeachtach iad bearta sonracha a úsáidtear chun guaiseacha a iompraíonn bia a rialú.

## 8. **NÓSANNA IMEACHTA FAIREACHÁIN AG CCP (PRIONSABAL 4)**

Is cuid riachtanach de nósanna imeachta bunaithe ar HACCP clár breathnóireachta nó tomhais a dhéantar ag gach CCP chun a áirithiú go gcomhlíonfar teorainneacha sonracha criticiúla.

Ní mór go mbeidh breathnuithe nó tomhais in ann diallas ag CCP a bhrath agus faisnéis a sholáthar in am do bhearta ceartaitheacha atá le déanamh sa chaoi is nach gcuirfear bia neamhshábháilte ar an margadh.

I gcás inar féidir, ba cheart coigeartuithe a dhéanamh ar phróisis nuair a léiríonn torthaí an fhaireacháin treocht i dtreo diallta ag CCP. Ba cheart na coigeartuithe a dhéanamh sula dtarlaíonn diallas (ní chomhlíontar an teorainn chriticiúil). Ní mór do dhuine ainmnithe a bhfuil taithí aige agus a bhfuil eolas agus údarás aige na sonraí a fhaightear ón bhfaireachán a mheas chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh nuair a léirítear sin.

Is féidir breathnóireachtaí nó tomhais a dhéanamh go leanúnach nó go tréimhsiúil. I gcás nach breathnóireachtaí nó tomhais leanúnacha atá i gceist, is gá minicíocht breathnuithe nó tomhais a shuíomh a bhraithfidh diallais in am chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh. Ba cheart nósanna imeachta faireacháin do CCP a bheith in ann diallas ón teorainn chriticiúil a bhrath go tráthúil chun go bhféadfaí na táirgí lena mbaineann a leithlisiú. Ba cheart cineál an diallais (e.g. criathar briste, diallas ó dhálaí paistéartha, nó méadú de réir a chéile ar theocht na stórála fuaire) a chur san áireamh i modh agus minicíocht an fhaireacháin. I gcás inar féidir, ba cheart faireachán leanúnach a dhéanamh ar an CCP.

Sa phlean HACCP, ba cheart cur síos a dhéanamh ar na modhanna, ar mhinicíocht na mbreathnuithe nó na dtomhas agus ar an nós imeachta taifeadta chun faireachán a dhéanamh ag CCP:

— cé a dhéanfaidh faireachán agus seiceáil;

— cén uair a dhéanfar faireachán agus seiceáil;

— conas a dhéanfar faireachán agus seiceáil.

Ní mór don duine nó do na daoine a bhfuil an faireachán á dhéanamh aige nó acu na taifid a bhaineann leis an bhfaireachán a shíniú agus nuair a fhíoróidh foireann na cuideachta atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh na taifid.

SAMPLAÍ DEN tSOLÚBTHACHT:

Ní trí thomhas amháin a dhéantar an faireachán. D'fhéadfadh sé gur nós imeachta simplí é monatóireacht a dhéanamh i mórán cásanna, e.g.

— seiceálacha ó amharc rialta ar theocht saoráidí fuaraithe/reoite/téimh;

— amharcbhreathnóireacht (ar dhromchla gearrtha) chun a fhíorú an bhfuil na hairíonna fisiceacha cearta ag ullmhóid bia a chuirtear faoi chóireáil teasa ar leith a léiríonn leibhéal na cóireála teasa (e.g. a fhiuchadh nó a ghalú go hiomlán).

Ba cheart faireachán a dhéanamh chomh minic agus is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar teorainneacha criticiúla go buan. Ba cheart dó a dheimhniú nach sáraítear an teorainn chriticiúil nó an sprioc chriticiúil. Is é an cineál CCP a chinneann minicíocht an fhaireacháin. Uaireanta is féidir minicíocht laghdaithe faireacháin a mheas tar éis tréimhse fhada de thorthaí maithe.

Nuair a sháraítear an teorainn chriticiúil, ní mór gach táirgeadh ón faireachán sásúil deireanach a sheiceáil maidir le comhlíonadh.

Uaireanta d'fhéadfaí bianna áirithe a phróiseáil ar bhealach caighdeánach ag baint úsáid as trealamh calabraithe caighdeánach, e.g. oibríochtaí áirithe cócaireachta, róstadh sicín etc. Cinntíonn trealamh den sórt sin go n-urramaítear an t-am ceart/an meascán teochta mar oibríocht chaighdeánach. Ní gá teocht chócaireachta an táirge a thomhas go córasach má áirithítear go bhfuil an trealamh ag feidhmiú i gceart, go n-urramaítear an t-am/an teocht is gá agus go ndéantar na rialuithe is gá chun na críche sin (agus gníomh ceartaitheach nuair is gá).

### 9. **GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEARTAITHEACHA (PRIONSABAL 5)**

I gcás gach CCP, ba cheart d'fhoireann HACCP gníomhaíochtaí ceartaitheacha a phleanáil roimh ré, ionas gur féidir iad a dhéanamh gan mhoill nuair a léiríonn faireachán imeacht ón teorainn chriticiúil.

Ba cheart an méid seo a leanas a áireamh i ngníomhaíochtaí ceartaitheacha den sórt sin:

— an duine/na daoine atá freagrach as cur chun feidhme na gníomhaíochta ceartaithí a shainaithint;

— na modhanna agus an ghníomhaíocht is gá chun an diallas a bhreathnaítear sa phróiseas a cheartú;

— an ghníomhaíocht/na gníomhaíochtaí atá le déanamh maidir le táirgí a monaraíodh le linn an diallais;

— taifead i scríbhinn ar na bearta a rinneadh agus an fhaisnéis ábhartha uile á cur in iúl (mar shampla: dáta, am, cineál gníomhaíochta, gníomhaí agus seiceáil fíorúcháin ina dhiaidh sin);

— breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí (fadtéarmacha) chun nach dtarlóidh an diallas arís.

Féadfar a thabhairt le fios san fhaireachán nach mór athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta coisctheacha (GHP nó a stóinseacht) nó ar an bpróiseas agus ar a CCP más rud é gur gá bearta ceartaitheacha don nós imeachta céanna a dhéanamh arís agus arís eile.

Ba cheart anailís ar bhunchúis a bheith ina ghníomhaíocht cheartaitheach chineálach mar is minic nach féidir a bheith ar an eolas faoi chúis an diallais roimh ré.

Má sháraítear an teorainn chriticiúil, déantar anailís ar an gcás chun na cúiseanna a shainaithint agus na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is iomchuí a chur chun feidhme. I gcás teagmhais aonuaire, áfach, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí an chúis a shainaithint go beacht leis an anailís ar an gcás; Is féidir gníomhaíochtaí ceartaitheacha cineálacha a chur chun feidhme ansin chun roinnt cúiseanna amhrasta a chlúdach. Má tharlaíonn an teagmhas arís agus arís eile, ansin is féidir an fhaisnéis a bhailítear a chrostagairt agus d'fhéadfadh sé sin cabhrú le tuiscint níos fearr a fháil ar an gcás agus an chúis is dóchúla a shainaithint.

### 10. **NÓSANNA IMEACHTA BAILÍOCHTÚCHÁIN AGUS FÍORÚCHÁIN (PRIONSABAL 6)**

Ag tús próisis nua nó i gcás athrú ar phróiseas atá ann cheana ar dócha go mbeadh tionchar aige ar shábháilteacht bia, ba cheart don fhoireann HACCP gníomhaíochtaí bailíochtaithe a dhéanamh, go háirithe fianaise a bhailiú chun cumas gach gné den phlean HACCP a dheimhniú, fiú mura luaitear go sainráite é in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004. Áirítear san fhianaise sin foilseacháin eolaíocha, tástáil inmheánach (sampláil agus tástáil chun féachaint an bhfuil guaiseacha bitheolaíocha agus ceimiceacha faoi smacht), micribhitheolaíocht réamhfháistineach, treoir a d'fhorbair údaráis inniúla,... a léiríonn go mbeidh an éifeacht bheartaithe ar an nguais mar thoradh ar na teorainneacha criticiúla a socraíodh (easpa fáis, laghdú,...).

Tá treoir bhreise agus samplaí de ghníomhaíochtaí bailíochtaithe in CXG 69-2008.

I measc na samplaí d'athruithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach athbhailíochtú a dhéanamh orthu tá na cinn seo a leanas:

athrú ar amhábhar nó ar tháirge, ar dhálaí próiseála (leagan amach agus timpeallacht na monarchan, trealamh próisis, clár glantacháin agus díghalraithe);

athrú ar dhálaí pacáistithe, stórála nó dáileacháin;

athrú ar úsáid tomhaltóirí;

aon fhaisnéis a fháil maidir le guais nua a bhaineann leis an táirge.

I gcás inar gá, ní mór leasú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá leagtha síos mar thoradh ar athbhreithniú den sórt sin. Ba cheart na hathruithe a ionchorprú go hiomlán sa chóras doiciméadachta agus coimeád taifead chun a áirithiú go bhfuil faisnéis chruinn cothrom le dáta ar fáil.

Nuair a bheidh na nósanna imeachta bunaithe ar phrionsabail HACCP curtha chun feidhme, ba cheart d'fhoireann HACCP nósanna imeachta fíoraithe a bhunú chun a dheimhniú go bhfuil na nósanna imeachta bunaithe ar HACCP ag feidhmiú i gceart. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh sna modhanna fíoraithe:

— sampláil randamach agus anailís randamach, anailís threisithe nó tástálacha ag pointí criticiúla roghnaithe:

  — anailís threisithe ar tháirgí idirmheánacha nó ar tháirgí deiridh e.g. anailís ar chomhlíonadh na gcritéar micribhitheolaíoch (féach Roinn 12);

  — critéir sláinteachais próisis le haghaidh baictéar millte amhail áireamh coilíneachtaí aeróbacha;

  - Laghdú/díothú guaiseacha Ama/Teochta: Obair leantach a dhéanamh maidir le pataiginí ábhartha i dtáirgí bia teaschóireáilte e.g. easpa *Listeria monocytogenes, Salmonella* etc.;
  - Pacáistí damáistithe: tástáil maidir leis an éilliú baictéarach nó ceimiceach is dóichí a nochtfar do tháirge dá ndéanfaí damáiste dá phacáiste;
- suirbhéanna ar riocht iarbhír (e.g. teocht) le linn stórála, dáilte agus díolacháin agus ar úsáid iarbhír an táirge;
- iniúchtaí inmheánacha ar nósanna imeachta bunaithe ar HACCP agus ar a dtaifid;
- iniúchadh ar oibríochtaí (comhlíonadh daoine);
- deimhniú go bhfuil an faireachán a dhéantar ar CCP á chur chun feidhme agus á chothabháil tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - na nósanna imeachta/treoracha a rialú;
  - seiceáil fhisiceach a dhéanamh ar an bpróiseas a bhfuil faireachán á dhéanamh air;
  - calabrú na n-ionstraimí a úsáidtear don fhaireachán a fhíorú;
  - taifid a fhíorú (minicíocht, toradh ó na torthaí a thomhas thar thréimhse ama);
- athbhreithniú ar dhiallais agus ar dhiúscairtí táirgí; gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéantar maidir leis an táirge;
- seiceáil ar ghníomhaíochtaí próiseála, stórála agus/nó iompair an duine.

Ba cheart gur leor minicíocht an fhíoraithe chun a dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ar HACCP ag feidhmiú go héifeachtach. Braithfidh minicíocht an fhíoraithe ar shaintréithe an ghnó (aschur, líon na bhfostaithe, cineál an bhia a láimhseáiltear), minicíocht an fhaireacháin, cruinneas na bhfostaithe, líon na ndiallas a bhraitear le himeacht ama agus na guaiseacha a bheidh i gceist.

Nuair a bhraitheann an fíorú teipeanna i gcóras HACCP, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras

SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: Údaraítear úsáid modhanna anailíseacha malartacha seachas an modh tagartha agus díolúintí minicíochtaí samplála i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 a mhéid a bhaineann le critéir mhicribhith-eolaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann agus a chuirtear i bhfeidhm chun críoch fíoraithe.

Ba cheart do dhuine seachas an duine atá freagrach as an bhfaireachán agus na gníomhaíochtaí ceartaitheacha an fíorú a dhéanamh. I gcás nach féidir gníomhaíochtaí fíoraithe áirithe a dhéanamh go hinmheánach, ba cheart do shaineolaithe seachtracha nó do thríú páirtithe cáilithe fíorú a dhéanamh thar ceann an ghnólachta.

SAMPLA DEN tSOLÚBTHACHT: I mórán cásanna, d'fhéadfadh sé gur nós imeachta simplí a bheadh i bhfíorú lenar féidir a sheiceáil go ndéantar an faireachán ar bhealach cuí chun leibhéal riachtanach sábháilteachta bia a bhaint amach amhail an faireachán a ndéantar cur síos air i Roinn 8.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna nósanna imeachta simplí fíorúcháin:

- iniúchadh nó seiceáil fhisiceach ar an bhfaireachán;
- iniúchadh nó seiceáil fhisiceach ar na taifid faireacháin, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar ghníomhartha ceartaitheacha i gcás ina bhfuil neamhchomhlíonadh nó tuairisciú eisceachta taifeadta;
- In FBOnna atá an-bheag i gcás nach bhfuil baint ach ag líon an-bheag daoine le cur chun feidhme an FSMS, úsáideann úinéirí/bainisteoirí amharc-chigireacht de ghnáth le haghaidh deimhniú leanúnach go bhfuil an córas ag feidhmiú mar a beartaíodh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an chuma a bheith ar an scéal nach bhfuil san fhíorú doiciméadaithe ach seiceáil dhúbailte gan fiúntas. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás micreaghnólachtaí nuair is é an t-úinéir an bainisteoir féinfhostaithe.
- D'fhéadfaí cúnamh seachtrach a úsáid le haghaidh iniúchtaí simplithe.

Ba cheart samplaí de na nósanna imeachta fíoraithe is gá a bheith san áireamh sna treoracha cineálacha HACCP, agus nuair a bhaineann le próisis chaighdeánacha, ba cheart bailíochtú a bheith ann ar na bearta rialaithe atá measta maidir leis na guaiseacha spriocdhírithe chomh maith.

| |
|---|
| **Bailíochtú, fíorú nó monatóireacht?**<br>*Sampla 1: paistéaradh bainne*<br>— BAILÍOCHTÚ: roimh ghníomhaíochtaí táirgthe: Cruthúnas turgnamhach go dtéifidh an próiseas bainne go 72 °C ar feadh 15 shoicind agus go ndíothóidh sé *Coxiella burnetti*. Is féidir tóireadóirí calabraithe, micribhitheolaíocht réamhfháistineach agus tástálacha micribhitheolaíocha a úsáid.<br>— FAIREACHÁN: le linn gníomhaíochtaí táirgthe: Córas (am – teocht – brú – tréchur toirte) a chuirfidh ar chumas na gcuideachtaí a áirithiú go mbaintear amach an teorainn chriticiúil (72 °C ar feadh 15s) le linn an phróisis.<br>— FÍORÚ: minicíocht sheasta in aghaidh na bliana: Tástálacha micribhitheolaíocha tréimhsiúla ar an táirge deiridh, seiceáil rialta ar theocht an phaistéaróra le tóireadóirí calabraithe.<br>*Sampla 2: Coipeadh ispíní tirime leasaithe*<br>— BAILÍOCHTÚ: pH, gníomhaíocht uisce, cumasc ama/teochta, gan ligean do *Listeria monocytogenes* fás trí shamhaltú réamhfháistineach nó trí thástáil dúshláin;<br>— FAIREACHÁN le linn an choipthe: pH, cailleadh meáchain, tréimhse ama, teocht, taise an chuasáin choipthe a thomhas, sampláil *L. monocytogenes* i dtimpeallacht choipthe;<br>— FÍORÚ: plean samplála *L. monocytogenes* sa táirge deiridh.<br>Féach freisin CXG 69-2008 |

## 11. **DOICIMÉADACHT AGUS TAIFID A CHOIMEÁD (PRIONSABAL 7)**

Tá coimeád éifeachtúil agus chruinn taifead riachtanach chun nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a chur i bhfeidhm. Ba cheart nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a dhoiciméadú sa phlean HACCP agus ba cheart iad a fhorlíonadh go leanúnach le taifid ar thorthaí. Ba cheart an doiciméadacht agus an coimeád taifead a bheith iomchuí do chineál agus do mhéid na hoibríochta agus ba cheart iad a bheith leordhóthanach chun cabhrú leis an ngnó a fhíorú go bhfuil na nósanna imeachta bunaithe ar HACCP i bhfeidhm agus á gcoinneáil ar bun. Féadfar ábhair treorach shainfhorbartha HACCP (e.g. treoracha earnáilsonracha HACCP) a úsáid mar chuid den doiciméadacht, ar choinníoll go léiríonn na hábhair sin oibríochtaí sonracha bia an ghnólachta. Ba cheart doiciméid a athbhreithniú agus a shíniú agus ba cheart don duine atá freagrach as HACCP sa ghnólacht aon diallas a thaifeadadh agus a leanúint.

Áirítear an méid seo a leanas sa doiciméadacht mholta:

— doiciméadacht GHP, féach Iarscríbhinn I, Roinn 6.

— Tuairisc ar na céimeanna ullmhúcháin (roimh 7 bprionsabal);

— Anailís ghuaise, lena n-áirítear sainaithint ghuaise;

— Sainaithint CCP (agus OPRP);

— Cinneadh maidir le teorainn chriticiúil (critéir ghníomhaíochta);

— Gníomhaíochtaí bailíochtaithe;

— Gníomhaíochtaí ceartaitheacha ionchais;

— Tuairisc ar na gníomhaíochtaí faireacháin agus fíoraithe atá beartaithe (céard, cé, cén uair);

— Foirmeacha taifid;

— Modhnuithe ar nósanna imeachta bunaithe ar HACCP;

— Doiciméid tacaíochta (treoracha cineálacha, fianaise eolaíoch, etc.).

Is féidir cur chuige córasach, comhtháite a ghlacadh trí úsáid a bhaint as bileoga oibre chun an plean HACCP a fhorbairt mar a fhoráiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le CXC 1-1969, Léaráid 3. Ag tosú leis an tsreabhchairt, ag gach céim den phróiseáil, déantar cur síos ar na guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann, na bearta rialaithe ábhartha (GCT) atá liostaithe, CCP a sainaithníodh (bunaithe ar an anailís ar ghuaiseacha más iomchuí) mar aon lena dteorainneacha criticiúla, nósanna imeachta faireacháin, gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus taifid atá ar fáil.

Ba cheart an doiciméadacht a choimeád ar fáil go buan in aon fhormáid d'fhoireann HACCP agus arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla e.g. chun críocha iniúchóireachta.

Is samplaí de thaifid iad:

— Toradh na ngníomhaíochtaí faireacháin ar bhearta rialaithe;

— Diallais a tugadh faoi deara agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh;

— Toradh na ngníomhaíochtaí fíorúcháin.

Ba cheart taifid a choimeád ar feadh tréimhse iomchuí i bhformáid ar bith. Ba cheart an tréimhse sin a bheith fada go leor chun a áirithiú go mbeidh faisnéis ar fáil i gcás foláirimh ar féidir í a rianú siar go dtí an bia i dtrácht. I gcás bianna áirithe, is dáta cinnte é an dáta tomhaltais. Mar shampla, sa lónadóireacht bia, déantar an tomhaltas go gairid tar éis am an táirgthe. Maidir le bia a bhfuil an dáta tomhaltais éiginnte ina leith, ba cheart taifid a choimeád ar feadh tréimhse réasúnta gearr tar éis dháta éaga an bhia. Is uirlis thábhachtach iad na taifid ionas gur féidir leis na húdaráis inniúla feidhmiú ceart FSMS na ngnólachtaí bia a fhíorú agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a choimeád fada go leor chun go ndéanfadh na húdaráis inniúla rialuithe oifigiúla.

SAMPLAÍ DEN tSOLÚBTHACHT:

Is féidir le córas simplí do dhoiciméadúchán agus do choimeád taifead a bheith éifeachtach agus is féidir é a chur in iúl go héasca d'fhostaithe. Féadfar é a chomhtháthú le hoibríochtaí atá ann cheana agus d'fhéadfadh sé páipéarachas atá ann cheana a úsáid, amhail sonraisc seachadta agus seicliostaí chun teochtaí táirgí a thaifeadadh mar shampla.

Ní mór féachaint ar na samplaí dá dtagraítear thíos i bhfianaise Airteagal 5, mír 2(g) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 i gcás ina luaitear go gcaithfidh nósanna imeachta, doiciméid agus taifid bunaithe ar HACCP a bheith i gcomhréir le cineál agus méid an ghnólachta bia.

Mar riail ghinearálta, ba cheart an gá le coimeád taifead a bhaineann le HACCP a bheith cothromaithe go maith agus is féidir é a theorannú don mhéid atá bunriachtanach maidir le sábháilteacht bia. Tá sé tábhachtach a mheas go bhfuil taifeadadh riachtanach ach nach bhfuil an sprioc ann féin riachtanach.

Agus an méid thuas á chur san áireamh, d'fhéadfaí na treoirlínte ginearálta seo a leanas a úsáid:

— I gcás inarb ann do threoracha HACCP cineálacha, doiciméadacht ar anailís ghuaise, cinneadh CCP, cinneadh teorann criticiúla, is féidir modhnú féideartha ar na gníomhaíochtaí FSMS agus bailíochtaithe a chur in ionad doiciméadachta aonair maidir le nósanna imeachta bunaithe ar HACCP. D'fhéadfadh treoracha den sórt sin a léiriú go soiléir freisin cá bhfuil gá le taifid agus an tréimhse ama a gcaithfear taifid a choimeád lena linn.

— Ba cheart an ghníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh a áireamh sna taifid ar neamhchomhlíonadh. D'fhéadfadh úsáid dialainne nó seicliosta a bheith ina bhealach oiriúnach chun taifid a choimeád i gcásanna den sórt sin. Is féidir le FBOnna tic a chur i mboscaí chun a léiriú conas a ghníomhaíonn siad nó faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil trí scríobh i mboscaí téacs conas a chomhlíonann siad pointe rialúcháin. Tá coimeád taifead laethúil bunaithe ar sheiceálacha oscailte agus dúnta a dheimhniú le tic agus síniú lena dheimhniú gur leanadh modhanna sábháilte. Nuair a úsáidtear cur chuige ticbhosca, ní thaifeadtar ach fadhbanna nó athruithe ar nósanna imeachta i scríbhinn bhreise níos mionsonraithe (i.e. tuairisciú eisceachta).

— Ba cheart d'eagraíochtaí páirtithe leasmhara nó d'údaráis inniúla samhlacha (cineálacha) maidir le doiciméid féinseiceála a chur ar fáil. Ba cheart iad a bheith éasca le húsáid, le tuiscint agus le cur chun feidhme.

— Ní éilíonn athbhreithniú gach x seachtain ar mhodhanna ach liosta seiceála gníomhaíochtaí agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar mhodhanna sábháilte.

## 12. AN RÓL ATÁ AG CRITÉIR MHICRIBHITHEOLAÍOCHA, TEORAINNEACHA CEIMICEACHA AGUS TEORAINNEACHA DLÍTHIÚLA EILE A LEAGTAR SÍOS I NDLÍ AN AONTAIS NÓ SA DLÍ NÁISIÚNTA

Foráiltear i reachtaíocht an Aontais do chritéir mhicribhitheolaíocha ([4]), do theorainneacha ceimiceacha ([5]) agus do pharaiméadair eile amhail dálaí teochta/ama. Is minic a mheastar critéir, teorainneacha agus dálaí den sórt sin a bheith an-tábhachtach ó thaobh shábháilteacht na dtáirgí de agus, dá bhrí sin, is minic a bhaineann siad le CCP. Mar shampla, ceaptar cóireáil teasa táirgí déiríochta chun baictéir a mharú agus iasc a reo atá riachtanach chun seadáin a rialú mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. De ghnáth, ní féidir critéir mhicribhitheolaíocha ná teorainneacha ceimiceacha a úsáid mar theorainneacha criticiúla do CCP toisc nach féidir tomhas fíor-ama a dhéanamh leo. Úsáidtear iad mar pharaiméadair chun nósanna imeachta HACCP-bhunaithe agus GHP a bhailíochtú, agus chun feidhmiú ceart na mbeart rialaithe sin a fhíorú. Is féidir sláinteachas próisis chomh maith le critéir sábháilteachta bia, agus monatóireacht comhshaoil e.g. le haghaidh *Listeria monocytogenes*, a úsáid. Tá tuilleadh treorach maidir le critéir mhicribhitheolaíocha a úsáid chun críocha fíoraithe le fáil sa doiciméad ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) *Statistical Aspects of Microbiological Criteria Related to Foods* [Gnéithe Staitisticiúla na gCritéar Micribhitheolaíoch a bhaineann le Bianna] ([6]).

I gcás oibríocht áirithe nó cineál áirithe bia, féadfaidh na treoracha maidir le dea-chleachtas na teorainneacha sin a áireamh freisin.

---

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5)

([6]) https://www.who.int/foodsafety/publications/mra_24/en/

*IARSCRÍBHINN III*

**Iniúchadh ar ghp agus ar nósanna imeachta bunaithe ar phrionsabail haccp**

## 1. **REACHTAÍOCHT**

Déanfaidh Oibreoirí Gnólachtaí Bia (FBOnna) nós imeachta nó nósanna imeachta buana a chur ar bun, a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun bunaithe ar phrionsabail na bpointí rialúcháin criticiúla um anailís ghuaise (nósanna imeachta bunaithe ar HACCP). Chun a fhíorú go bhfuil an ceanglas sin á chomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla rialuithe oifigiúla a dhéanamh.

Leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/625 ([1]) go n-áireofar ar mhodhanna agus ar theicnící rialuithe oifigiúla, i measc nithe eile, measúnú ar nósanna imeachta maidir le dea-chleachtais monaraíochta, dea-chleachtais sláinteachais, dea-chleachtais feirmeoireachta agus nósanna imeachta bunaithe ar HACCP. I measc na modhanna a úsáidtear i ngníomhaíochtaí rialaithe oifigiúil tá iniúchtaí, scrúdú ar dhoiciméid agus ar thaifid, agallaimh agus scrúdú ar na rialuithe atá curtha i bhfeidhm ag oibreoirí agus ar na torthaí a fuarthas.

Ina theannta sin, suitear le hAirteagal 18(2)(d)(iii) go n-áireofar sna rialuithe oifigiúla i ndáil le monarú táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine iniúchtaí ar dhea-chleachtais sláinteachais agus nósanna imeachta bunaithe ar HACCP. Le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos ceanglais maidir le hiniúchtaí i mbunaíochtaí a láimhseálann táirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear cineál agus minicíocht na n-iniúchtaí sin, agus córais chomhtháite, córais rialaithe phríobháideacha nó deimhniú tríú páirtí neamhspleách á gcur san áireamh. Le hAirteagal 7 agus Airteagal 8 den Rialachán sin bunaítear ceanglais bhreise le haghaidh iniúchtaí i mbunaíochtaí a tháirgeann feoil úr, lena n-áirítear ábharthacht na dtorthaí iniúchóireachta agus rialuithe oifigiúla á ndéanamh.

Leagtar síos freisin le Rialachán (AE) 2017/625 sainmhíniú ar iniúchóireacht mar scrúdú córasach neamhspleách chun a chinneadh an gcomhlíonann gníomhaíochtaí agus torthaí gaolmhara na ngníomhaíochtaí sin socruithe beartaithe agus an gcuirtear na socruithe sin i bhfeidhm go héifeachtach agus an bhfuil siad oiriúnach chun na cuspóirí a bhaint amach.

## 2. **RAON FEIDHME AGUS CUSPÓIR**

Tá an Iarscríbhinn seo beartaithe lena húsáid ag údaráis inniúla de réir mar is iomchuí. Is é is cuspóir di treoraíocht a thabhairt d'fhorbairt iniúchtaí ar chórais bainistíochta sábháilteachta bia (FSMS) lena n-áirítear dea-chleachtais sláinteachais (GHP) agus nósanna imeachta bunaithe ar HACCP i mbunaíochtaí gnólachta bia ag údaráis inniúla, lena gcuideofar le laigí in oibleagáidí dlíthiúla agus neamhchomhlíonadh teicniúil a shainaithint.

Is treoraíocht ghinearálta í an treoraíocht seo agus níl sé i gceist léi déileáil le riachtanais a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith.

## 3. **PRIONSABAIL GHINEARÁLTA**

Ní mór iniúchtaí arna ndéanamh le linn rialuithe oifigiúla a bheith bunaithe ar phrionsabail is iomchuí chun go mbeidh siad ina n-uirlis éifeachtúil agus iontaofa agus chun go mbeidh siad in ann faisnéis úsáideach a chur ar fáil do FBO agus don údarás inniúil araon chun comhréireacht a fheabhsú.

Is réamhriachtanas é prionsabail den sórt sin a chomhlíonadh maidir le conclúidí ábhartha agus láidre a chur ar fáil agus, ag an am céanna, a áirithiú go dtiocfaidh conclúidí comhchosúla as iniúchóirí éagsúla, agus iad ag obair go neamhspleách ar a chéile.

---

([1]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1)

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51)

Iarrtar ar údaráis inniúla mar iniúchóirí prionsabail ghinearálta mar iad seo a leanas a urramú:

— Cur chuige córasach agus gairmiúil: Ní mór gach gné den phróiseas rialaithe oifigiúil a chur san áireamh (tosaíochtaí a shainaithint ina gcuirtear san áireamh na rioscaí, doiciméadú na nósanna imeachta, pleanáil gníomhaíochta, scrúdú ar na conclúidí, agus meastóireacht ar éifeachtacht an phróisis).

— Trédhearcacht: Ní mór próisis phleanála, critéir rialaithe oifigiúla, nósanna imeachta chun tuairiscí a fhormheas agus a dháileadh a shainiú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach.

— Neamhspleáchas: Ní mór do chomhlachtaí rialaithe oifigiúil a bheith saor ó aon bhrú ar an leibhéal tráchtála, airgeadais, ordlathach, polaitiúil nó aon ní eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thoradh rialuithe oifigiúla.

— Rúndacht: slándáil faisnéise a áirithiú.

— Cinntí bunaithe ar fhianaise: modh réasúnach chun teacht ar thorthaí iniúchta iontaofa agus in-atáirgthe trí phróiseas iniúchóireachta córasach.

## 4. CINEÁLACHA INIÚCHTAÍ

— Iniúchadh Iomlán: Tagraíonn sé don iniúchadh arna dhéanamh in FBO chun a fhíorú go bhfuil FSMS i bhfeidhm, go bhfuil sé á chur chun feidhme agus go bhfuil sé éifeachtach. Ba cheart an chéad iniúchadh a bheith den chineál iomlán i gcónaí, agus d'fhéadfadh na cinn ina dhiaidh a bheith den chineál páirteach nó den chineál iomlán, nuair a bhíonn gá le dul siar ar gach rud arís

— Iniúchadh Páirteach: a fhad agus atá iniúchadh déanta cheana féin ar na córais féinrialaithe ar bhealach cuimsitheach agus iomlán, féadfar iniúchadh páirteach a dhéanamh chun tionchar níos mionsonraithe a imirt ar ghnéithe áirithe amhail:

  — Iniúchadh sonrach, athbhreithniú ar ghné áirithe den FSMS, mar shampla, cláir réamhriachtanais, HACCP nó a inrianaitheacht agus a chóras aisghairme agus aistarraingthe, agus/nó

  — Iniúchadh leantach, nuair a aimsíonn iniúchadh roimhe neamhchomhréireachtaí móra.

## 5. INIÚCHADH FSMS A PHLEANÁIL, A ULLMHÚ AGUS A CHUR I GCRÍCH

### 5.1. An plean iniúchóireachta a chur in iúl

Leagtar síos in Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2017/625 go ndéanfar rialuithe oifigiúla gan fógra a thabhairt roimh ré, ach amháin i gcás inar gá fógra den sórt sin a thabhairt agus ina mbeidh bonn cirt cuí leis chun an rialú oifigiúil a dhéanamh. D'fhéadfaí iniúchadh agus, go háirithe nósanna imeachta bunaithe ar phrionsabail HACCP, a mheas mar eisceacht den sórt sin, ós rud é nach féidir iniúchadh éifeachtúil a dhéanamh ach fógra roimh ré a bheith ann chun a áirithiú go bhfuil an duine ceart nó an doiciméadacht ar fáil. Ba cheart don iniúchóir an plean iniúchóireachta a chur in iúl do FBOnna, lena n-áirítear sceideal ama, cuspóirí iniúchóireachta, raon feidhme iniúchóireachta (próisis, aonaid, doiciméid agus nósanna imeachta atá le hiniúchadh), na hacmhainní is gá do na critéir iniúchóireachta agus iniúchóireachta, i measc nithe eile. Is féidir ceistneoir réamh-iniúchóireachta a bhreithniú.

Tá sampla de litir chumarsáide le fáil i bhFoscríbhinn 6.

### 5.2. Iniúchadh doiciméad

Nuair is féidir agus nuair a aontaíonn an FBO, féadfaidh an t-iniúchóir a iarraidh go bhfaighidh sé doiciméadacht an FSMS roimh ré. Is é feidhm an iniúchta doiciméad a bheith cinnte go bhfuil GHP agus nósanna imeachta cuí bunaithe ar HACCP forbartha ag FBO agus go bhfuil na gnéithe riachtanacha ar fad iontu a bhfuil coinne leo, chun athbhreithniú beacht a dhéanamh agus chun an bonn a ullmhú chun na gníomhaíochtaí iniúchóireachta ar an láthair a dhéanamh.

Áirítear ar na príomhbhuntáistí a bhaineann le réamhiniúchadh doiciméad úsáid níos éifeachtaí a bhaint as am iniúchóireachta ar an láthair, an fhéidearthacht tuiscint níos fearr a fháil ar nósanna imeachta HACCP de chuid FBO, díriú ar ghnéithe áirithe agus freisin chun cur ar chumas an iniúchóra seicliostaí ábhartha a ullmhú.

Is féidir an t-iniúchadh doiciméad a dhéanamh in áitreabh FBO mura bhfuil na doiciméid curtha ar fáil roimh ré.

Ba cheart a chumhdach leis na doiciméid raon feidhme an iniúchta agus ba cheart a chur ar fáil leo go leor faisnéise chun tacú leis na cuspóirí iniúchóireachta.

5.3. **Iniúchadh ar an láthair**

Gníomhaíochtaí iniúchta ar an láthair a dhéanamh, sin an phríomhchuid d'iniúchadh FSMS. Ní mór é a bheith bunaithe ar fhíorú an GHP agus na seacht bprionsabal HACCP. Is iad seo a leanas na céimeanna chun gníomhaíochtaí ar an láthair a dhéanamh:

1) An chéad chruinniú,

Ba cheart na daoine seo a leanas, ar a laghad, a bheith ina rannpháirtithe ag an gcruinniú sin:

— FBO agus/nó a n-ionadaithe

— Iniúchóir/Iniúchóirí (Foireann iniúchóireachta)

— Aon chomhalta eile de na húdaráis inniúla atá freagrach as rialuithe oifigiúla a dhéanamh ag an áitreabh (murab ionann é agus an t-iniúchóir)

Seo thíos roinnt pointí atá le cumhdach sa chruinniú:

— Cúiseanna agus scóip an iniúchta.

— Clár don lá/iniúchóireacht, lena n-áirítear sosanna a d'fhéadfaí a thógáil agus am críochnaithe dóchúil. Ba cheart a áireamh leis sin freisin comhaontú maidir le conas agus cén uair a dhéanfar na codanna éagsúla den iniúchadh (athbhreithniú ar dhoiciméid, seiceálacha ar réaltacht), cruinnithe maidir le breith suas, más gá.

— Aon fhaisnéis ábhartha eile maidir leis an gcaoi a ndéanfar an t-iniúchadh agus maidir leis na modhanna a úsáidfear (modheolaíocht agus nósanna imeachta).

— Tagairt d'iniúchtaí, do chinntí agus d'aon ghníomhaíochtaí leasúcháin nár cuireadh i gcrích roimhe, más infheidhme.

— Deimhniú ar an gcruinniú deiridh, cuspóir an chruinnithe agus cé leis a mbeifear ag súil le bheith i láthair

— Deis don FBO nó dá n-ionadaithe ceisteanna a chur faoi reáchtáil an lae

2) Faisnéis a bhailiú agus a fhíorú

Ní mór measúnú a dhéanamh ar dhoiciméadacht ábhartha an iniúchaí agus ar chur chun feidhme na nósanna imeachta gaolmhara (GHP agus HACCP) chun comhréireacht an chórais leis na ceanglais dhlíthiúla a chinneadh.

Le linn an iniúchta, ba cheart faisnéis a bhaineann leis na cuspóirí iniúchóireachta, le raon feidhme agus le critéir an iniúchta a bhailiú agus ba cheart í a fhíorú ar an láthair, a mhéid is féidir.

Le linn na hiniúchóireachta, ba cheart cumarsáid éifeachtach a dhéanamh maidir le dul chun cinn agus comhroinnt dhíreach aon toraidh shuntasaigh. Ba cheart torthaí a mhíniú don iniúchaí.

Seo thíos roinnt treoirlínte maidir le faisnéis a bhailiú faoin FSMS:

— doiciméadacht GHP agus athbhreithniú taifead (féach Iarscríbhinn I), mura ndearnadh sin le linn an iniúchta doiciméad. Is rogha le FBO é an córas bainistíochta doiciméadachta, ach ba cheart é a bheith inrochtana go héasca lena fhíorú arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla. Braitheann castacht agus tábhacht na gcóras doiciméadúcháin ar shaintréithe na bunaíochta agus an táirgthe. Sa chéim seo, tá sé tábhachtach a fhíorú go bhfuil GHP i bhfeidhm atá ceaptha chun aon ghuaiseacha a eascraíonn ón timpeallacht táirgthe a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar shábháilteacht na dtáirgí a dhíothú nó a íoslaghdú.

Príomhghnéithe le fíorú:

— Eolas na foirne atá freagrach a sheiceáil maidir leis na guaiseacha a sainaithníodh sa Phlean HACCP. Is féidir leis an iniúchóir ceisteanna a chur faoi na guaiseacha sin.

— A sheiceáil an bhfuil an GHP cuí is infheidhme maidir leis an FBO forbartha agus curtha i bhfeidhm.

— Toradh an fhaireacháin a sheiceáil. Ba cheart gach gné intomhaiste a sheiceáil in iniúchadh ar an láthair. Mar shampla, leibhéil chlóirín san uisce a sheiceáil.

— Seiceáil a dhéanamh ar na gníomhaíochta ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm i gcás diallais. Mar shampla, má aimsíonn an t-iniúchóir diallas amháin sna taifid mar gheall ar easpa clóirín, is gá taifid an chláir chothabhála a athbhreithniú agus a fheiceáil cad a rinneadh an lá céanna chun an fhadhb a réiteach.

— Iontaofacht an fhíoraithe a rinneadh a sheiceáil, mar shampla, toradh na n-iniúchtaí inmheánacha a athbhreithniú.

— Seiceáil a dhéanamh an bhfuil oiliúint agus eolas leordhóthanach ar GHP ag an bpearsanra nó ag an bhfoireann. Ba cheart an oiliúint sin a bheith ábhartha agus comhréireach leis na cúraimí agus na freagrachtaí a shanntar don bhall foirne.

— A fhíorú go bhfuil na treoirlínte cineálacha á gcur i bhfeidhm i gceart, má úsáidtear iad.

— Doiciméadacht nósanna imeachta bunaithe ar HACCP agus athbhreithniú ar na taifid (Féach Iarscríbhinn II), mura ndearnadh é sin le linn an iniúchta doiciméad, bunaithe ar chur i bhfeidhm cruinn na seacht bprionsabal HACCP arna mbunú le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004. Go háirithe, má tá sé bunaithe ar eolaíocht/ar riosca, córasach agus go sainaithníonn sé na guaiseacha suntasacha ag gach céim den slabhra táirgthe agus na bearta chun na guaiseacha sin a rialú, chun sábháilteacht an bhia a áirithiú. Ina theannta sin, ní mór don iniúchóir a fhíorú an bhfuil nósanna imeachta bunaithe ar HACCP in ann freastal ar athruithe, amhail oiriúnuithe i ndearadh trealaimh, nósanna imeachta próiseála nó cur chuige teicneolaíoch mar go n-áirítear leo an ceanglas athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun a áirithiú nach bhfuil guaiseacha nua tugtha isteach nuair a dhéantar athruithe den sórt sin.

Príomhghnéithe le fíorú:

— Fíorú trí athbhreithniú a dhéanamh ar na hanailísí a rinneadh, ar ghuaiseacha bitheolaíocha, ceimiceacha nó fisiceacha a rialú mar is ceart.

— A fhíorú go bhfuil na treoirlínte cineálacha á gcur i bhfeidhm i gceart, má úsáidtear iad.

— Nuair a úsáideann FBOnna OPRP áirithe mar bhearta rialaithe seachas mar CCP, ní mór dóibh údar cuí a thabhairt leis an rogha sin trí mheasúnú riosca. Ní mór faireachán a dhéanamh ar na OPRPanna go léir agus i gcás diallas, ní mór bearta ceartaitheacha a dhéanamh i dtreo an phróisis; Ní mór measúnú a dhéanamh ar an ngá le gníomhaíochtaí ceartaitheacha i leith an táirge aon uair a tharlaíonn diallas.

— I gcás gach CCP a léirítear, ba cheart do FBOnna údar a thabhairt leis an rogha sin. Ba cheart don iniúchóir a fhíorú sa chleachtas an bhfuil prionsabail HACCP á gcur i bhfeidhm. Is fiú agallamh a chur ar an bhfoireann fhreagrach a bhaineann le monatóireacht an CCP sin.

— Le linn iniúchtaí, féadfaidh an t-údarás inniúil measúnú a dhéanamh le feiceáil ar thug an FBO aghaidh mar is ceart ar an meastóireacht ar an leibhéal riosca. Ní mór a mheas leis an rialú oifigiúil an bhfuil na bearta rialaithe a cuireadh chun feidhme in ann na guaiseacha sainaitheanta a rialú agus an bhfuil gníomhaíochtaí faireacháin agus fíoraithe/bailíochtaithe iomchuí agus comhréireacha i bhfeidhm chomh maith le gníomhaíocht cheartaitheach a shainítear agus a dhéantar nuair a bhíonn diallais ann.

— Fíorú ar an láthair ar an tsreabhchairt agus nósanna imeachta a thuairiscítear sa doiciméadacht. Ní mór don iniúchóir an próiseas a bhfuil cur síos air sa phlean HACCP a dheimhniú trí na suiteálacha a sheiceáil, go hidéalach ó iontráil na n-amhábhar go háit seolta an táirge deiridh. Ar an gcaoi sin, is féidir leis an iniúchóir nótaí a ghlacadh, féachaint ar na gnéithe éagsúla den phróiseas monaraíochta agus ceisteanna a chur maidir leo. Go ginearálta, a fhíorú an bhfuil na socruithe go léir a aimsíodh san iniúchadh doiciméad á gcur chun feidhme i gceart.

Tá sampla den seicliosta le fáil i bhFoscríbhinn 7. Níl ann ach sampla ginearálta amháin, áfach, agus b'fhéidir gur ghá iad a chur in oiriúint do chineál na mbunaíochtaí.

3) Torthaí iniúchta a ghiniúint

An fhaisnéis a bailíodh, is torthaí iniúchta ar chomhlíonadh nó ar neamhchomhlíonadh a bíonn ann nuair a dhéantar meastóireacht orthu de réir na gcritéar iniúchóireachta. Is iad na critéir iniúchóireachta faoi chuimsiú FSMS an reachtaíocht is infheidhme agus nósanna imeachta FBO féin. Ba cheart barúlacha, ráitis, freagraí agus taifid a bheith mar thaca leis na torthaí.

4) Cruinniú deiridh

Is é is cuspóir don chruinniú deiridh na torthaí a mhíniú go hachomair, amhras nó ceisteanna a réiteach, conclúidí sealadacha a chur ar fáil agus meastachán a thabhairt maidir leis an uair a bheidh an tuarascáil iniúchóireachta ar fáil. Ba cheart na torthaí ábhartha go léir a lua, mar níor cheart aon rud "gan choinne" a bheith sa tuarascáil deiridh don FBO. Ina theannta sin, féadfaidh na hiniúchóirí agus FBO teacht ar chomhaontú le linn an chruinnithe dheiridh maidir leis an tréimhse ama chun an plean gníomhaíochta ceartaithí a chur i láthair, más infheidhme. Ba cheart an tréimhse sin a bheith nasctha le tábhacht na dtorthaí.

### 5.4. **Tuarascáil iniúchta**

Ba cheart fianaise mhionsonraithe a chur ar fáil sna tuarascálacha iniúchóireachta maidir le torthaí an mheasúnaithe, go háirithe cad iad na neamhchomhréireachtaí/neamhchomhlíonadh atá sa FSMS agus maidir leis an amchlár chun iad a cheartú.

Níor cheart ach faisnéis a d'fhéadfadh a bheith faoi réir méid éigin fíoraithe a ghlacadh mar fhianaise iniúchóireachta. Mar shampla, taifid nó freagraí ar cheisteanna in agallamh.

Ba cheart an tuarascáil iniúchóireachta a bheith cuimsitheach, cruinn, gonta agus soiléir. Ba cheart é a chur chuig an FBO a bhfuil iniúchóireacht á déanamh air laistigh de thréimhse réasúnach ama i ndiaidh an iniúchta.

Cé go bhfuil bealaí eile ann chun neamhchomhréireachtaí a chatagóiriú agus cé go mbeidh a gcóras féin ag gach údarás inniúil, is sampla é seo de chóras catagóirithe:

— **Mion**-neamhchomhréireacht: Neamhchomhréireacht/neamhchomhlíonadh leithlisithe laistigh d'fho-eilimint den FSMS atá á iniúchadh; ní chuireann sé an tsábháilteacht bia i mbaol. Mar shampla, roinnt neamhchomhlíonta maidir le cur i bhfeidhm an chórais féin maidir le roinnt taifead a líonadh.

— **Mór**-neamhchomhréireacht: neamhchomhréireacht/neamhchomhlíonadh a chuireann an tsábháilteacht bia i mbaol. Mar shampla mura ndéanann an chuideachta gníomhaíocht cheartaitheach chuí nó má dhéanann siad gníomhaíocht cheartaitheach mhíchuí i gcás riosca sábháilteachta bia nó in éagmais gníomhaíocht cheartaitheach ar bith. Áirítear leis sin neamhchomhréireachtaí/neamhchomhlíontaí beaga carnacha nó atriallacha, falsú taifead, doiciméad nár cuireadh faoi bhráid na n-údarás inniúil, FSMS nach bhfuil bailí nó nach bhfuil curtha chun feidhme, etc.

D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach freisin catagóir eile a áireamh mar neamhchomhlíonadh **criticiúil**, nuair is léir nach gcomhlíontar ceanglais an chórais nó nuair a tharlaíonn teipeanna córasacha i gcur i bhfeidhm ceanglas a d'fhéadfadh a bheith ina ngar-riosca don tsláinte phoiblí agus nuair atá fianaise ann go bhféadfaí dochar a dhéanamh do shábháilteacht an táirge.

### 5.5. **Obair leantach**

Tar éis dóibh an plean gníomhaíochta a fháil ó FBO, ba cheart do na húdaráis inniúla éifeachtacht na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh a fhíorú, chun sainchomhad an iniúchta iomláin sin a dhúnadh, laistigh den tréimhse a chomhaontófar leis an FBO.

## 6. **SOLÚBTHACHT**

D'fhéadfaí solúbthacht a chur san áireamh agus iniúchtaí ar FSMS á ndéanamh. Chun na críche sin, ní mór do na húdaráis inniúla cineál agus méid an ghnó agus stair chomhlíonadh na rialuithe oifigiúla a rinneadh a chur san áireamh. Dá bhrí sin, tar éis an chéad iniúchta iomlán i mbunaíocht ghnó bia, má tá an FSMS sásúil, curtha chun feidhme go hiomlán agus má tá an FBO ag feidhmiú go sábháilte, d'fhéadfadh solúbthacht áirithe a bheith infheidhme sa chéad iniúchadh leantach eile, mar shampla an mhinicíocht, an t-am a chaitear agus an t-athbhreithniú ar dhoiciméid a laghdú.

Ina theannta sin, i roinnt miondíoltóirí agus FBOnna atá an-bheag, b'fhéidir gur leor rialú guaiseacha a fhíorú faoi chuimsiú iniúchtaí seachas mar chuid d'iniúchadh. Is breithniú riosca-bhunaithe é seo atá le déanamh ag an CA. Mar shampla, FBO an-bheag gan ach beirt oibrithe a mhonaraíonn táirge amháin nach meastar a bheith ina riosca nó, miondíoltóirí beaga a chuireann treoracha i bhfeidhm a bhunaíonn an FSMS ar PRPanna amháin.

Ina theannta sin, féadfar láithreacht leanúnach údarás inniúil i ngnólachtaí áirithe (e.g. seamlais) a chur san áireamh agus iniúchóireacht á hullmhú agus á déanamh.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ina samplaí de chur i bhfeidhm na solúbthachta:

a) Maidir leis an iniúchadh i gcás ina gcuirfidh an FBO solúbthacht i bhfeidhm maidir le cur chun feidhme FSMS (mar a shonraítear in Iarscríbhinní I agus II):

   — Nuair is fearr le FBO na taifid a choimeád i bhformáid leictreonach, féadfaidh an t-iniúchóir glacadh leo, má bhí siad ar fáil tráth an iniúchta.

   — Nuair a chuireann FBO solúbthacht i bhfeidhm maidir le cur chun feidhme an GHP, ba cheart don iniúchóir fíorú a dhéanamh ar an measúnú a rinneadh chun an cur chun feidhme a shainaithint mar is cuí agus más ceart é, an t-iniúchadh a dhéanamh laistigh den tsolúbthacht sin. Mar shampla, i roinnt FBOnna beaga d'fhéadfadh an t-iniúchóir glacadh leis sna cásanna seo a leanas:

      — tá an duine/an fhoireann atá freagrach as faireachán a dhéanamh mar an gcéanna do gach GHP, nó

      — déantar an faireachán ó amharc gan taifid chruachóipe agus níl ach na diallais á dtaifeadadh,

— tá rialú glactha bia réamhphacáilte ar mhiondíol teoranta do sheiceáil an bhfuil pacáistí i ndálaí maithe agus an bhfuil teocht inghlactha le linn iompair,

— níl gá le huisce a rialú mura n-úsáidtear ach uisce inólta pobail,

— cultúr na sábháilteachta bia, e.g. an rannpháirtíocht agus an fheasacht chun oibriú ar bhealach atá sábháilte ó thaobh bia de, d'fhéadfadh sé a bheith follasach trí ghnáthchigireacht agus trí ghnáthiniúchadh.

— Nuair a chuireann FBO solúbthacht i bhfeidhm maidir le cur chun feidhme nósanna imeachta bunaithe ar HACCP, ba cheart an t-iniúchadh a dhéanamh i bhfianaise na solúbthachta sin.

— Tá cineálacha éagsúla cur chuige ann i leith solúbthachta sna Ballstáit agus ní mór iad a chur san áireamh agus gníomhaíochtaí rialaithe oifigiúla á ndéanamh. Mar shampla, tá Ballstáit ann nach gcuireann de cheangal na seacht bprionsabal HACCP a chur i bhfeidhm maidir le cineálacha áirithe FBOnna ann toisc go measann siad, i gcás roinnt gníomhaíochtaí bia a bhfuil riosca íseal ag baint leo, gur leor cur i bhfeidhm an GHP a áirítear i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 chun na guaiseacha suntasacha a rialú.

— Is féidir le FBOnna ábhar an Fhógra seo ón gCoimisiún agus nithe eile a bhaineann le solúbthacht (Fógra ón gCoimisiún maidir le miondíol nó Fógra ón gCoimisiún maidir le Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le deonú bia ([3])) a chur i bhfeidhm agus dá bhrí sin is féidir a mheas go gcomhlíonann FSMS ceanglais an Aontais de réir a dtreoirlínte. Mar shampla, FBO a chuireann anailís shimplí ghuaise i bhfeidhm ina ndearnadh an ghuais uile a shainaithint ar bhealach simplí ina ndéantar grúpáil mhicribhitheolaíoch, cheimiceach agus fhisiciúil agus ina bhfuil bearta rialaithe éifeachtacha bunaithe, ní mór a mheas go bhfuil an oibleagáid atá leagtha síos in Airteagal 5, mír 1 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 comhlíonta (roinn 3.2 den Fhógra ón gCoimisiún).

— Is cur chuige coiteann i leith na solúbthachta iad treoracha maidir le dea-chleachtas. Tá treoracha náisiúnta, réigiúnacha agus treoracha de chuid an Aontais ann. Féadfaidh FBO aon cheann de na treoracha is infheidhme a chur i bhfeidhm ina chríoch. Agus rialú oifigiúil á dhéanamh acu, ní mór do na húdaráis inniúla an cás sin a chur san áireamh agus a bheith ar an eolas gur féidir leis an FBO níos mó ná treoir amháin a úsáid mar bhonn dá FSMS.

— Nuair a chuireann FBO treoir i bhfeidhm, is féidir an treoir a mheas mar chuid dá dhoiciméadú HACCP. Mar shampla, má chuimsíonn an treoirleabhar feidhmithe anailís ghuaise agus CCP dá ghníomhaíocht, ní mór an ceanglas le haghaidh phrionsabail 1 agus 2 a mheas a bheith comhlíonta. Agus iniúchadh á dhéanamh ar FBO i ndiaidh treorach, is gá a sheiceáil an bhfuil guaiseacha breise i gceist dóibh siúd atá clúdaithe sa treoirleabhar agus, dá bhrí sin, tá a nósanna imeachta HACCP féin forbartha ag an FBO.

— Is féidir leis an FBO treoracha a chur in oiriúint dá sainghnéithe ar leith. Ciallaíonn sé sin gur féidir roinnt de na nósanna imeachta nó de na treoirlínte a áirítear sna treoracha a shimpliú nó a mhéadú bunaithe ar chur i bhfeidhm phrionsabail HACCP féin. Agus treoracha á gcur in oiriúint, ní mór na ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh agus an Fógra seo ón gCoimisiún a mheas mar thagairt don tsolúbthacht. Mar shampla, i gcás nósanna imeachta amharcfhaireacháin, ní fhéadfaidh FBO breithniú a dhéanamh ach amháin i gcás diallas agus, dá bhrí sin, nach ndéanann sé ach gníomhaíochtaí ceartaitheacha a thaifeadadh, nuair a bheadh sé inmholta i gcomhairle leis an CA (tuairisciú eisceachta). Sna cásanna sin, ní mór don FBO a nósanna imeachta HACCP féin a dhoiciméadú má tá siad éagsúil leis an treoir.

— I gcásanna áirithe, is féidir OPRP a chur in ionad roinnt beart rialaithe a aicmítear i gcuideachta mhór mar CCP de ghnáth. Mar shampla, is éard atá i gcócaireacht i monarcha mhór béilí RTE de ghnáth ná CCP agus is bealach coitianta é rialú teochta chun monatóireacht a dhéanamh air. I mbialann bheag, b'fhéidir nach bhféadfaí faireachán a dhéanamh ar theochtaí gach uair a dhéantar próiseas cócaireachta agus is féidir breathnú go díreach ar airíonna fisiceacha an bhia a bheith ina bhealach éifeachtach agus praiticiúil chun an próiseas cócaireachta a rialú.

b) Maidir leis an tsolúbthacht a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le hiniúchtaí leantacha (riosca-bhunaithe):

— Do FBO beag i gcás ina bhfuil na rioscaí íseal agus (in ainm a bheith) faoi rialú toisc go bhfuil an FSMS éifeachtach, á chur i bhfeidhm agus á chur chun feidhme go maith, gan neamhchomhréireachtaí/neamhchomhlíonadh nó laige, d'fhéadfaí an t-am a shíneadh chun an chéad iniúchta eile (riosca-bhunaithe) a sceidealú. Mar shampla, maidir le stóráil táirgí pacáistithe fadré, i gcás ina mbeidh toradh deiridh na hiniúchóireachta inghlactha, d'fhéadfadh na húdaráis inniúla síneadh a chur leis an tréimhse sceidealaithe don chéad iniúchadh leantach eile nuair a mheastar é a bheith cruinn laistigh den riosca.

— I gcás FBO gan athruithe sa phróiseas monaraíochta agus le toradh inghlactha ar an iniúchadh deireanach, d'fhéadfadh na húdaráis inniúla iniúchadh leantach ar an mbunaíocht a chlárú nach ndíreofaí ach ar fhíorú an FSMS.

— I gcás FBO le toradh inghlactha ar an iniúchadh deireanach, ag tabhairt isteach athrú ar an FSMS nó nós imeachta monaraíochta nua, d'fhéadfadh údaráis inniúla iniúchadh leantach a chlárú ag díriú ar an athrú sin.

([3]) IO C 361, 25.10.2017, lch. 1.

## 7. **AN BEALACH CHUN CINN AG BRATH AR THORADH NA HINIÚCHÓIREACHTA**

Nuair a bhraitear neamhchomhréireachtaí, ba cheart do na hiniúchóirí bearta a dhéanamh sa chás sin.

Ullmhóidh an fhoireann iniúchóireachta tuarascáil ina léireofar toradh na meastóireachta ar an FSMS agus comhlíonadh an dlí bia, ina léireofar na neamhchomhréireachtaí uile a braitheadh agus a n-aicmiú. Molfaidh an tuarascáil go gceartófaí na neamhchomhréireachtaí agus déanfar an cinneadh maidir leis an ngníomhaíocht nó leis an mbeart a bheidh le déanamh a thaifeadadh.

Agus cineál na neamhchomhréireachtaí (NC) á chur san áireamh:

— Mura mbraitear ach mion-NCanna, féadfar tréimhse a dheonú, ag fíorú a gceartaithe sa chéad iniúchadh sceidealta eile nó i ndiaidh na tréimhse a dheonófar.

— I gcás ina mbraitear mór-NC, féadfar ceartú láithreach a iarraidh nó féadfar tréimhse a dheonú lena cheartú. A luaithe a bheidh an uastréimhse atá socraithe lena gceartú caite, déanfar iniúchadh leantach lena fhíorú gur ceartaíodh na neamhchomhréireachtaí.

  Mura bhfuil na neamhchomhréireachtaí ceartaithe, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú i dtaobh ar cheart smachtbhannaí nó beart forfheidhmiúcháin eile a thionscnamh. Ní dheonófar tréimhse cheartúcháin nua ach amháin ar chúis chuí-réasúnaithe.

— Nuair a bhraitear NC criticiúil le linn na n-iniúchtaí, ba cheart do na húdaráis inniúla céimeanna a ghlacadh láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, lena n-áirítear gníomhaíocht na bunaíochta a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil baol ann don tsláinte phoiblí, agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an FBO na ceanglais dhlíthiúla uile agus sábháilteacht an bhia a cuireadh ar an margadh cheana féin.

  Nuair is infheidhme, más rud é, tar éis tréimhse a dheonaítear ón bhfionraí, nach ndearna an t-oibreoir na neamhchomhréireachtaí a chruthaigh é a cheartú, cuirfear tús leis na nósanna imeachta chun é a bhaint de liostaí an Aontais.

  Rachaidh sé ar aghaidh freisin le himeachtaí araíonachta a thionscnamh.

— Go ginearálta, féadfar an fíorú go bhfuil na neamhchomhréireachtaí ceartaithe a úsáid trí réasúnú doiciméadach nó tar éis cuairte iniúchóireachta leantacha.

  Laistigh de sholúbthacht, faoi mheasúnú riosca, agus i gcásanna inarb ionann an t-iniúchóir agus an t-iniúchóir a dhéanann na cigireachtaí ag an FBO, d'fhéadfadh sé go bhféadfaí ceartú neamhchomhréireachtaí beaga a fhíorú ag an gcéad chigireacht sceidealaithe eile don FBO lena mbaineann. Níl aon ghá le réamhfhógra a thabhairt, ní bheadh gá ach a chur in iúl agus a léiriú sa tuarascáil iniúchóireachta go seiceálfar ceartú na neamhchomhréireachtaí beaga sin ag an gcéad chigireacht eile.

Achoimre ar na bearta a rinne na húdaráis inniúla:

<table>
<tr><th>Toradh an iniúchta ar FSMS</th><th>Rianú</th></tr>
<tr><td>Inghlactha</td><td>An Chéad Iniúchadh Eile</td></tr>
<tr><td>Inghlactha le mion-neamhchomhréireacht</td><td>An Chéad Iniúchadh Eile (Iomlán nó Páirteach)<br><br>Nó<br><br>Rialú oifigiúil eile: Iniúchtaí.</td></tr>
<tr><td>Mion-neamhchomhréireacht neamhcheartaithe</td><td rowspan="2">Gníomhaíochtaí, más gá (díshlógadh, fionraí réamhchúraim, pionós)<br><br>+<br><br>Iniúchadh leantach páirteach (laistigh den tréimhse ama atá leagtha síos ag an CA)<br>Nó<br>Iniúchadh iomlán nua</td></tr>
<tr><td>Neamhchomhréireacht mór le riosca</td></tr>
</table>

## 8. **ROINNT TREORAÍOCHT BHREISE MAIDIR LE HINIÚCHADH A DHÉANAMH AR CHULTÚR SÁBHÁILTEACHTA BIA**

Le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, bunaítear an oibleagáid dhlíthiúil atá ar FBO cultúr na sábháilteachta bia a chur chun feidhme, agus ba cheart don údarás inniúil an cultúr sin a fhíorú.

Le linn na hiniúchóireachta, ní mór do FBOnna a léiriú go bhfuil an fhoireann go léir ar an eolas faoi shaincheisteanna sábháilteachta bia a bhaineann lena gcúraimí agus go gcuirtear an FSC iomchuí chun feidhme. Is féidir leis an iniúchóir a fhíorú an FSC ag:

— Seiceáil a dhéanamh ar shuirbhéanna FSC (mar shampla, trí cheistneoirí) a dhéantar sa bhunaíocht nó sa ghrúpa bunaíochtaí a bhfuil an ghníomhaíocht chéanna acu.

— Agallamh (féach an ceistneoir giorraithe thíos) agus breathnóireacht:

  — Eolas na foirne a cuireadh faoi agallamh a sheiceáil maidir leis an tábhacht a bhaineann le bia sábháilte oiriúnach a chur ar fáil.

  — Iompar agus dearcadh na bhfostaithe a sheiceáil maidir le sláinteachas bia.

  — Seiceáil gealltanas na bainistíochta agus cumarsáide le ranna eile.

  — Seiceáil a dhéanamh ar chumas na ceannaireachta an pearsanra uile a spreagadh chun a bheith rannpháirteach i gcleachtais sábháilteachta bia.

— Na hacmhainní a sheiceáil. Teastaíonn am agus acmhainní chun FSC a chur chun feidhme. D'fhéadfadh brú ama ard do tháirgeadh a léiriú nach bhfuil FSC ann. Suirbhé a eagrú trí cheistneoir a úsáid. An síneadh sin, moltar iniúchadh sonrach FSC i ngnólachtaí móra nó i gcás grúpaí bunaíochtaí a dhéanann na gníomhaíochtaí céanna laistigh d'earnáil nó laistigh den ghrúpa céanna gnó.

Go háirithe, sna FBOnna beaga is féidir leis an iniúchóir measúnú a dhéanamh ar fheasacht na foirne trí bhreathnóireacht agus trí agallaimh leis an bhfoireann ábhartha amháin.

Chun dearcadh suibiachtúil a sheachaint, ba cheart fíorú FSC a dhéanamh trí shonraí oibiachtúla a fhíorú, mar shampla, cleachtais sláinteachais bia, oiliúint arna leanúint ag pearsanra, doiciméid maidir leis an sreabhadh faisnéise agus aiseolais idir fostaithe agus bainisteoirí a sheiceáil nó feidhmíocht a sheiceáil mar thorthaí iniúchtaí inmheánacha, anailís mhicribhitheolaíoch, obair leantach ar neamhchomhréireachtaí, etc.

Tá deis ag an iniúchóir suirbhé a eagrú trí cheistneoir a úsáid freisin.

*Tábla 1*

**Sampla de sheicliosta maidir le Cultúr Sábháilteachta Bia d'údaráis inniúla.**

| DEARCADH CHULTÚR NA SÁBHÁILTEACHTA BIA | TÁ | NÍL | NÓTAÍ TRÁCHTA |
|---|---|---|---|
| An bhfuil an rannpháirtíocht agus an bhaint a bhaineann le sláinteachas agus sábháilteacht bia leathnaithe chuig an eagraíocht ar fad?<br>— **Gealltanas** na bainistíochta.<br>— **Gealltanas** na bhfostaithe. | | | |
| An bhfuil dóthain **acmhainní** ag teastáil chun oibriú ar bhealach sláinteach agus sábháilte ó thaobh bia de san eagraíocht? | | | |
| An bhfuil gach ball foirne san eagraíocht **ar an eolas faoi na rioscaí** a bhaineann le sláinteachas agus sábháilteacht bia agus an bhfuil siad faoi smacht acu? | | | |
| Ar áirithíodh an t-aistriú **cumarsáide** maidir le saincheisteanna sláinteachais agus sábháilteachta bia laistigh den eagraíocht? | | | |
| An bhfuil **an cheannaireacht** in ann páirt a ghlacadh i bhfeidhmiú sláinteachais/sábháilteachta agus i gcomhlíonadh sláinteachais/ sábháilteachta? | | | |
| An bhfuil dóthain sonraí oibiachtúla ar fáil chun prionsabail an FSC a fhíorú? | | | |

Is féidir uirlisí eile a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh nuair a bheidh siad ar fáil.

(Sampla a d'fhorbair Gníomhaireacht na Ríochta Aontaithe um Chaighdeáin Bhia: https://www.food.gov.uk/sites/default/files/media/document/803-1-1431_FS245020_Tool.pdf)

*Foscríbhinn 1*

**Forbhreathnú ar chórais bainistíochta sábháilteachta bia le haghaidh gníomhaíochtaí seachas táirgeadh príomhúil agus gníomhaíochtaí gaolmhara**


Sa chéad chéim, ba cheart gach GHP (agus PRP eile) a shainaithint agus a chur chun feidhme (céim 1) in aon FSMS.

Mar dhara céim, ba cheart don anailís ghuaise ag gach céim den phróiseas (féach Iarscríbhinn II, Ranna 5 agus 6) guaiseacha a bhfuil dóchúlacht réasúnta ann go dtarlóidh siad a shainaithint agus ag an tríú céim leibhéil éagsúla rioscaí a shainaithint (féach Foscríbhinní 2, 4A agus 4B):

— I gcás leibhéil riosca níos ísle, is féidir a bhaint de thátal, más rud é go bhfuil GHP láidir i bhfeidhm, gur leor GHP chun sábháilteacht an táirge a áirithiú;

— I gcás leibhéil idirmheánacha rioscaí a sainaithníodh, is féidir bearta “idirmheánacha” a mholadh e.g. OPRP;

— I gcás rioscaí arda, ba cheart pointí rialúcháin criticiúla a bhunú nuair is féidir agus d’fhéadfadh sé go n-áiritheofaí sábháilteacht bia trí mheascán de GHP, agus, má shainaithnítear freisin é, OPRP



*Foscríbhinn 2*

**Sampla d'anailís ghuaise – nós imeachta meastóireachta riosca (leathchainníochtúil)**

(Bunaithe ar: Treoirlínte FAO/EDS maidir le "Tréithriú riosca na nguaiseacha micribhitheolaíocha i mbia ([4])")

Sainítear an leibhéal riosca ag gach céim de phróiseas trí dhéine nó trí éifeacht na guaise i ndáil leis an dóchúlacht ina bhféadfadh an ghuais tarlú, chun a shainaithint an bhfuil tábhacht léi, agus dá bhrí sin an bhfuil gá le beart rialaithe ag an gcéim seo nó ag céim ina dhiaidh sin:

**L** = **Dóchúlacht** = an dóchúlacht go bhfuil an ghuais ag tarlú ag céim phróiseas ar leith (ábhar amh, táirge (deiridh),...), breithniú i gceart i bhfeidhm bearta coisctheacha (GHP) agus rialaithe i gcéimeanna roimhe seo den phróiseas

**S** = **Déine** = éifeacht nó déine na guaise a bhaineann le sláinte an duine.

**LEIBHÉAL RIOSCA (R = L x S): SCÁLA 1 GO 7** Is féidir an riosca a shainmhíniú mar líon na dteagmhas a bhfuiltear ag súil leo (dóchúlacht) i ndáil leis an díobháil (déine) a bhfuil coinne léi i gcás gach teagmhais

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ard** | **4** | 4 | 5 | 6 | 7 |
| | **Meánmhéid** | **3** | 3 | 4 | 5 | 6 |
| | **Beag** | **2** | 2 | 3 | 4 | 5 |
| | **An-bheag** | **1** | 1 | 2 | 3 | 4 |
| | | | **1** | **2** | **3** | **4** |
| | | | **Teoranta** | **Measartha** | **Tromchúi-seach** | **An-tromchúi-seach** |
| **DÓCHÚLACHT** | | | | **DÉINE** | | |

**DÓCHÚLACHT**

**1** = **an-bheag**

— Seans teoiriciúil – níor tharla an ghuais riamh roimhe seo;

— Go bhfuil an beart rialaithe nó an ghuais de chineál a fhágann, nuair a bhíonn ag cliseadh ar an mbeart rialaithe, nach féidir aon táirgeadh a dhéanamh a thuilleadh nó nach dtáirgtear táirgí deiridh úsáideacha ar bith (e.g. tiúchan dathán ró-ard mar bhreiseáin);

— Is éilliú an-teoranta agus/nó áitiúil é.

**2** = **beag**

— Gur de chineál ginearálta (GHP) iad na bearta rialaithe don ghuais agus go gcuirtear chun feidhme go maith iad sa chleachtas;

**3** = **meánmhéid**

— Má theipeann ar an mbeart rialaithe (sonrach) nó mura bhfuil sé in easnamh, ní bhíonn an ghuais i láthair go córasach ag an gcéim seo ach d'fhéadfadh an ghuais a bheith i gceist i gcéatadán áirithe den táirge sa bhaisc ghaolmhar.

**4** = **ard**

— Má theipeann ar an mbeart rialaithe (sonrach) nó mura bhfuil sé i gceist beidh earráid chórasach ann, tá dóchúlacht ard ann go mbeidh an ghuais i gceist ag an gcéim seo.

([4]) http://www.who.int/foodsafety/publications/micro/MRA17.pdf

**DÉINE**

**1** = **teoranta**

— Níl aon fhadhb ag an tomhaltóir maidir le sábháilteacht bia (cineál guaise e.g. páipéar, plaisteach bog, ábhair mhóra iasachta);

— Ní féidir leis an nguais tiúchan contúirteach a bhaint amach riamh (e.g. datháin, *S. aureus* i mbia reoite nuair nach dócha go dtarlóidh iolrú go comhaireamh níos airde nó nach féidir leis tarlú mar gheall ar dhálaí stórála agus cócaireachta).

**2** = **measartha**

— Gan aon ghortú tromchúiseach agus/nó comhartha sóirt ná go heisiach nuair a nochtar do thiúchan ard é le linn tréimhse fada ama;

— Tionchar sealadach ach soiléir ar shláinte (e.g. píosaí beaga).

**3** = **tromchúiseach**

— Éifeacht shoiléir ar an tsláinte le siomptóim ghearrthéarmacha nó fhadtéarmacha arb annamh a bhíonn mortlaíocht mar thoradh orthu (e.g. gaistreiníteas, guaiseacha micribhitheolaíocha amhail *Campylobacter* nó *Bacillus cereus*);

— Tá éifeacht fhadtéarmach ag an nguais; Ní fios an dáileog uasta (e.g., iarmhair lotnaidicídí, ,…).

**4** = **an-tromchúiseach**

— Baineann an grúpa tomhaltóirí le catagóir riosca agus is féidir mortlaíocht a bheith mar thoradh ar an nguais;

— Bíonn siomptóim thromchúiseacha mar thoradh ar an nguais, lena n-áirítear go fadtéarmach (e.g. *Salmonella, Listeria monocytogenes*, dé-ocsainí, aflatocsainí…);

— Gortuithe buana.

**SAMPLA DE CHINNEADH GHP, OPRP agus CCP**

**Leibhéil riosca 1 & 2:** gan aon ghníomhartha sonracha, rialú arna chumhdach le "gnáth-GHP".

**Leibhéil riosca 3 & 4:** d'fhéadfadh OPRP a bheith ann. Ceist bhreise le freagairt ag foireann HACCP: An leor na bearta coisctheacha ginearálta mar a chuirtear síos orthu sa GHP chun an ghuais aitheanta a rialú?

— Más rud é GUR LEOR: GHP

— Más rud é NACH LEOR: OPRP.

**Leibhéil riosca 5, 6 agus 7**: bí ag fiosrú faoi chinneadh CCP.

Agus cinneadh críochnaitheach á dhéanamh ag céim áirithe maidir le CCP/OPRP, ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

— má tá céim leantach ann lena gcuirfear deireadh leis an riosca nó lena laghdófar a tharlú go leibhéal inghlactha: FÉACH CRAINN CHINNTEOIREACHTA I bhFOSCRÍBHINN 4

— déine agus dóchúlacht go dtarlóidh diallas agus an cumas diallais a bhrath.

**DÉINE AGUS DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH DIALLAS AGUS AN CUMAS DIALLAIS A BHRATH**

I gcás éifeachtaí tromchúiseacha agus éagsúla, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach measúnú a dhéanamh freisin ar an dóchúlacht go dtarlóidh diallas agus ar an gcumas an diallas a bhrath agus a cheartú go tráthúil. De réir ISO 22000, nuair a bhíonn dóchúlacht ard ann go dtarlóidh diallas ach má dhéantar faireachán ar ardchumas chun diallas den sórt sin a bhrath (braith láithreach agus gníomhaíocht cheartaitheach thapa), is gnáth-CCP é sin.

I gcásanna ina bhfuil an fhéidearthacht íseal go leagfar síos teorainneacha criticiúla, go n-aithnítear faireachán chun gach diallas a bhrath agus go gcuirfear gníomhaíochtaí ceartaitheacha chun feidhme, sainaithnítear OPRP nó ba cheart an próiseas a mhodhnú. Tá dúshlán ar leith ann maidir le bearta rialaithe a bhfuil an déine agus an dóchúlacht go dtarlóidh diallas ard ina leith fad is atá cumas íseal ann an diallas a bhrath agus a cheartú. Gníomhóidh FBOnna chun cur leis an gcumas diallais a bhrath agus a cheartú nó chun dóchúlacht agus/nó déine go dtarlóidh diallais a laghdú. Níor cheart lipéadú réamhchúramach (treoracha cócaireachta, rialú ailléirginí) a úsáid ach amháin i gcás nach féidir straitéis choisctheach a chur chun feidhme go héifeachtúil agus go bhféadfadh riosca a bheith ag baint leis an táirge do thomhaltóirí.

I gcásanna eile ina bhfuil dóchúlacht ard ann go dtarlóidh diallais agus cumas íseal diallais a bhrath, ní mór don FBO a bheith an-chúramach agus stóinseacht an FSMS ar fad a sheiceáil.

| | | Déine agus dóchúlacht go dtarlóidh diallais | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Íseal | Measartha | Ard |
| Cumas chun diallas a bhrath agus a cheartú | Ard | GHP | OPRP | CCP |
| | Íseal | GHP | OPRP | Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas nó ar an OPRP más féidir |

**CUR CHUIGE MALARTACH**

I roinnt cásanna (mar shampla, FBOnna beaga nó próisis shimplí neamhchasta, mar shampla), is féidir an cur chuige céanna a úsáid ar bhealach níos simplí, mar shampla:

— Leibhéil riosca 1 go 5 seachas 1 go 7 trí úsáid a bhaint as 3 fhoroinn in ionad 4 fhoroinn den dóchúlacht agus den éifeacht (déantar foroinn 3 agus foroinn 4 a chumasc).

— An dóchúlacht go mbeidh guais ann maidir leis an táirge deiridh a mheas trí éifeacht céimeanna níos déanaí a mheas (agus gan na crainn chinnidh i bhFoscríbhinn 4 a úsáid.

— Ní chuirtear OPRP san áireamh nuair a dhéantar riosca “idirmheánach” a shainaithint, ach ní dhéantar ach difreáil idir guaiseacha ar féidir le PRP a rialú agus iad siúd a bhfuil CCP ag teastáil uathu.

*Foscríbhinn 3*

**Sampla de tháscairí na huirlise measúnaithe ar chultúr na sábháilteachta bia** ([5])

Ba cheart an ceistneoir thíos a líonadh isteach agus a sheoladh chuig a oiread foirne agus is féidir. Is féidir le freagróirí freagra a thabhairt le scála cúig phointe Likert (1-> 5: easaontaím go hiomlán, easaontaím, neodrach, aontaím nó aontaím go hiomlán).

Trí chomparáid a dhéanamh idir na torthaí, is féidir laigí a shainaithint i bprionsabail áirithe de chultúr na sábháilteachta bia (e.g. cumarsáid). Ina theannta sin, is féidir measúnú foriomlán a dhéanamh ar chultúr na sábháilteachta bia trí thorthaí a chur i gcomparáid le chéile:

— i ranna éagsúla de bhunaíocht (mhór)

— i mbrainsí éagsúla den ghrúpa céanna e.g. ollmhargaí nó siopaí búistéara a bhaineann leis an ngrúpa céanna

— i mbunaíochtaí éagsúla san earnáil chéanna (e.g. údaráis sábháilteachta bia a úsáideann an ceistneoir céanna agus iniúchadh á dhéanamh ar chultúr sábháilteachta bia ar fud earnáil áirithe).


| | | Easaon-taím go hiomlán | Easaon-taím | Neo-drach | Aontaím | Aontaím go hiomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| CEANNAIREACHT | | | | | | |
| L.1 | Leagann na bainisteoirí amach cuspóirí soiléire maidir le sábháilteacht bia. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| L.2 | Tá na bainisteoirí soiléir faoi na hionchais maidir le sábháilteacht bia d’fhostaithe. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| L.3 | Tá na bainisteoirí in ann a bhfostaithe a spreagadh le bheith ag obair ar bhealach atá sábháilte ó thaobh bia de. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| L.4 | Léiríonn na bainisteoirí dea-shampla maidir le sláinteachas agus sábháilteacht bia. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| L.5 | Tugann na bainisteoirí aghaidh ar shaincheisteanna sábháilteachta bia go tapa | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| L.6 | Féachann na bainisteoirí le feabhas leanúnach a chur ar shábháilteacht bia. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| CUMARSÁID | | | | | | |
| C.1 | Déanann na bainisteoirí cumarsáid go rialta leis na fostaithe maidir le sábháilteacht bia | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| C.2 | Déanann na bainisteoirí cumarsáid shoiléir leis na fostaithe maidir le sábháilteacht bia. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| C.3 | Is féidir leis na fostaithe cumarsáid a dhéanamh leis na bainisteoirí maidir le sábháilteacht bia. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| C.4 | Cuirtear tábhacht na sábháilteachta bia in iúl i gcónaí trí phóstaeir, comharthaí agus/nó deilbhíní a bhaineann le sábháilteacht bia a úsáid. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| C.5 | Is féidir liom fadhbanna a bhaineann le sábháilteacht bia a phlé le comhghleacaithe i m’eagraíocht | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |

([5]) De réir ‘De Boeck E., Jacxsens L., Bollerts M. agus Vlerick P. (2015). *Food safety climate in food processing organizations: Development and validation of a self-assessment tool* [Sábháilteacht bia in eagraíochtaí próiseála bia: Uirlis féinmheasúnaithe a fhorbairt agus a bhailíochtú], *Trends in Food Science and Technology*, 46, 242-251.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| RANNPHÁIRTÍOCHT agus GEALLTANAS | | | | | | |
| E.1 | Táim cinnte faoin tábhacht a bhaineann le sábháilteacht bia don eagraíocht | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| E.2 | Tá mo chomhghleacaithe cinnte faoin tábhacht a bhaineann le sábháilteacht bia don eagraíocht. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| E.3 | Aithnítear obair ar bhealach atá sábháilte ó thaobh bia de agus tugtar luaíocht ina leith | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| E.4 | Measaim gur féidir liom cur le sábháilteacht ár dtáirgí. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| E.5 | Tá mé spreagtha chun iarracht a dhéanamh i gcónaí an leibhéal is airde sábháilteachta bia a bhaint amach. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| E.6 | Measaim go bhfuil cuid den fhreagracht a bhaineann le sábháilteacht ár dtáirgí orm. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| FEASACHT | | | | | | |
| A.1 | Tuigim na rioscaí a bhaineann le sábháilteacht bia is ábhartha chun mo chuid chúraimí a chur i gcrích. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| A.2 | Tuigeann mo chomhghleacaithe na rioscaí a bhaineann le sábháilteacht bia is ábhartha chun mo chuid cúraimí a chur i gcrích. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| A.3 | Tá mo chomhghleacaithe san airdeall agus aireach ar fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar na rioscaí a bhaineann le sábháilteacht bia | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| A.4 | Tá léargas réalaíoch ag na bainisteoirí ar na fadhbanna agus ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le sábháilteacht bia | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| A.5 | Tá na rioscaí a bhaineann le sábháilteacht bia faoi smacht i m'eagraíocht. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| ACMHAINNÍ | | | | | | |
| R.1 | Faigheann fostaithe a ndóthain ama chun oibriú ar bhealach atá sábháilte ó thaobh bia de. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| R.2 | Tá dóthain foirne ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar shábháilteacht bia | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| R.3 | Tá an bonneagar is gá (e.g. spás maith oibre, dea-threalamh, etc.) ar fáil le bheith in ann oibriú ar bhealach atá sábháilte ó thaobh bia de | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| R.4 | Cuirtear acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar fáil chun tacú le sábháilteacht bia (e.g. anailísí saotharlainne, comhairleoirí seachtracha, glanadh breise, trealamh ceannaigh, etc.). | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| R.5 | Tugtar dóthain oideachais agus oiliúna maidir le sábháilteacht bia. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| R.6 | Tá nósanna imeachta agus treoracha maithe maidir le sábháilteacht bia i bhfeidhm. | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |

*Foscríbhinn 4A*

**Sampla de chrann cinnteoireachta chun pointí rialúcháin criticiúla (CCP) a shainaithint**




* Déan tábhacht na guaise (i.e., an dóchúlacht go dtarlóidh an ghuais d'uireasa rialaithe agus déine iarmhairt na guaise) a mheas agus cibé an bhféadfaí an ghuais a rialú go leordhóthanach le cláir réamhriachtanais amhail GHPanna. D'fhéadfadh gur gnáth-GHPanna nó GHPanna a éilíonn aird níos mó chun an ghuais a rialú (e.g. monatóireacht agus taifeadadh) a bheadh sna GHPanna.


** Mura n-aithnítear CCP le ceisteanna 2-4, ba cheart an próiseas nó an táirge a mhodhnú chun beart rialaithe a chur i bhfeidhm agus ba cheart anailís ghuaise nua a dhéanamh.

*** Smaoinigh an bhfuil an beart rialaithe ag an gcéim seo ag obair in éineacht le beart rialaithe ag céim eile chun an ghuais chéanna a rialú, agus sa chás sin ba cheart an dá chéim a mheas mar CCPanna.

**** Tar ais chuig tús an chrainn chinnteoireachta tar éis anailís ghuaise nua a dhéanamh.

*Foscríbhinn 4B*

**Sampla de chrann cinnteoireachta simplithe**



*Foscríbhinn 5*

**Comparáid idir GHP, oPRP agus CCP**

| Saghas Bearta Rialaithe | GHP | OPRP | CCP |
|---|---|---|---|
| Raon feidhme | Bearta a bhaineann le timpeallacht bia sábháilte a chruthú: Bearta a bhfuil tionchar acu ar oiriúnacht agus sábháilteacht bia | Bearta a bhaineann leis an gcomhshaol agus/nó le táirge (nó cumasc de bhearta) chun éilliú a chosc, nó chun guaiseacha a chosc, a dhíothú nó a laghdú go teorainn inghlactha sa táirge deiridh.<br>Cuirtear na bearta sin chun feidhme tar éis chur chun feidhme an GHP. | |
| Gaol le guaiseacha | Ní bhaineann sé go sonrach le guais ar bith | Baineann sé go sonrach le gach guais nó le gach grúpa guaiseacha | |
| Cinneadh | Forbairt bunaithe ar:<br>— Taithí,<br>— Doiciméid tagartha *(treoraithe, foilseacháin eolaíochta)*,<br>— Deimhnithe leis an anailís ghuaise. | Bunaithe ar an anailís ghuaise ag cur GHP san áireamh.<br>Baineann CCP agus OPRP go sonrach le táirge agus/nó próiseas | |
| Bailíochtú | Ní gá go ndéanfadh FBO é.<br>*(i.e.: tá bailíochtú déanta ag monaróir táirgí glantacháin ar éifeachtúlacht an táirge agus ar an speictream táirge arna chinneadh agus ar na treoracha maidir le húsáid – caithfidh FBO treoracha a leanúint agus sonraíochtaí teicniúla an táirge a choinneáil)* | Ní mór bailíochtú a dhéanamh<br>*(i roinnt cásanna, tugann treoracha maidir le dea-chleachtas treoir maidir le modheolaíocht bhailíochtaithe nó tugann siad teorainneacha criticiúla bailíochtaithe)* | |
| Critéir | / | Critéir intomhaiste nó inbhraite | Critéir intomhaiste nó inbhraite |
| Faireachán | I gcás inarb ábhartha agus inarb indéanta | Minicíocht a chinnfear de réir dóchúlachta agus déine teipe | Fágann minicíocht gur féidir neamhchomhlíonadh teorainneacha criticiúla a bhrath i bhfíor-am |
| Diallas: bearta ceartaitheacha | Gníomhaíochtaí ceartaitheacha maidir leis an bpróiseas<br>Ní gá gníomhaíochta ceartaitheacha a dhéanamh maidir leis an táirge den chuid is mó ach déanfar iad a mheasúnú de réir an cháis | Gníomhaíochtaí ceartaitheacha maidir leis an bpróiseas<br>Gníomhaíochtaí ceartaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an táirge (cás ar chás)<br>Taifid a choimeádtar | Gníomhaíochtaí ceartaitheacha réamhshocraithe maidir leis an táirge<br>Na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá chun rialú a athbhunú agus chun nach dtarlóidh sé arís ar an bpróiseas<br>Taifid a choimeádtar |
| Fíorú | Fíorú sceidealta ar chur chun feidhme nuair is iomchuí | Fíorú sceidealta ar chur chun feidhme, fíorú ar chur i gcrích an rialaithe guaise atá pleanáilte | |

*Foscríbhinn 6*

**Sampla de litir chumarsáide**

| |
|---|
| *[Ainm an Oibreora Gnó Bia]* |
| *[Dáta]* |
| *[Seoladh]* |
| *[Cód poist]* |
| *[Gníomhaíocht na bunaíochta le hiniúchadh]* |

**Plean Iniúchta**

A *[ainm teagmhála FBO]*, a chara

Mar chuid de rialuithe oifigiúla *[Ainm an Údaráis Inniúil]* chun a fhíorú go bhfuil an reachtaíocht maidir le sábháilteacht bia á comhlíonadh ag Oibritheoir Gnólachta Bia, go háirithe Rialacháin (CE) 852/2004, 853/2004 agus 178/2002, táim ag scríobh lena dheimhniú go ndéanfaidh foireann iniúchóireachta iniúchadh ar an FSMS atá i bhfeidhm ag do bhunaíocht an *[lá, mí, bliain]*.

Cuirfear tús leis an iniúchadh ag *[am]*. Ba cheart duit a bheith ar an eolas go bhféadfadh fad an iniúchta athrú ag brath ar na torthaí. Mar sin féin, is féidir leat teacht ar an sceideal beartaithe thíos.

Bheadh sé úsáideach dá mbeifeá in ann a chinntiú go mbeidh na baill ábhartha den fhoireann ar fáil le linn na cuairte iniúchóireachta. Beidh ort freisin doiciméid a bhaineann le do nósanna imeachta bunaithe ar HACCP a chur ar fáil.

**CUSPÓIRÍ AN INIÚCHTA**

— Chun a chinneadh an gcomhlíonann gníomhaíochtaí agus torthaí gaolmhara do FSMS agus rialacha gaolmhara,

— Meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas dlí agus rialála is infheidhme

— A fhíorú an bhfuil an FSMS seo ag feidhmiú go héifeachtach.

**RAON FEIDHME AN INIÚCHTA**

Áireofar i raon feidhme an iniúchta measúnuithe faoi na catagóirí seo a leanas:

— Guaiseacha féideartha (micribhitheolaíocha, ceimiceacha agus fisiciúla).

— Coinníollacha sláinteachais agus cineál an phróisis a rinneadh.

— Dea-Chleachtais Sláinteachais agus PRP eile, lena n-áirítear: glanadh agus sláintíocht, cothabháil, rialú lotnaidí, rialú soláthróirí, oiliúint pearsanra, inrianaitheacht agus aisghairm, rialuithe teochta, etc.

— Nósanna imeachta bunaithe ar HACCP atá i bhfeidhm.

**INIÚCHÓIR**

*[ainm an iniúchóra]*

*[ainm an iniúchóra]*

**SCEIDEAL AMA**

An t-am iomlán atá beartaithe: X uair an chloig.

| | |
|---|---|
| Cruinniú tosaigh | X nóiméad |
| Athbhreithniú ar dhoiciméad | X uair an chloig |
| Cuairt ar an láthair | X uair an chloig |
| Cruinniú deiridh | X- nóiméad |

Má tá aon cheist agat faoin iniúchadh atá beartaithe, téigh i dteagmháil liom le do thoil ar *[Seoladh agus teileafón an Údaráis Inniúil]*

Is mise le meas

*[Ainm agus síniú an phríomhiniúchóra]*

*Foscríbhinn 7*

**Sampla de sheicliosta HACCP**

| DOICIMÉID | TÁ | NÍL | NÓTAÍ TRÁCHTA |
|---|---|---|---|
| RÉAMHRIACHTANAIS | | | |
| An bhfuil plean éifeachtach GHP ann atá mar bhonn agus mar thaca ag an bPlean HACCP? | | | |
| FOIREANN HACCP | | | |
| Ar ceapadh Comhordaitheoir HACCP? | | | |
| Ar roghnaíodh Foireann HACCP? | | | |
| An bhfuil eolas ar scileanna agus ar thaithí na foirne ar fáil agus an bhfuil siad oiriúnach? | | | |
| An bhfuil acmhainní seachtracha á n-úsáid chun cur leis an eolas ar scileanna agus/nó chun cur leis na scileanna?) | | | |
| TÁIRGE | | | |
| Ar ullmhaíodh tuairisc táirge/sonraíocht táirge do gach táirge? | | | |
| Ar sonraíodh an úsáid bheartaithe? | | | |
| An féidir leis an FBO forbhreathnú a thabhairt ar na céimeanna éagsúla sa táirgeadh seo (mar shampla le sreabhchairt)? | | | |
| An bhfuil an tsreabhchairt (nó an forléargas a luaitear thuas) iomlán agus an bhfreagraíonn sé don staid ar an urlár oibre? | | | |
| PRIONSABAL 1 – ANAILÍS GHUAISE | | | |
| An ndearnadh gach guais bhitheolaíoch, cheimiceach nó fhisiceach a shainaithint agus cur síos ceart a thabhairt uirthi ag gach céim? | | | |
| An ndearnadh méid na nguaiseacha sin a mheasúnú? | | | |
| An ndearnadh bearta rialaithe bailíochtaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun na guaiseacha sin a rialú ag gach céim ina sainaithnítear nó ina dhiaidh sin iad? An leagtar amach iad ar chúis na nguaiseacha? | | | |
| I gcás ina léiríonn an anailís ghuaise go bhfuil an GHP leordhóthanach chun na guaiseacha a rialú, an meastar go bhfuil sé seo sásúil? | | | |
| Ar sainaithníodh cláir réamhriachtanais oibríochtúla? | | | |
| PRIONSABAL 2 – POINTÍ RIALÚCHÁIN CRITICIÚLA A CHINNEADH | | | |
| Ar sainaithníodh go soiléir na Pointí Rialúcháin Criticiúla (agus b'fhéidir OPRPanna) maidir le gach guais shuntasach? | | | |
| An bhfuil na Pointí Rialúcháin Criticiúla (agus b'fhéidir OPRPanna) réasúnta agus inchosanta, bunaithe ar anailís riosca? | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ar críochnaíodh treoracha oibre do gach Pointe Rialúcháin Criticiúil (agus b'fhéidir OPRPanna)? | | | |
| An bhfuil toradh na hanailíse guaise agus cinneadh an CCP sásúil (GHP, OPRP agus CCP, más infheidhme)? | | | |
| PRIONSABAL 3 – TEORAINNEACHA CRITICIÚLA | | | |
| An bhfuil teorainneacha criticiúla/critéir ghníomhaíochta leagtha síos do gach Pointe Rialúcháin Criticiúil/OPRP? An bhfuil spriocleibhéil socraithe? | | | |
| An bhfuil an gaol ceart idir an beart rialaithe agus an teorainn chriticiúil/na critéir ghníomhaíochta? | | | |
| An bhfuil fianaise dhoiciméadaithe ag tacú leo? (Reachtaíocht, fianaise thurgnamhach, torthaí foilsithe nó tagairtí eile) | | | |
| PRIONSABAL 4 – NÓSANNA IMEACHTA FAIREACHÁIN | | | |
| An bhfuil nósanna imeachta faireacháin i bhfeidhm maidir leis na Pointí Rialúcháin Criticiúla/OPRP go léir? | | | |
| An sonraítear leis na nósanna imeachta faireacháin cad, cén uair, conas, cá háit agus cén duine/baill foirne atá freagrach? | | | |
| An leor minicíocht an fhaireacháin? An féidir bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme i bhfíor-am dá mbarr? | | | |
| An bhfuil taifid faireacháin á gcoimeád agus á n-athbhreithniú ag an duine/na baill foirne atá freagrach? | | | |
| An léiríonn baill foirne oiliúint leordhóthanach chun na hoibríochtaí faireacháin a chur i gcrích? | | | |
| PRIONSABAL 5 – GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEARTAITHEACHA | | | |
| Ar forbraíodh gníomhaíochtaí ceartaitheacha do gach pointe criticiúil rialaithe? | | | |
| An áirithítear leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha go dtugtar smacht do na CCP/OPRPanna? | | | |
| Ar cuireadh na gníomhaíochtaí ceartaitheacha i bhfeidhm go héifeachtach? | | | |
| An gcumhdaítear táirge, próiseas agus na bearta ceartaitheacha leis na bearta ceartaitheacha? | | | |
| An gcuirtear gníomhaíochtaí ceartaitheacha i bhfeidhm más gá? | | | |
| PRIONSABAL 6 – NÓSANNA IMEACHTA FÍORÚCHÁIN | | | |
| An bhfuil nósanna imeachta fíoraithe i bhfeidhm lena léiriú go bhfuil an clár HACCP éifeachtach?<br>— Taifid a athbhreithniú<br>— Grinniú díreach<br>— Anailís mhicribhitheolaíoch, fhisiceach agus/nó cheimiceach<br>— Iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha<br>— Gearáin a bhainistiú<br>— Eile | | | |
| Ar bailíochtaíodh na teorainneacha criticiúla? Conas? | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An léiríonn na gníomhaíochtaí fíorúcháin go bhfuil na CCP faoi rialú? | | | |
| An léiríonn gníomhaíochtaí fíorúcháin go bhfuil an clár HACCP éifeachtach? | | | |
| An ndearnadh athmheastóireacht ar an bPlean HACCP agus ar modhnaíodh é nuair ba léir nár leor é? | | | |
| An ndearnadh athmheastóireacht ar an bPlean HACCP aon uair a athraítear amhábhair, modhanna agus/nó foirmlí an táirge? | | | |
| PRIONSABAL 7 – TAIFID A CHOIMEÁD | | | |
| Ar coimeádadh taifid chun na teorainneacha criticiúla uile a bhailíochtú? | | | |
| Ar coimeádadh taifid le haghaidh gach nós imeachta faireacháin? | | | |
| Ar coimeádadh taifid do gach gníomhaíocht cheartaitheach? | | | |
| Ar coimeádadh taifid de gach gníomhaíocht fíoraithe HACCP? | | | |
| An gcoimeádtar na taifid chomh fada agus is gá? | | | |
| An bhfuil na taifid sínithe agus fíoraithe? | | | |
| An bhfuil na taifid ag teacht leis na luachanna iarbhír a bhreathnaigh an t-iniúchóir le linn an iniúchta? | | | |
| PLEAN HACCP | | | |
| An bhfuil plean nó pleananna HACCP do gach cineál nó grúpa táirgí? | | | |
| An bhfuil an plean/na pleananna HACCP scríofa á chur/á gcur chun feidhme go héifeachtach? | | | |
| An bhfuil an plean dátaithe agus sínithe? | | | |

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA